



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission



# An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Tuarascáil Bhliantúil  
2022





An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit oibre

Tuarascáil Bhliantúil 2022

Curtha faoi bhráid an Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht  
agus Miondíoltóireacht de réir ailt 23(1) agus 23(3) den  
Acht um Chaidreamh san Áit oibre, 2015.

# Clár ábhair

1.	Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra	6
2.	Príomhtháscairí	8
3.	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit oibre	9
	Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre	9
	An Bord	10
	Bord an Choimisiúin	10
	Táillí/Eitic in Oifig Phoiblí	11
	Coiste Bainistíochta	11
	Buiséad agus Foireann	11
4.	Tuarascálacha Seirbhísí	12
4.1	Faisnéis, Cigireacht agus Forfheidhmiú	12
	Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí	12
	Glaonna chuig Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí	13
	For-rochtain agus Feachtais	15
	Ceadúnú	17
	Seirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe	17
	Cigireachtaí i 2022	18
	Forfheidhmiú Sibhialta Bronntaí Breithnithe	18
	Foinsí na gCigireachtaí	21
	Earnálacha le Spéis ar Leith	22
	Gníomhaíochtaí Thar Lear	26
4.2	Breithniú	28
	Gearáin a Fuarthas 2022	28
	Miondealú Gearán	29
	Iolracha	29
	Éisteachtaí	30
	Iarratais ar Chur Siar	31
	Cinntí	31
	Atreoruithe Faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015	32
	Atreoruithe Faoi Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015	33
	Atreoruithe a Fuarthas faoin Acht Pinsean, 1990	33
	Cinntí na Cúirte Oibreachais maidir le hAchoimhairc WRC	34

<b>4.3</b>	<b>Seirbhísí Idir-réitigh, Comhairleacha agus Eadrána</b>	<b>35</b>
	Idir-réiteach	35
	Saincheisteanna san Idir-Réiteach	36
	Earnálacha san Idir-Réiteach	36
	Atreoruithe chuig an gCúirt Oibreachais	36
	Comhairleacha	37
	Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch	37
	Eadráin	37
	Eadráin Réamh-Bhreithnithe	37
	Eadráin san Áit Oibre	40
	Éascú	41
	Forbairt Faisnéise agus For-rochtain	41
<b>4.4</b>	<b>An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Digiteacha</b>	<b>42</b>
	Rialachas	42
	Acmhainní duine	42
	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide	43
	Uathoibriú Róbatach Próiseas	43
	Cumarsáid agus For-rochtain	43
	Suíomh gréasáin	43
	Na Meáin Shóisialta	44
	Físeáin Fhaisnéise	44
	Áitreabh Oifige an WRC	44
	Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas san Earnáil Phoiblí	45
	Acht na Nochtuithe Cosanta 2014	45
<b>4.5</b>	<b>Seirbhísí Díl</b>	<b>46</b>
	Reachtaíocht Nua	46
	Feidhmeanna	46
	Reachtaíocht Nua	46
	Na hAchtanna um Nochtadh faoi Chosaint 2014-2022	46

<b>FOSCRÍBHINNÍ</b>	<b>48</b>
<b>Aguisín 1</b>	<b>49</b>
Clár Oibre 2022: Torthaí	49
Idir-Réitigh, Comhairleoireacht agus Eadráin	49
Breithiúnas	51
Seirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe	53
Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí	55
Gnóthaí Dí	57
Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Digiteacha	60
<b>Aguisín 2</b>	<b>64</b>
Ciontuithe 2022	64
<b>Aguisín 3</b>	<b>67</b>
Cinntí Breithniúcháin Suntasacha 2022	67
<b>Aguisín 4</b>	<b>93</b>
Dúsháin Dlíthiúla don WRC in 2022	93
<b>Aguisín 5</b>	<b>95</b>
Reachtaíocht trínar féidir gearáin a chur faoi bhráid na Seirbhíse Breithnithiúcháin	95
<b>Aguisín 6</b>	<b>99</b>
Gearáin a cuireadh faoi bhráid an WRC trí reachtaíocht	99
<b>FÍORACHA</b>	
Fíor 1: Treochtaí Ábhair Infoline: 2022	13
Fíor 2: Cineál Glaoiteora ar Infoline	14
Fíor 3: Ceadúnais Ghníomhaireachta a Eisíodh in 2022	17
Fíor 4: Ceadúnais Leanaí a Eisíodh in 2021 agus 2022	17
Fíor 5: Próifíl na gCuartheanna Cigireachta	21
Fíor 6: Foinsí Cigireachtaí in 2022	21
Fíor 7: Iarratais Gearáin agus Sain-Ghearáin de réir na Míosa	28
Fíor 8: Gearáin shonracha de réir Cineál Gearáin	29
Fíor 9: Éisteachtaí a Reáchtáladh de réir Míosa	30
Fíor 10: Atreuithe a Fuarthas faoin Acht Pinsean, 1990	33
Fíor 11: Atreuithe a Fuarthas faoin Acht Pinsean, 1990	34
Fíor 12: Cineálacha Díospóidí a Idir-réitíodh in 2022	36
Fíor 13: Eadránacha Teileafóin agus Aghaidh ar Aghaidh	38
Fíor 14: Méadú 31% ar Eadránacha in 2022	38
Fíor 15: Eadránacha Aghaidh ar Aghaidh 2022	39
Fíor 16: Socruithe nach raibh Airgead i gCeist Ionu	40
Fíor 17: Socruithe nach raibh Airgead i gCeist Ionu	40

# 1

## Tuarascáil an Ard-Siúrthóra



Liam Kelly  
Ard-Siúrthóir

Is mór an pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCAO) a chur faoi bhráid an Aire maidir lena ghníomhaíochtaí in 2022: bliain inar fhill an WRC níos mó agus níos mó ar a mhúnla seachadta seirbhíse réamh-Covid 19 i dtéarmaí rannpháirtíochtaí duine le duine - socrú ar chuir ár bpáirtithe leasmhara fáilte mhór roimhe.

Tá os cionn 210 státseirbhíseach de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag obair leis an WRC agus cuireann 42 Oifigeach Breithniúcháin eile le hobair an WRC, atá ar conradh ag an Aire chun cabhrú leis an WRC cúrsaí fostaíochta, caidreamh tionsclaíoch, comhionannais agus comhionannas stádais a réiteach ar bhonn cás go cás.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag an WRC i sochaí na hÉireann. Idirghníomhaíonn sé le daoine agus le gnólachtaí ar go leor bealaí; ag cabhrú le daoine aonair nó le grúpaí oibríthe difríochtaí a shocrú lena bhfostóir, breithníonn siad díospóidí in áiteanna oibre agus i suíomhanna sóisialta nuair nach féidir le páirtithe aontú ar thoradh, déanann monatóireacht agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh caighdeáin fostaíochta, agus cuireann sé dea-chaidreamh san áit oibre chun cinn agus ardaíonn sé feasacht ar chearta agus ar fhreagrachtaí daoine ar fud na ngníomhaíochtaí seo go léir.

Tugtar léiriú soiléir san athbhreithniú bliana ar thábhacht an WRC mar institiúid reachtúil:

- Chabhraigh ár bhfoireann le beagnach 60,000 glaoiteoir agus iad ag lorg eolais faoi chúrsaí fostaíochta, comhionannais, nó caidreamh tionsclaíoch – méadú 7 faoin gcéad ar 2021 - agus tháinig méadú ar chuirteanna ar ár suíomh gréasáin faoi aon chúigiú go dtí beagán faoi bhun ceithre mhilliún agus ceathrú,
- Tharla beagnach 6,000 cuairt cigireachta chearta fostaíochta agus chuir an Chigireacht béim láidir ar na hearnálacha fáilteachais, iompar de bhóthar, seirbhísí tí agus iascairí. Go deimhin tharla beagnach 700 cuairt i mí na Nollag amháin chun a chinntiú go raibh fostóirí agus fostaithe ar an eolas faoi na nithe ba ghá a dhéanamh agus ab fhéidir a dhéanamh faoin Acht um Shéisíní agus Aiscí a thosaigh ar an gcéad lá den mhí sin,
- Tháinig méadú beagnach 30% ar líon na n-éisteachtaí a tionóladh, agus ar chinntí a d'éisigh Seirbhís Breithniúcháin WRC agus tháinig maolú suntasach ar na tionchair ar sceidealú cáis Covid 19 agus breithiúnas na Cúirte Uachtaraí in 2021 le linn 2022,
- Leathnaigh an WRC samhail a seirbhíse eadrána chun go gcuirfí san áireamh difhostuithe éagóracha a bheith á n-éisteacht go pearsanta i ngach cás, agus, i gcúinsí áirithe, iarratais dhéanacha ar eadráin – dhá thionscnamh ar chuir páirtithe leasmhara fáilte rompu – agus mar thoradh air sin, tháinig méadú 30 faoin gcéad ar líon na bpáirtithe a bhí sásta dul i mbun eadrána agus tharla sé sin i líon na réiteach chomh maith,
- D'éirigh le Seirbhís Idir-Réitigh an WRC, atá lárnach chun dea-chaidreamh san áit oibre a choinneáil in Éirinn agus réiteach éifeachtach díospóidí, beagnach 90 faoin gcéad de na díospóidí sin a réiteach a raibh sí mar eadránaí iontu le linn 2022, ar déileáladh leis an gcuid is mó acu ar shiúl ón spás poiblí, ach bhí roinnt acu san fhearann poiblí agus ghlac na páirtithe a bhí fostaithe le moltaí réitigh an WRC i gcásanna ar nós Ryanair, Aer Lingus, Bus Éireann, Bausch agus Lomb, Zenith Oil, Themo King, Rúnaithe Scoile, agus síneadh an chomhaontaithe “Tógála Móimintim” don tseirbhís poiblí.

Ní thugann na samplaí seo ach tuiscint ghairid ar thábhacht an WRC, ní hamháin in ionaid oibre ach ar fud an gheilleagair agus na sochaí i gcoitinne. Ní féidir barraíocht béime a chur ar na tacair scileanna agus ar an eolas a theastaíonn laistigh d'eagraíocht dá leithéid chun na torthaí seo a sheachadadh. Tá Éire tagtha trí thréimhse an-dúshlánach – áit ar fhan caidreamh san áit oibre seasmhach agus gan mórán cur isteach uirthi ó thaobh na síochána tionsclaíochta de. Bhí ról lárnach ag an WRC maidir leis sin agus, de réir mar a thiocfaidh dúshlán eile roimh an ngeilleagar domhanda sa bhliain amach romhainn, leanfaidh sé ar aghaidh á dhéanamh sin.

Thacaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn go seasta leis an WRC chun cabhrú linn an méid sin a dhéanamh ó thaobh foirne agus acmhainní eile de. Tugtar aitheantas iomlán don tacaíocht sin, agus tá gá leis sin má tá an WRC chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán.

Tá an fhoireann freisin, ríthábhachtach; seachas na tacair scileanna a luaigh mé níos luaithe, tá a ndúthracht gan staonadh le roinnt blianta anuas ríthábhachtach. Agus leanann sé ar aghaidh. Maidir le hobair hibrídeach, seachas foireann allamuigh a oibríonn taobh amuigh den oifig cuid mhaith den am, freastalaíonn foireann WRC ar a n-oifigí trí lá sa tseachtain ar a laghad agus in go leor cásanna ceithre agus cúig lá sa tseachtain. Teastaíonn an patrún tinrimh sin chun tacú go hiomlán le riachtanais straitéiseacha agus oibriúcháin an WRC agus chun a chinntiú go gcuirtear na tacair scileanna a theastaíonn ar fáil do bhaill nua foirne gan mhoill agus, rud an-tábhachtach, go ndéanann siad ceangal ar bhonn pearsanta lena gcuid comhghleacaithe laistigh den WRC.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís leis an Aire agus leis an Roinn as a dtacaíocht agus aitheantas agus buíochas a thabhairt don Chathaoirleach agus don Bhord as a gcomhairle agus as a dtacaíocht freisin – tá sé mar bhonn faoi obair an WRC agus tá sé lárnach ina rath.

Liam Kelly  
Ard-Siúrthóir

# 2 Príomhtháscair





# 3

## An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

### Feidhmeanna an WRC

Is iad seo príomhfeidhmeanna an WRC:

- › Feabhsú an chaidrimh san áit oibre a chur chun cinn, agus dea-chaidreamh san áit oibre a chothabháil,
- › Comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta ábhartha a chur chun cinn agus a spreagadh,
- › Treoir a thabhairt maidir le Cóid Chleachtais a chomhlíonadh,
- › Athbhreithnithe a dhéanamh ar chaidreamh san áit oibre, agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ann, i gcoitinne,
- › Taighde ábhartha a sheoladh nó a choimisiúnú agus comhairle, faisnéis, agus torthaí taighde a sholáthar do Chomhchoistí Saothair agus do Chomhchomhairlí Tionscail,
- › Comhairle a thabhairt don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le reachtaíocht ábhartha a chur i bhfeidhm, agus a chomhlíonadh, agus
- › Faisnéis a sholáthar don phobal maidir le reachtaíocht fostaíochta (seachas an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta).

Laistigh den chreat seo, áirítear ar phríomhsheirbhísí an Choimisiúin seirbhísí eadrána réamhbhreithnithe, eadránacha, idir-réitigh, éascaithe agus comhairleoireachta, a sholáthar, breithniú ar ghearáin agus ar dhíospóidí, monatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha fostaíochta chun comhlíonadh cearta fostaíochta a chinntiú agus (más gá) reachtaíocht ina leith a fhorfheidhmiú, faisnéis a sholáthar, agus gníomhaireacht fostaíochta a phróiseáil agus ceadúnais (fostaíochta) daoine óga a chosaint.

## Bord an Choimisiúin

Tá bord comhairleach ag an WRC atá freagrach as Straitéis agus Clár Oibre bhliantúla an WRC a shocrú. Cuirtear an Clár Oibre faoi bhráid an Aire le haghaidh a cheadaithe faoin 1 Nollaig gach bliain agus cuireadh an Ráiteas Straitéise is déanaí faoi bhráid an Aire in 2021.

Is iad baill an Bhoird an Cathaoirleach an Dr. David Begg, agus ochtar gnáthchomhaltaí arna gceapadh ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta mar a fhoráiltear dó san Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Tá dhá fheidhm reachtúla ag an mBord, is iad sin:

- clár oibre bliantúil don bhliain atá le teacht a ullmhú, i gcomhairle le hArd-Stiúrthóir an WRC.
- i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóir, ráiteas straitéise trí bliana a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire ina leagtar amach straitéis phleanáilte an WRC as seo go ceann trí bliana.

Tháinig an Bord le chéile ceithre huair in 2022.



An Dr David Begg  
Cathaoirleach




In. Ethel Buckley



An tUasal Stephen  
Driver



In. Judith Fitzgerald



In. Sinead Gogan




An tUasal George  
Maybury



An tUasal Brendan  
McGinty



An tUasal Barry O'Brien



In. Virginija Petrauskaite

## Táillí/Eitic in Oifig Phoiblí

Cuireadh in iúl do na comhaltaí Boird, Moltóirí, Coimisinéirí Cearta agus Oifigigh ábhartha uile de chuid an Choimisiúin faoina gcuid oibleagáidí agus/nó chríochnaigh siad na tuairisceáin chuí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, de réir mar is gá. Níl aon táille á fáil ag Cathaoirleach ná ag comhaltaí an Bhoird i dtaca le comhlíonadh a ndualgas mar chomhaltaí Boird.

## Coiste Bainistíochta

Cuimsíonn an Coiste Bainistíochta an tArd-Stiúrthóir agus Stiúrthóirí Rannáin WRC:

- An tUasal Liam Kelly  
Ard-Stiúrthóir
- In. Anna Perry  
Stiúrthóir Idir-Réitigh, Comhairleach agus Eadrána
- In. Aoibheann Ní Shúilleabháin  
Leas-Stiúrthóir Idir-Réitigh, Comhairleach agus Eadrána
- An tUasal David Small  
Stiúrthóir Breithnithe
- An tUasal John Kelly  
Stiúrthóir Faisnéise, Cigireachta agus Forfheidhmithe
- In. Derval Monahan  
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Seirbhísí Digiteacha
- In. Gwendolen Morgan  
Clárathóir agus Stiúrthóir Seirbhísí Dí

## Buiséad agus Foireann

Is oifig de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é an WRC agus maoinítear é ó vóta foriomlán na Roinne.

Ba é €15,696,000 an buiséad a bhí ag an WRC do 2022.

Pá (€)	13,082,000
Neamhphá (€)	2,614,000
Iomlán (€)	15,696,000

Ag deireadh 2022, ba é leithdháileadh na foirne 213 fostaí buan ar státseirbhísigh lánaimeartha iad agus ar chuid d'fhoireann fhoriomlán na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iad. Ina dteannta sin, tá 42 Oifigeach Breithnithe eile ar an bhfoireann a bhfuil conradh acu cabhrú leis an tSeirbhís Breithnithe ar bhonn cás ar chás.

### Foireann WRC: Deireadh Nollag 2022

Grád	FTE Iomlán
Ard-Stiúrthóir	1
Clárathóir	1
Stiúrthóir	5
Abhcóide	1.8
Príomhoifigeach Cúnta/ Oifigeach Cúnta	28.2
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	27.3
Oifigeach Feidhmiúcháin	82.13
Oifigeach um Chomhlíonadh	60
Iomlán	206.43

Tá cúig oifig réigiúnacha ag an WRC: Baile Átha Cliath, Ceatharlach, Corcaigh, Inis, agus Sligeach.

# 4



## Tuarascálacha Seirbhíse

### 4.1 | Faisnéis, Cigireacht agus Forfheidhmiú

#### Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an tAonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí an WRC freagrach as:

- › Faisnéis neamhchlaonta a sholáthar maidir le reachtaíocht lena rialáítear oibleagáidí fostóra, cearta fostaíochta an fhostaí, comhionannas fostaíochta, oibleagáidí comhionannas stádais soláthraithe seirbhíse, caidreamh tionsclaíoch agus ceadanna fostaíochta d'fhostaithe agus d'fhostóirí araon,
- › Iarratais ar ghearáin a phróiseáil a fuarthas le haghaidh Breithnithe/Eadrána,
- › Ceadúnais agus athnuachan na Gníomhaireachta Fostaíochta a phróiseáil, agus
- › Iarratais ar cheadúnais a phróiseáil faoi na hAchtanna um Chosaint Daoine Óga chun leanáí a fhostú atá ag obair i ngníomhaíochtaí scannánaíochta, amharclainne, fógraíochta, ealaíon nó cultúrtha.

Cuirtear eolas ar fáil maidir le cearta fostaíochta, ceadanna fostaíochta, comhionannas agus reachtaíocht eile san áit oibre trí:

- › Líne Faisnéise, Infoline arna hoibriú ag Oifigigh Faisnéise a bhfuil taithí acu (0818 80 80 90)
- › Suíomh gréasáin WRC ([www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie))
- › Cuir i láthair for-rochtana shaincheaptha do pháirtithe leasmhara
- › For-rochtain ghinearálta agus spriocdhírithé
- › Cuireann an Infoline nuashonruithe stádais ar fáil freisin do pháirtithe maidir le gearáin a atreoraítear le haghaidh Breithnithe agus d'iarratasóirí ar Chead Fostaíochta atá ag fanacht le cead

In 2022, nuair a tugadh isteach obair hibrideach faoin gCreat Beartais Oibre Cumaisc don Státseirbhís, d'oiriúnaigh foireann an Aonaid um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí iad féin do chleachtas oibre hibrideacha (ag athrú idir obair ar an láthair agus obair ón mbaile) agus iad ag leanúint ar aghaidh ag coinneáil na gcaighdeán seirbhíse is airde do chustaiméirí.

Chonaic an tAonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí ardú suntasach ina chuid gníomhaíochtaí in 2022 i gcomparáid le 2021 (féach Tábla 1). Tháinig méadú os cionn an chúigiú cuid ar amais leathanaigh an láithreáin ghréasáin agus tháinig méadú 7% ar ghlaonna teileafóin ar déileáladh leo). Astu féin, tháinig méadú suntasach (14% agus 32% faoi seach) ar líon Cheadúnais na Gníomhaireachta Fostaíochta agus na Fostaíochta Leanaí a phróiseáil agus a d'éisigh an tAonad, agus d'fhás gníomhaíochtaí for-rochtana go suntasach de réir mar a mhaolaigh ar na srianta a bhain leis an bpaindéim.


Tablá 1: Gníomhaíocht Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí: 2022

Gníomhaíocht	2022	2021
Glaonna gutháin ar déileáladh leo	59,700	55,800
Radharc gréasáin	4,200,000	3,400,000
Iarratais ar Ghearáin a Próiseáladh	6,200	6,000
Gníomhaíochtaí For-rochtana <sup>1</sup>	34	4
Ceadúnais na Gníomhaireachta Fostaíochta a eisíodh	936	820
Ceadúnais Fostaíochta Leanaí a eisíodh	722	544
Líon leanaí a fostaíodh faoi cheadúnas	1,655	1,202

## Glaonna ar Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí

Mar a tharla in 2021, tá líon na n-glaonna teileafóin chuig an Infoline ag méadú i gcónaí mar a mhéadaigh na gníomhaíochtaí uile sa tseirbhís seo. Léiríonn Tábla 1 thuas an méadú 11% ar ghlaonna ar déileáladh leo in 2022.

Fíor 1: Treochtaí Ábhair Infoline: 2022




<sup>1</sup> Lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail cur i láthair, faisnéisithe, comhdhálacha, agus imeachtaí.

Léiríonn Fíor 1 na hábhair ar chuir an Infoline eolas ar fáil do ghlaiteoirí ina dtaobh in 2022. Cuireadh eolas maidir le Ceadanna Fostaíochta ar fáil do 38% de ghlaiteoirí, laghdú ó 41% in 2021. Ba iad na hábhair choitianta eile ar déileáladh leo i rith na bliana stádas na ngearán a cuireadh faoi bhráid an WRC (17%), ceisteanna ar uaireanta oibre (lena n-áirítear saoire, sosanna, obair oíche agus Dhomhnaigh) agus ceisteanna a bhain le pá, b'ionann iad araon agus 6% an ceann.

Tá an cineál glaoiteora ar déileáladh leis in 2022 leagtha amach i bhFíor 2. Cuimsíonn fostaithe os cionn trí cheathrú de na glaoiteoirí go léir. Is glaoiteoirí ar fostóirí iad a rinne 16% de na glaonna, agus is glaonna ó chomhlachtaí ionadaíocha (fostaithe agus fostóirí) a rinne 3% de na glaonna ar déileáladh leo.

Fíor 2: Cineál Glaoiteora ar Infoline



## For-rochtain agus Feachtas

Tá ról lárnach ag an Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí i gClár For-rochtana ginearálta an WRC. Baintear é seo amach trí chuir i láthair ar reachtaíocht fostaíochta, taispeántais faisnéise, leabhráin faisnéise, bileoga agus litríocht eile a dhearadh agus a tháirgeadh, na meán shóisialta, físeáin agus bainistíocht an láithreáin ghréasáin. I measc samplaí d'fheachtais for-rochtana, bhí an feachtas 'Road to Fair Transport' (a bhain leis an Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí agus le Cigireacht Saothair WRC araon) agus feachtas saincheaptha a raibh sé mar aidhm aige aird a tharraingt ar oibleagáidí fostóirí agus ar chearta oibríthe i dtionscail seirbhíse a raibh tionchar ag an reachtaíocht nua ar Shéisíní agus ar Aiscí orthu.

Lasmuigh de sin, bíonn ról níos suntasaí i gcónaí ag na meán shóisialta i ngníomhaíochtaí for-rochtana WRC agus cabhraíonn siad le ceisteanna a thiomáint chuig suíomh gréasáin WRC. In 2022, bhí 5,544 atreorú ag an suíomh gréasáin ó Twitter, ar méadú 93% é ó 2021 (2,875 atreorú). Cé gur atreoraíodh 3,474 atreorú eile chuig suíomh Gréasáin WRC ó LinkedIn - méadú 78% ó 2021 (1,947 atreorú).

### Tacaíocht do Dhídeanaithe na hÚcráine

Mar fhreagra ar ghéarchéim na hÚcráine agus dóibh siúd atá ag lorg tearmainn in Éirinn, d'fhoilsigh an WRC acmhainn eolais maidir le cearta fostaíochta do theifigh de chuid na hÚcráine a tháinig go hÉirinn i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, dáileadh an acmhainn sin ag pointí iontrála. Ina theannta sin, tá gach ceart fostaíochta, cead fostaíochta agus eolas comhionannais ar shuíomh gréasáin WRC ar fáil san Úcráinis.

### Feachtas: An Bealach go hIompar Cóir

Go déanach in 2022, ghlac an WRC páirt i bhfeachtas ar fud an AE 'Road to Fair Transport'. Seoladh an feachtas i mí Dheireadh Fómhair agus bhí sé ina thionscnamh de chuid an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) chun tacú le coinníollacha oibre cothroma sábháilte d'oibríthe iompair atá fostaithe ar fud thíortha an AE. Bhí an feachtas gníomhach ar fud chainéil na meán sóisialta agus bhí gníomhaíochtaí éagsúla le feiceáil ag aonaid ELA maidir le hionmpar de bhóthar.

Rinne an feachtas:

- feachtas a ardú ar chearta fostaíochta agus ar theidlíochtaí oibríthe iompair, idir intíre agus thrasteorann,
- feachtas ar oibleagáidí reachtúla fostóirí a chur chun cinn, agus
- aird a tharraingt ar an gcúnamh agus ar an tacaíocht atá ar fáil.

Ghlac an WRC páirt ghníomhach san fheachtas agus thug sé réimse príomhtheachtaireachtaí faisnéise ar fud na meán sóisialta. Fuair an feachtas tacaíocht ó Chigirí WRC a rinne cigireachtaí fostóirí spriocdhíríthe chun tacú leis an bhfeachtas.



### Samplaí de Phóstálacha WRC ar na Meáin Shóisialta don Fheachtas #Road2fairtransport



### Feachtas: Séisíní agus Aiscí - Oibríocht Salarium

I rith mhí na Nollag, reáchtáil an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre feachtas (Oibríocht Salarium) a raibh baint ag an Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí agus ag an gCigireacht araon leis, a raibh sé mar aidhm aige aird a tharraingt ar na hathruithe maidir le séisíní agus aiscí faoin Acht nua-achtaithe um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022.

Ag díriú ar fhostóirí agus ar fhostaithe araon i dtionscail a bhaineann go coitianta le séisíní agus le haisc (lena n-áirítear fáilteachas, turasóireacht, gruagaireacht, tacsáí, seirbhísí seachadta), ba é aidhm an fheachtais a ndualgais a chur ar a súile d'fhostóirí agus fóstaithe a chur ar an eolas faoina gcearta faoin reachtaíocht nua. I rith na míosa, thug an WRC os cionn 700 cuairt ar láthair mar chuid den fheachtas.

### Feachtas: Séisíní agus Aiscí - Oibríocht Salarium





## Ceadúnú


### Ceadúnú Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus Ceadúnú Daoine Óga a Chosaint

Déanann an WRC iarratais ar cheadúnais um ghníomhaireacht fostaíochta a phróiseáil thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

### Ceadúnais Gníomhaireachta a Eisíodh in 2021 agus 2022

Ní mór do Ghníomhaireacht Fostaíochta atá ag feidhmiú sa Stát ceadúnas a shealbhú chun a gnó a dhéanamh. Déantar ceadúnais a athnuachan ar bhonn bliantúil. Eisíodh thart ar 936 ceadúnas do Ghníomhaireacht Fostaíochta in 2022.


Fíor 3: Ceadúnais gníomhaireachta a Eisíodh in 2021 agus 2022



### Ceadúnais Leanaí a Eisíodh in 2021 agus 2022

Ina theannta sin, eisíonn an WRC, thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ceadúnais a thugann údarás leanaí a fhostú d'fhostóirí a bhíonn i mbun obair chultúrtha, ealaíne, spóirt nó fógraíochta. Leagtar amach i gceadúnais chun leanaí a fhostú coinníollacha faoina bhféadfar na leanaí a fhostú, lena rialaítear coinníollacha ginearálta fostaíochta, toiliú tuismitheoirí, maoirseacht leanaí, socruithe oideachais, agus uasmhéid na n-uaireanta oibre agus na sosanna íosta is cuí do gach leanbh nó grúpa leanaí a bhíonn fostaithe. In 2022, eisíodh 722 ceadúnas faoinar údaraíodh 1,655 leanbh den sórt sin a fhostú.

Fíor 4: Ceadúnais Leanaí a Eisíodh in 2021 agus 2022



## An tSeirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe

Tábla 3: Gníomhaireacht na Seirbhíse Cigireachta agus Forfheidhmithe 2022

Fostóirí a ndearnadh iniúchadh orthu	3,943
Fostóirí ag sárú oibleagáidí dlí fostaíochta	1,763
Pá Neamhíochta a Aisghabhadh (€)	€1,405,126
Líon na ngearán sonracha a fuarthas	708
Líon Iomlán na gCigireachtaí san Áit Oibre	5,820

Déanann Seirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe an WRC cigireachtaí san áit oibre ar thaifid fostaíochta lena chinntiú go ngéilleann fostóirí do dhlí fostaíochta an Stáit. Mar chuid den phróiseas cigireachta tugann cigirí cuairt ar áiteanna fostaíochta, d'fhéadfaí na cuairteanna sin a bheith fógartha nó gan a bheith fógartha. De réir an dlí, tá cigirí i dteideal dul isteach in aon áit oibre chun a gcuid oibre a chur i gcrích agus is cion coiriúil é bac nó míthreoir maidir le faisnéis a chur ar chigire.

Tá na céimeanna seo a leanas i gceist leis an bpróiseas cigireachta ar dtús:

- Leabhair agus taifid a bhaineann le fostaíocht na bhfostóirí a iniúchadh
- Agallamh a chur ar an bhfostóir nó ar ionadaí an fhostóra
- Agallamh a chur ar na fostaithe

Beidh na cigirí ag plé leis an bhfostóir le linn an phróisis chigireachta agus is é an cuspóir atá acu a dheimhniú go mbíonn an fostóir ag comhlíonadh an dlí fostaíochta ábhartha agus más gá, comhlíonadh an dlí a fhorfheidhmiú.

Chuimseodh an comhlíonadh sin cúiteamh d'fhostaithe lena mbaineann trína n-íocfaí leo aon phá neamhíochta a déireodh as sárúithe reachtaíochta.

Is féidir go ndéanfaí cigireachtaí freisin in éineacht le comhlachtaí rialála eile amhail oifigigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

### Cigireachtaí in 2022

Is gnách go mbíonn gníomhaíocht chigireachta dírithe ar earnálacha inar aithníodh riosca neamhchomhlíonta nó i gcás inar braitheadh neamhchomhlíonadh roimhe seo, trí fhaisnéis nó trí eolas a sholáthraíonn comhlachtaí nó daoine eile (lena n-áirítear comhlachtaí eile Stáit) nó mar fhreagairt ar ghearáin shonracha a fuarthas maidir le neamhchomhlíonadh líomhnaithe ag fostóirí sonracha.

Dúnadh 3,943 cás cigireachta san iomlán in 2022, inar tharla 5,820 cuairt chigireachta ar leith san áit oibre. Le linn na gcuairteanna cigireachta sin braitheadh os cionn 5,700 sárú sonracha ar reachtaíocht.

Is de réir múnla comhlíonta a fheidhmíonn Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe an WRC. Ciallaíonn sé sin gurb é fócas na gcigireachtaí fostóirí neamhchomhlíontacha a thabhairt i gcomhréir lena n-oibleagáidí dlíthiúla. In 2022, fuarthas amach go ndearna thart ar 1,763 fostóir sárúithe. Mar sin féin, chomhoibrigh formhór na bhfostóirí leis an WRC agus d'éirigh siad comhlíontach, rud a d'fhág gur ochtó a naoi ionchúiseamh a rinneadh. As na naoi n-ionchúiseamh is ochtó a tugadh ar aghaidh in 2022, thángthas ar réiteach sásúil i seasca a naoi acu.<sup>2</sup>

Is iad seo na roghanna forfheidhmithe eile atá ar fáil do chigirí WRC, Fógraí Pionós Seasta (sé cinn a eisíodh in 2022) agus Fógraí Comhlíonta (cúig cinn déag a eisíodh in 2022).

Tábla 4: Fionnachtana Forfheidhmithe 2022

Ciontaithe	24
Gníomh Promhaidh	38
Síntiúis Charthanachta	7
Tarraingthe siar	8
Dífe	2
Scríosta Amach	2
Cinneadh gan lonchúiseamh a thabhairt	4
Níorbh fhéidir cúiseamh a dhéanamh	4

### Forfheidhmiú Sibhialta Bronntaí Breithnithe

Faoi Alt 43 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015, féadfaidh fostaí, nó an Coimisiún, thar ceann fostaí, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ag lorg ordaithe a threorú d'fhostóir cloí le cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe. In 2022, phléigh rannán Fhorfheidhmiú Sibhialta an WRC le 74 cás forfheidhmiú sibhialta. In 30 cás, d'íoc an fostóir, tar éis eadrána ó fhoireann forfheidhmithe WRC, an bronnadh breithnithe sular ghá an t-iarratas ar ordú cúirte a dhéanamh. Mar thoradh air sin, aisghabhadh bronntaí d'fhostaithe ar luach €208,044.

I dtaca le fostóir nach gcomhlíonann ordú ón gCúirt Dúiche maidir le cinneadh ó Oifigeach Breithnithe is féidir go gcuirfí an dlí air faoi Alt 51 den Acht. In 2022, ciontaíodh beirt fhostóirí ar an mbonn sin agus gearradh fineáil €500 agus €250 orthu faoi seach, chomh maith le costais a bheith á ndámhachtain ina choinne.

Níor éirigh le 42 iarratas a cuireadh isteach ar fhorfheidhmiú sibhialta mar gheall ar roinnt tosca. Ina measc sin bhí fostóirí scortha de thrádáil, níorbh fhéidir fostóir nó stiúrthóirí a aimsiú, léiriú ar thaobh an fhostóra nach raibh ar a acmhainn íoc nó i gcás nárbh fhéidir cinntí a fhorfheidhmiú go dlíthiúil (i.e., imscrúduithe a rinneadh faoi R.13 den Acht um Chaidreamh Tionsclaíoch 1969).

<sup>2</sup> I measc na dtorthaí rathúla tá ionchúiseamh rathúil, Promhadh agus Síntiúis Charthanachta.

## Cigireachtaí Comhphárteacha

Tá cumhachtaí fairsinge ag Cigireacht WRC chun faisnéis a mhalartú le forais Stáit eile agus déanann sé comhchigireachtaí le forais forfheidhmithe Stáit eile sa chás go gcuirfeadh oibríochtaí comhphárteacha den sórt sin le héifeachtacht na gcomhlachtaí rannphárteacha.

In 2022, rinneadh thart ar 103 cigireacht leis an nGarda Síochána (lena n-áirítear Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána agus Seirbhís Náisiúnta Cosanta an Gharda Síochána).

Rinne cigirí WRC 113 comhchigireacht le hoifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí agus 57 comhchigireacht le hoifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim.


## Gníomhaíocht Chigireachta agus Torthaí de réir Earnálacha Fostaíochta in 2022

Leagtar amach i dtábla 5 sonraí na gníomhaíochta cigireachta in 2022. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur neamhchomhlíonadh ar thaobh na bhfostóirí ar leith a iniúchadh a léirítear i minicíocht na sáruithe ar an dlí fostaíochta agus b'fhéidir nach léiriú ionadaíoch é sin ar an earnáil ábhartha.

Tábla 5: Gníomhaíocht Chigireachta agus Torthaí de réir Earnálacha Fostaíochta: 2022

An Earnáil	Fostóirí a ndearnadh iniúchadh orthu	An líon sáruithe	Minicíocht na Sáruithe %	Fostaithe	Pá Neamhíochta Aisghafa
Seirbhísí Cuntasaíochta & Airgeadais	17	5	29%	1,318	€3,653
Gníomhaíochtaí ag Teaghlaigh mar Fhostóirí	32	19	59%	66	€223
Riarachán & Tacaíocht	17	7	41%	7,535	€5,299
Fógraíocht & Margaíocht	1	0	0%	3	€0
Talmhaíocht	49	23	47%	1,343	€14,416
Ealaíona, Siamsaíocht & Áineas	52	19	37%	638	€7,381
Gníomhaíochtaí Seirbhísí Deochanna	156	76	49%	2,131	€94,698
Tógáil	83	29	35%	1,918	€60,337
Glanadh ar Conradh	19	12	63%	4,717	€14,411
Oideachas	23	7	30%	1,620	€14,920
Conraitheoireacht Leictreach	5	2	40%	2,086	€0
Gníomhaireachtaí Socrúcháin Fostaíochta	18	9	50%	4,236	€3,167
Gníomhaíochtaí eachaí	4	4	100%	16	€261
Iascaireacht	18	9	50%	51	€2,030
Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia	1,390	636	46%	15,905	€492,754
Gruaig & Áilleacht	280	132	47%	1,104	€48,577
Óstáin	89	27	30%	5,413	€95,027
Sláinte an Duine & Obair Shóisialta	59	20	34%	2,034	€34,558
Faisnéis & Cumarsáid	22	6	27%	73	€130
Seirbhísí Dlí	6	1	17%	28	€0
Déantúsaíocht	58	32	55%	6,488	€53,903
Próiseáil Feola	20	15	75%	3,008	€6,079
Seirbhísí Tógála Innealtóireacht Mheicniúil	8	2	25%	644	€576
Cóiríocht Eile	12	7	58%	72	€5,882
Gníomhaíochtaí Seirbhísí Eile	174	74	43%	2,462	€46,928
Seirbhísí Poist & Cúireireachta	4	3	75%	38	€1,163
Seirbhísí Gairmiúla	26	10	38%	403	€965
Riarachán Poiblí	5	0	0%	539	€0
Gníomhaíochtaí Réadmhaoine	6	2	33%	19	€525
Slándáil	15	6	40%	13,284	€4,119
Iompar	49	30	61%	1,147	€29,899
Gníomhaireachtaí Taistil & Tionscnóirí Turas	4	2	50%	32	€0
Seirbhísí Tréidliachta & Sláinte Ainmhithe	7	2	29%	83	€232
Gníomhaíochtaí Ollstóra & Tacaíochta	1	0	0%	350	€0
Soláthar Uisce, Séarachas & Leasúchán Dramhaíola	2	0	0%	4	€0
Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	1,212	535	44%	42,490	€363,013
<b>IOMLÁN</b>	<b>3,943</b>	<b>1,763</b>	<b>45%</b>	<b>123,298</b>	<b>€1,405,126</b>

Fíor 5: Próifíl na gCuartheanna Cigireachta




Léirítear i bhFíor 5 nádúr na gcuairteanna cigireachta a rinneadh in 2022. Is é atá i gceist go ginearálta le cuairteanna gan réamhfhógra cleachtadh próifílithe lena fháil amach cén dóchúlacht gur chloígh fostóir le comhlíonadh agus i gcás ina mbraitear neamhchomhlíonadh nó ina bhfuil amhras ina thaobh go n-osclaítear cás cigireachta iomlán ansin. In 2022, rinneadh 3,336 cigireacht den sórt sin. In 2022, tharla 2,145 cuairt chigireachta mar chuid de chuairteanna cigireacht iomlán agus ar leithligh, rinneadh thart ar 34 cuairt chigireachta mar chuid de chigireachtaí ar earnáil na hiascaireachta. Thug an WRC faoi 35 cuairt freisin chun an fhaisnéis a soláthraíodh in iarratais ar cheadanna fostaíochta a fhíorú.

## Foinsí Cigireachtaí

Léirítear i bhFíor 6 thíos na príomhchúiseanna le cigireachtaí WRC a rinneadh in 2022. Bhí formhór na gcásanna (2,638) bunaithe ar mheasúnuithe riosca a rinne an WRC. Bhain feachtais earnála éagsúla le 638 cás agus bhí 518 eile ann mar thoradh ar ghearáin leis an gcigireacht. I measc na bhfoinsí eile tá atreoruithe ó chomhpháirtithe amhail an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus comhlachtaí poiblí eile.

Fíor 6: Foinsí Cigireachtaí 2022



## Earnálacha Sainspéise

### An Earnáil Iascaireachta

Tá 15 chigire, faoi stiúir Bainisteoir Réigiúnach, oilte agus ar fáil le himlonnú ar oibríochtaí comhlíonta iascaigh. Is ionann sin agus méadú 50% ar Chigirí tiomnaithe WRC i gcomparáid le 2021.

In 2022 lean an WRC air ag cur le hiarrachtaí ilghníomhaireachta chun an Scéim Um Chead d'Oibríthe Neamhghnácha a fhorfheidhmiú d'Iascairí Neamh-LEE a bhí fostaithe sa chabhloch éisc ghil. Le linn na bliana, rinneadh 34 cigireacht ar shoithí éisc ghil in 2022 agus tugadh faoi 18 n-imscrúdú, rud a fhágann gur 533 líon na gcigireachtaí a rinne an WRC agus gur 253 líon na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích, ó cuireadh an Scéim i bhfeidhm i mí Feabhra 2016.

Le linn 2022, braitheadh 11 sárú aonair ar reachtaíocht fostaíochta san earnáil iascaigh, rud a fhágann gur beagnach 400 an líon a braitheadh ó seoladh an Scéim agus tugadh dhá ionchúiseamh eile i rith na bliana chomh maith leis an 20 ar tugadh fúthu ó 2016.

Rinneadh dhá oibríocht spriocdhírithé ar leith in 2022 san earnáil iascaigh, ina ndearnadh cigireachtaí gan réamhfhógra, ag cuanta iascaigh agus áiteanna tuirlingthe eile, Oibríocht Pontus i mí an Mhárta, agus Oibríocht Sirens i mí Dheireadh Fómhair. Tá deich n-oibríocht dá leithéid déanta anois ag an WRC ó 2016.


Faoi láthair, tá imscrúduithe ar siúl ag Cigirí WRC in 52 cás, agus tionscnaíodh imeachtaí dlí in 5 cinn acu fad is atá Fógraí Sárathé tionscanta in 9 gcinn de na cásanna sin. Tá imscrúduithe ar siúl sna 38 cás eile.

In go leor imscrúduithe WRC bíonn Measúnuithe Comhlíonta Mionsonraithe (DCA) ina ndéantar athbhreithniú fóirínseach ar theidlíochtaí iascairí thar thréimhse tagartha 6 mhí. Cé go bhfuil measúnuithe den sórt sin dian ar acmhainní agus nach féidir tabhairt fúthu i ngach imscrúdú, is é cuspóir WRC go mbeadh DCA amháin ag gach úinéir ábhartha bád iascaireachta gach dhá bhliain ar a laghad.

Chomh maith le gníomhaíocht forfheidhmithe, tá roinnt beart faisnéise agus feasachta tugtha isteach ag an WRC ó 2016 chun feasacht agus comhlíonadh cearta fostaíochta i dtionscal na hiascaireachta a fheabhsú.

I mí na Nollag 2021, chuaigh an WRC i gcomhairle le 16 pháirtí leasmhara ábhartha ar iarradh orthu aighneachtaí scríofa a dhéanamh maidir le, i measc nithe eile, bearta for-rochtana breise féideartha d'úinéirí soithí iascaireachta agus d'iascairí imirceacha. Fuarthas aighneachtaí ina dhiaidh sin ó chúigear páirtithe leasmhara.

I dtuarascáil an WRC i mí Feabhra 2022 ar thorthaí an chomhairliúcháin sin, leagtar amach gníomhartha/treochláir lena n-áirítear thart ar 23 beart agus tionscnamh maidir le soláthar, feasacht agus cur chun cinn faisnéise, rannpháirtíocht dhíreach le hiascairí agus le húinéirí soithí agus eagraíochtaí ionadaíocha, oiliúint ar bhealaí cumarsáide agus meáin shóisialta agus ar a n-úsáid.



Tá dhá cheann de na tionscnaimh seo, foilsíú Treoir Fostóirí d'Úinéirí Soithí lascaireachta agus freastal an WRC mar Thaispeántóir ag Taispeántas bliantúil na Scipéirí, a rinneadh cheana féin. Áirítear ar na bearta eile an WRC a bheith ag tabhairt oiliúna sa dlí fostaíochta d'úinéirí soithí agus d'iascairí ag cúrsaí atá á reáchtáil ag Bord lascaigh Mhara, seachadadh seimineáir ghréasáin, inneachar feabhsaithe ar láithreán gréasáin an WRC, clinicí a reáchtáil d'iascairí ag Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh (IFSanna), dearadh bileoige ar Theidlíochtaí lascaigh, cur chuige ilghníomhaireachta, comhordaithe a fhorbairt i leith ardú feasachta i measc úinéirí soithí agus iascairí ar riachtanais agus ar oibleagáidí faoin AWS agus imeacht píolótach a dhéanfaí i halla an bhaile a shocrú d'iascairí imirceacha.

**Employing or thinking of employing fishers?**

**Come on board and learn more about:**

- ▶ Obligations of employers
- ▶ Rights of employees
- ▶ Employment Records that are needed
- ▶ Atypical Worker Permission Scheme
- ▶ Terms of Employment
- ▶ Pay and Wages
- ▶ Hours of work/rest

**Working with the owners and fishers to build positive relationships**

For further information, come and speak to our expert team at:  
Irish Skipper Expo  
25th-26th March 2022  
Stand No 81

QR code, Tel: 0818 80 80 90, www.workplacerelations.ie, @wrc\_ie, **WRC** An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre Workplace Relations Commission

## Seirbhísí i dTeaghlaigh

Dar le Tuarascáil Mheán Fómhair 2021 ón Údarás Eorpach Saothair 'Ag dul i nGleic le hObair Neamhdhearbhaithe in Earnáil na Seirbhísí Pearsanta agus Teaghlaigh' (PHS) go bhfuil claochluithe fadtéarmacha tagtha ar an earnáil seo a d'eascair as an éileamh atá ag ardú ar obair PHS. Rinne an WRC oibríocht chigireachta phiolótach san earnáil seo le linn 2022. Ba é an cuspóir a bhí ann dea-chleachtas a aithint maidir le cigireachtaí san earnáil seo agus i bpatrúin chomhlíonta go ginearálta chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil d'fheachtas amach anseo. Mar chuid den tionscnamh seo tugadh faoi 33 cigireacht fhógraithe agus braitheadh 44 sárú.

Tábla 6: Sárúithe ar Sheirbhís Teaghlaigh in 2022

Sárú	Cásanna
Saoire Bhliantúil	1
Pá Íosta Náisiúnta	1
Duilleoga Pá	2
Laethanta Saoire Phoiblí	2
Coinníollacha Fostaíochta	12
Taifid ar Am Oibre	26
Iomlán	44



As na sárúithe a tugadh faoi deara, bhain thart ar 60% agus 27% de sárúithe le mainneachtain taifid am oibre a choinneáil agus mainneachtain téarmaí fostaíochta a eisiúint, nó na sonraí cearta a lua leis na téarmaí fostaíochta. Tá sé i gceist ag an WRC leanúint le tionscnaimh feasachta ar leith sna réimsí seo.

Le linn na scéime píolótaí, tionscnaíodh thart ar 37 cás imscrúdaithe faoin bhfeachtas píolótach seo. Dúnadh 35 cás in 2022 (57%) agus aimsíodh sárúithe in 20 ceann díobh. Tá dul chun cinn á dhéanamh sa 2 chás atá fágtha, agus aimsíodh sárúithe i gceann amháin acu go dtí seo.



### Slí an Atlantaigh Fhiáin

Rinne an WRC oibríochtaí cigireachta ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2022 feadh na gcodanna thiar thuaidh agus theas de chonair turasóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Ba é an cuspóir a bhí ann comhlíonadh i bhfiontair shéasúracha agus turasóireachta a sheiceáil nach mbeadh le feiceáil go rialta i bhfeachtais spriocdhírthe WRC.

Maidir le gníomhaíocht, tugadh faoi 157 cigireacht, 100 san iarthuaisceart i nDún na nGall, Sligeach agus Maigh Eo, den chuid is mó, agus 57 sa deisceart, i gCorcaigh agus i gCiarraí.

Tábla 7: Feachtas i gcoinne Sárúithe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin

Sárú	Cásanna
Taifid Ama Oibre	36
Téarmaí Fostaíochta	33
Laethanta Saoire Phoiblí	21
(Fostaíocht) Daoine Óga a Chosaint	22
Saoire Bhliantúil	13
Teidlíochtaí an Domhnaigh	10
Duine fostaithe gan chead	5
Duilleoga Pá	4
Taifid Phá	3
Pá Íosta Náisiúnta	2
Iomlán	44

Le linn an fheachtais, tionscnaíodh thart ar 115 cás imscrúdaithe faoin bhfeachtas seo. Dúnadh 73 cás in 2022 (25%) agus aimsíodh sárúithe in 18 díobh sin. Tá an 42 cás eile á gcur chun cinn.

### An Earnáil Phróiseála Feola

Tá an WRC fós gníomhach in earnáil na feola. Tar éis próiseas comhairliúcháin a chur i gcrích le hoibreoirí san earnáil phróiseála feola le linn 2021 chun feachtas a ardú maidir le comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta, lean an WRC dá fheachtas leanúnach cigireachtaí ar oibreoirí laistigh den earnáil feola le linn 2022.

Rinneadh 23 cigireacht san iomlán (idir fógartha agus gan a bheith fógartha) le linn 2022 agus fuarthas amach go raibh 18 (78%) d'fhostóirí a roghnaíodh lena n-íniúchadh ag sárú an dlí fostaíochta. I dtaca leis sin, aisghabhadh €6,078 de phá neamhíochta de thoradh na gcigireachtaí sin.



## EMPACT

Is tionscnamh slándála é EMPACT (Ardán Ildisciplíneach Eorpach in aghaidh Bagairtí Coiriúla) atá á thiomáint ag Ballstáit an AE chun bagairtí a bhaineann le coireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach a aithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. Glacann an WRC páirt i laethanta gníomhaíocht chomhpháirteach EMPACT atá dírithe ar dhúshaothrú an lucht saothair agus gáinneáil ar dhaoine, a mbíonn baint ag cigirí saothair agus ag fórsaí póilíneachta ar fud na hEorpa leo. Rinneadh dhá fheachtas in 2022 mar chuid den tionscnamh seo, inar díriodh ar Dhúshaothrú Saothair agus ar Dhúshaothrú Saothair san earnáil Talmhaíochta.

Cúig Lá Gníomhaíocht Chomhpháirteach a bhí i bhfeachtas Dhúshaothrú Saothair EMPACT 2022 i rith na seachtaine an 15-21 Meitheamh 2022. San iomlán, rinne an WRC thart ar 172 cigireacht le linn an fheachtais agus braitheadh 171 sárú ar reachtaíocht. Cuireadh saincheistanna eile a braitheadh lasmuigh de shainchúram an WRC faoi bhráid na ngníomhaireachtaí Stáit ábhartha.

Tharla Laethanta Gníomhaíocht Chomhpháirteach EMPACT 2022 i gcoinne dúshaothrú saothair san Earnáil Talmhaíochta i rith na seachtaine an 14-21 Meán Fómhair 2022, rinne Cigirí WRC cigireachtaí ar fud na hÉireann ar fhostóirí a oibríonn laistigh den earnáil talmhaíochta lena n-áirítear foraoiseacht, torthaí agus feirmeacha glasraí, feirmeacha beostoic (ainmhithe agus éanlaith). Ar an iomlán, tugadh faoi 28 cigireacht gan réamhfhógra san iomlán, agus braitheadh 17 sárú ar reachtaíocht fostaíochta.

## Iompar de Bhóthar

Rinne igireacht WRC feachtas gairid dírithe ar ghníomhaíochtaí iompair de bhóthar, go háirithe cuideachtaí iompair, oibreoirí cóiste agus cúiréirí i mí Iúil 2022, agus rinneadh iniúchadh lena linn sin ar 12 fhostóir ina raibh 594 Fostaí. Na sárúithe a braitheadh ag am an iniúchta bhain siad, go príomha, le taifid fostaíochta, mar aon le líon beag sárúithe a bhain le téarmaí agus le coinníollacha fostaíochta.

Ar an iomlán, le linn 2022 rinneadh iniúchadh ar chóir a bheith 70 fostóir sa tionscal, inar áiríodh cuideachtaí iompair dramhaíola agus gnólachtaí tacsáí chomh maith le hiompar de bhóthar per se. Braitheadh sárúithe ar an dlí fostaíochta ag daichead fostóir agus aisíocadh €32,149 de riaráiste pá le fostaithe. Tugtar breac-chuntas ar shonraí i dtábla 8 thíos.

Tábla 8: Sárúithe ar Iompar de Bhóthar 2022

Contravention	Instances
Taifid Ama Oibre	34
Téarmaí Fostaíochta	17
Laethanta Saoire Phoiblí	5
(Fostaíocht) Daoine Óga a Chosaint	0
Saoire Bhliantúil	8
Teidlíochtaí an Domhnaigh	1
Duine fostaithe gan chead	2
Duilleoga Pá	1
Taifid Phá	2
Pá Íosta Náisiúnta	1
Asbhaint Neamhúdaraith	3
Neamhchomhlíonadh le Cigire	1
Iomlán	75

## Gníomhaíochtaí Thar Lear

Le linn 2022, ghlac an WRC páirt i seimineáir, cruinnithe agus ceardlanna a d'eagraigh an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA). Bíonn an ELA ag tacú le Cigirí Saothair i mBallstáit lena gcuid acmhainne a fhorbairt i réimse na cigireachta le haghaidh comhlíonadh sna réimsí ina bhfuil soghluaisteacht saothair forleathan, agus ag brath agus ag dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe i gcoitinne. Luaitear thíos roinnt de na gníomhaíochtaí:

- D'óstáil Cigireacht WRC toscaireacht ón gCipir an 27/28 Meán Fómhair 2022. Ba é cuspóir na hócáide faisnéis, taithí agus dea-chleachtas a mhalartú idir an WRC agus comhghleacaithe ón gCipir maidir le cigireacht saothair agus creataí slándáil shóisialta na hÉireann.



C go D: Leonard Carrigan, WRC; Danny Losty, Oifigeach Idirchaidrimh Náisiúnta ELA na hÉireann; Finnian Ó Gallchóir, DSP; Anna Katsexou, Cigireacht Saothair, an Chipir; Tonia Antoniou, Cigireacht Chaidreamh Saothair, An Chipir & Nicholas Artemis, Oifigeach Sins. Slándáil Shóisialta, an Chipir.

- Ghlac Cigire WRC agus comhghleacaithe ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre páirt in oibríocht dhá lá, arna chomhordú ag an ELA, in Roscoff i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo. Ba é a chuspóir sin breathnú ar oibríochtaí chigirí lompair agus Saothair na Fraince, saineolas agus taithí a mhalartú, acmhainn a fhorbairt in earnáil an iompair de bhóthar agus sa líonra le comhlachtaí forfheidhmithe eile ar fud na hEorpa.

- Thug Cigirí WRC cuairt ar Údarás Saothair na hÍsiltíre mar chuid den Chlár Eorpach um Obair Neamhdhearbhaithe do 2021-2022.

- Ghlac Cigirí WRC páirt freisin in oibríocht idirnáisiúnta le cigirí eile sa Spáinn an 15 Meitheamh 2023 lenar bhain Údarás na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre, cigirí Saothair na Spáinne agus cigirí slándáil shóisialta, Iompar Malta agus an Guardia Civil. Ba é cuspóir na hoibríochta a chinntiú go gcuirtear rialacha an AE maidir le soghluaisteacht saothair agus comhordú slándáil shóisialta i bhfeidhm ar bhealach cothrom, simplí agus éifeachtach.



Feictear Oifigigh an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, Cigireacht WRC (an Cigire Bernie Shelly agus Ceannaire Foirne Cigireachta Paula Coogan sa tríú agus sa cheathrú háit ón taobh clé), CIGIRÍ LUCHT OIBRE NA SPÁINNE AGUS CIGIRÍ SLÁNDÁIL SHÓISIALTA, Iompar Malta agus an Guardia Civil ag an Aireacht Iompair, Soghluaisteachta agus Clár Oibre Uirbeach (MITMA) i Maidrid.

- D'óstáil an WRC toscaireacht de Chinnirí Aonad ón Údarás Eorpach Saothair ar an 13 Deireadh Fómhair 2022. Phléigh an cruinniú, a raibh oifigigh ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre páirteach ann freisin, ceisteanna reatha atá ag an WRC agus ag an ÚSB chomh maith leis na tacaíochtaí is féidir le ELA a thabhairt do chigireachtaí náisiúnta.



Cruinniú de Chinnirí Aonad ELA, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre Barr C go D: Irene Mandl, Slavka Eley, Pedro Assares agus Malcolm Scicluna (ELA ar fad) Bun C go D: Danny Losty (Oifigeach Idirchaidrimh Náisiúnta ELA na hÉireann), Mary Flynn (WRC), Fran Power, (WRC) Justin Martin (ÚSB), John Kelly (WRC)

## 4.2 | Breithniú


Déanann an tSeirbhís Breithniúcháin imscrúdú ar dhíospóidí, casaoidí agus éilimh a dhéanann daoine aonair agus grúpaí faoi fhostaíocht, comhionannas agus reachtaíocht stádas comhionann. Tá an reachtaíocht faoina bhféadfar gearáin a dhéanamh leagtha amach in Aguisín 5.

Foilsítear cinntí agus moltaí uile na Seirbhíse ar shuíomh gréasáin WRC. I bhformhór na gcásanna ainmnítear na páirtithe cé is moite de dhíospóidí caidreamh tionsclaíoch nó nuair a bhíonn an tOifigeach Breithnithe den tuairim go bhfuil “cúinsí speisialta” ann a éilíonn ar na páirtithe fanacht anaithnid.

### Gearáin a Fuarthas in 2022

Le linn 2022, fuarthas thart ar 6,263 iarratas ar ghearáin ina raibh 12,790 gearán aonair - dhá ghearáin shonracha (aonair) ar an meán in aghaidh an iarratais ar ghearáin. B'ionann sin agus méadú 4.5% agus 6.5% faoi seach d'iarratais ar ghearáin agus de ghearáin aonair i gcomparáid le 2021.

Fíor 7: Iarratais Gearáin agus Sain-Ghearáin de réir na Míosa




## Miondealú Gearán

### Gearáin shonracha de réir Cineál Gearáin

As an 12,780 gearán sonrach a fuarthas, baineann thart ar 3,363 (26%) le Pá, 1,851 (14%) a bhain le hIrdhealú, Comhionannas & Stádas Comhionann - méadú 16% i gcomparáid le 2021, 1,518 (12%) a bhain le Dífhostú Éagórach - laghdú 10% i gcomparáid le 2021, agus is Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta ab ábhar do (10%) gearán - méadú 26% ar 2021.

Fíor 8: Sain-Ghearáin de réir Chineáil Gearáin



## Ilghearáin

Bíonn an Rannán Breithniúcháin go fóill ag fáil grúpaí gearán (ilghearáin) ina luaitear an freagróir céanna. As an 6,263 iarratas ar ghearán a fuarthas idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2022, bhain beagnach an cúigiú cuid (1,163) le hilghearáin. Go deimhin, tá siad chomh líonmhar sin, gurb ionann iad agus 45% de na hiarratais reatha “bheo” ar ghearáin.

Chun na gearáin sin a chur chun cinn ar bhealach ordúil agus éifeachtach, is minic a aithníonn an WRC, agus é ag obair leis na páirtithe, príomh-chásanna “tástála”, a bhféadfaí a bhfionnachtana a chur i bhfeidhm ar gach gearán ábhartha eile a fhaightear.

Faoi láthair, tá líon suntasach de na cásanna “tástála” seo ar siúl le Cúirteanna níos airde ó thaobh achomhairc agus/nó pointí dlí agus, mar sin, ní féidir leis an WRC na cásanna sin ná na “ilghearáin” a bhaineann leo a thabhairt níos faide ag an bpointe seo.

Ós rud é go gcruthaíonn lóisteáil foirmeacha ilghearáin de lámh méid suntasach obair riaracháin don WRC, moltar go láidir an fhoirm ghearáin leictreonach ar líne a úsáid.

## Éisteachtaí

### Éisteachtaí Sceidealta

Déanann an WRC éisteachtaí go pearsanta agus go cianda araon, is ar bhonn pearsanta a dhéantar 70% ar an meán agus déantar 30% ar bhonn cianda.

Tháinig méadú os cionn an chúigiú cuid (22%) ar éisteachtaí atá sceidealaithe nó á dtairiscint do pháirtithe i gcomparáid le 2021. Maidir leis seo, tairgeadh éisteacht do thart ar 7,542 comhad gearáin (i.e., gearáin aonair nó chuachta ó dhuine aonair) in 2022 - 150 sa tseachtain ar an meán. As an iomlán sin, cuireadh thart ar 1,638 (22%) ar athló agus tarraingíodh siar 1,287 (17%) eile roimh an dáta éisteachta. Chuir an WRC cinn eile ar ceal mar gheall ar chúinsí ar leith, mar shampla páirtithe gan a bheith ar fáil ag an nóiméad deiridh nó socraíocht ar lá na héisteachta.


### Éisteachtaí a reáchtáladh

Tionóladh 4,253 éisteacht bhreithnithe ar an iomlán sa tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022 - méadú 933 (28%) ar an 3,320 éisteacht a seoladh in 2021.

Seachas na cásanna iolracha dár tagraíodh níos luaithe nó na gearáin sin nach féidir a chur chun cinn go dtí go ndéanfar soiléiriú ar phointe áirithe dlí i gCúirt níos airde, sceidealáíodh nó tugadh éisteacht do gach gearán a fuarthas roimh 2022 agus dúnadh thart ar 20% de na gearáin a fuarthas in 2022 faoi dheireadh na bliana.

Is fiú a thabhairt faoi deara, tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in Zalewski v An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Oifigeach Breithnithe, Éire agus an tArd-Aighne (2021), gurb é tairgeadh na bpáirtithe go léir go bhfuil éisteachtaí ag tógáil níos faide mar a bheifí ag súil leis i bhfianaise an riachtanais maidir le dearbhú fianaise faoi mhionn, croscheistiú, agus atráthanna. Bíonn tionchar éigin aige sin ar Oifigigh Bhreithnithe a bheith ar fáil ar feadh lá éisteachta ar leith ó thaobh líon na n-éisteachtaí is féidir a chur i gcrích agus/nó na ngearáin a d'fhéadfaí a réiteach.

Fíor 9: Éisteachtaí a Reáchtáladh de réir Míosa



## Iarratais ar Chur Siar

I gcúinsí ar leith, b'fhéidir go gcaithfeadh páirtí a iarraidh go gcuirfí éisteacht sceidealta gearáin ar athló. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag iarchurtha den sórt sin ar an bpáirtí eile agus ar úsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní an WRC. Mar sin, is go cúramach a mheasann an WRC gach iarratas ar athló agus aird chuí á tabhairt do chearta na bpáirtithe ar nósanna imeachta cothroma agus ar dheifir réasúnach maidir le gearán atá sceidealta a réachtáil.

Fuarthas 2,595 iarratas ar éisteacht a chur ar athló nó ar chur i gcoinne éisteachtaí cianda ó na páirtithe le linn 2022, arbh ionann é agus méadú 2,216 (17%) i gcomparáid le 2021. As na faduithe a lorgaíodh, deonaíodh thart ar 63% (1,638).

Na príomhchúiseanna a luaigh páirtithe, bhain siad le Covid-19 agus le tinneas gaolmhar eile agus ba iad sin 27% d'iarratais den sórt sin agus bhí 17% eile ina dhiaidh sin ar theastaigh am ullmhúcháin breise uathu, bhain an chuid eile le finné gan a bheith ar fáil nó laethanta saoire réamháirithe.

## Próiseas Cur Siar

Foráiltear le Beartas Cur Siar an WRC cur siar uathoibríoch i gcúinsí ina bhfaightear iarratais laistigh de chúig lá oibre ó dháta litir fógra na héisteachta ina mbíonn toiliú scríofa an pháirtí eile ag gabháil leis an iarratas sin. Ligeann iarratais den sórt sin don WRC an dáta sin agus an tOifigeach Breithnithe a úsáid i gcomhair cásanna eile. Mar sin féin, is ionann iarratais luatha den sórt sin agus níos lú ná 10% d'iarratais ar chur siar.

Chun an chuid eile a phróiseáil, is éigean don WRC faisnéis agus cáipéisíocht a fháil ó pháirtithe, cinntí a dhéanamh maidir leis na hiarratais agus is minic a chailtear lá éisteachta a bheadh ar fáil ach ab e sin nuair a fhaightear an t-iarratas ródhéanach chun an sliotán ama a "chúl-líonadh". Lasmuigh de sin, níl sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh páirtithe ar fáil le haghaidh éisteachtaí a thiofadh a bheith casta go minic, aighneachtaí a ullmhú agus ionadaithe a chur ar an eolas agus fógra níos lú ná ceithre seachtaine a bheith acu. Mar sin, cuireann iarratais ar athló atá déanach moill agus míchaoithiúlacht mhór ar gach páirtí.

## Cinntí

Rinneadh beagnach 2,000 (1,968) Cinneadh/ Moladh in 2022, méadú 419 (27%) i gcomparáid le 2021.

Leagtar amach in Aguisín 4 roinnt cinntí suntasacha de chuid an WRC.

As an 12,790 gearán aonair a fuarthas in 2022 dúnadh thart ar 2,596 (20%) díobh faoi dheireadh na bliana. As a measc sin dúnadh a leathchuid acu tar éis idirghníomhaíocht leis an WRC, i.e., cinneadh déanta, caite amach, socrú déanta ar lá na héisteachta, arna idirghabháil ag an WRC nó tarraingthe siar le linn/tar éis breithnithe nó eadrána. Tarraingíodh siar cion suntasach (48%) roimh bhreithniú (rinneadh socrú idir na páirtithe nó tharraing an gearánaí an cás siar) agus tá an chuid eile ag fanacht le dáta éisteachta nó le cinneadh.

## Atreoruithe Faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015

Chonacthas laghdú i mbliana ar atreoruithe gearáin faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015 sa mhéid is go ndearnadh thart ar 506 atreorú faoi na hAchtanna le linn 2022, a bhain le 748 foras sonrath i gcomparáid le 572 atreorú in 2021 a bhain le 810 foras sonrath – laghdú díreach faoi bhun 12% nuair a chuirtear i gcomparáid le 2021 iad.

Laistigh de na hatreoruithe foriomlána, chonacthas méaduithe i gcúig cinn de na deich bhforas dá bhforáiltear sa reachtaíocht. Bhí na méaduithe is mó i mBallraíocht an Lucht Siúil (+146%) le 150 atreorú, agus (+56%) i gcúrsaí Cine. Cé gur in atreoruithe faoi mhíchumas a taifeadh an ráta atreoraithe is airde ar an iomlán faoi na forais reachtúla a tugadh, b'ionann é, le 157 atreorú, agus laghdú 57% ar na hatreoruithe a rinneadh in 2021.

Forais um Stádas Comhionann	2021	2022	Difríocht (%)
Aois	54	35	-35%
Stádas Sibhialta	38	37	-3%
Míchumas	362	157	-57%
Stádas Teaghlaigh	44	53	+20%
Inscne	71	49	-31%
Ball de na Taistealaithe	61	150	+146%
Cine	85	133	+56%
Creideamh	29	25	-14%
Gnéaschlaonadh	8	12	+50%
Cóiríocht	58	97	+67%
Iomlán	810	748*	-8%

\* Nóta: Cé go bhfuarthas 572 atreorú, luadh 810 foras mar gur féidir le gearánaigh níos mó ná foras amháin a roghnú agus gearán sonrath á dhéanamh acu.



## Atreoruithe Faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

In 2022, atreoraíodh 1,275 gearán faoin reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta inar luadh 1,677 foras sonracha idirdhealaithe. Is méadú mór é sin de 37% ar na hatreoruithe faoin reachtaíocht i gcomparáid le 2021 (932) inar luadh 1,347 foras sonracha.

Laistigh de na hatreoruithe foriomlána, is sna forais a bhain le hAois a bhí an méadú is airde (514) méadú suntasach 176% é sin i gcomparáid le 2021. Ina dhiaidh sin tháinig méadú 8% ar Mhíchumas (349) i gcomparáid le 2021. Cé gur rangaíodh é sa tríú háit in atreoruithe foriomlána, tháinig laghdú 8% in aghaidh na bliana ar an bhforas Inscne.


Miondealú ar ghearáin shonracha de réir forais	2021	2022	Difríocht (%)
Aois	186	514	176%
Stádas Sibhialta	42	65	55%
Míchumas	323	349	8%
Stádas Teaghlaigh	202	183	-9%
Inscne	316	286	-9%
Ball den Lucht Siúil	20	26	30%
Cine	181	166	-8%
Creideamh	41	65	58%
Gnéaschlaonadh	36	23	-36%
Iomlán	1347	1677*	24%

\* Cé go bhfuarthas 1,275 atreorú faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, luadh 1,677 foras, toisc gur féidir le gearánaigh níos mó ná foras amháin a roghnú agus gearán sonracha á dhéanamh acu.

## Atreoruithe a Fuarthas faoin Acht Pinsean, 1990

In 2022, fuarthas thart ar 43 atreorú faoin Acht Pinsean, 1990: méadú 65% ar 2021.

Fíor 10: Atreoruithe a Fuarthas faoin Acht Pinsean, 1990




## Cinntí na Cúirte Oibreachais maidir le hAchomhairc WRC

Cuireadh an WRC ar an eolas faoi 310 cinneadh a d'éisigh an Chúirt Oibreachais in 2022 a bhain le hachomhairc ar Chinntí agus/nó Mholtaí Oifigeach Breithnithe an WRC.

Astu sin, seasadh le thart ar 166 (53%), leasaíodh 70 (23%), cuireadh 68 (22%) ar ceal fad is nár breithníodh an chuid eile. Tá na torthaí sin ag teacht tríd is tríd leis na blianta roimhe seo.

Fíor 11: Atreoruithe a Fuarthas faoin Acht Pinsean, 1990



Fionnachtana na Cúirte Oibreachais	2018	%	2019	%	2020	%	2021	%	2022	%
Cinntí a eisíodh	372		383		142		275		310	
Seasadh leo	179	48%	171	45%	69	49%	171	62%	166	53%
Leasaithe / Athraithe	88	24%	110	29%	30	21%	47	17%	70	23%
Curtha ar ceal	99	26%	81	21%	33	23%	50	18%	68	22%
Teipthe: Teorainneacha Ama/ Dlínse/Eile	6	2%	21	5%	10	7%	7	3%	6	2%

## 4.3 | Seirbhísí Idir-Réitigh, Comhairleacha agus Eadrána

Cuireann Rannán Idir-Réitigh, Comhairleach agus Eadrána (CAM) an WRC le timpeallacht chaidrimh thionsclaíoch na hÉireann trí oibriú ag leibhéal náisiúnta, earnála agus frontair le frontair phríobháideacha, ceardchumainn, eagraíochtaí fostóirí, ranna rialtais / gníomhaireachtaí stáit agus fostaithe chun caidreamh tionsclaíoch forásach agus cleachtais agus próisis bhainistíochta acmhainní daonna a chur chun cinn agus a fhorbairt. Soláthraíonn an Rannán d'úsáideoirí na seirbhíse sraith neamhchlaonta, thráthúil agus éifeachtach de Sheirbhísí Idir-Réitigh, Comhairleacha agus Eadrána lena n-áirítear clár feasachta oideachais agus oiliúna thar réimse topaicí a bhaineann le hobair.

### Idir-réiteach

Is é tuairim an WRC gurb í an idirghníomhaíocht duine le duine an modh is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun réiteach a bhaint amach do pháirtithe a bhfuil baint acu le díospóidí. Is fearr a chothaíonn rannpháirtíocht iomlán idirphearsanta idir na páirtithe féin le cúnamh ó fhoireann chomhréiteoirí an Rannáin nádúr rúnda an phróisis idir-réitigh agus cruthaíonn sé sin an spás do pháirtithe chun a réitigh féin ar aighnis a fhorbairt i gcomhpháirt. Chuige sin, bhog an Rannán ar shiúl den chuid is mó ón 'radharc gailearaí' ar an scáileán den rannpháirtíocht fhíorúil agus d'fhill sé ar rannpháirtíocht duine le duine tar éis deireadh a theacht le srianta Covid-19 go luath in 2022.

Den chuid is mó, is ceisteanna pá, strúctúr eagraíochtúil agus caidreamh tionsclaíoch a bhí ar na príomhnithe le teacht chun cinn a atreoraíodh le haghaidh idir-réitigh. Mar thoradh ar bhrúnna boilscithe bhí éilimh ar mhéaduithe níos airde ar idirbheartaíocht phá agus tharla méadú 9% ar atreoruithe a bhain le struchtúr eagraíochtúil – mar thoradh b'fhéidir ar thionchar na paindéime ar eagraíochtaí.

Lasmuigh de sin, d'éirigh leis an Rannán Idir-Réitigh plé criticiúil a éascú idir an Rialtas agus ceardchumainn na Seirbhíse Poiblí i dtaca le téarmaí pá agus le síneadh a chur le comhaontú 'Tógála Móimintim' na seirbhíse poiblí.

Fuair an Coimisiún 555 iarratas ar idir-réiteach in 2022 a d'fhág gurbh éigean thart ar 744 comhdháil idir-réitigh a reáchtáil. Baineadh ráta réitigh 88% amach.

## Saincheisteanna san Idir-Réiteach

Léirigh iarratais ar Idir-reiteach réimse saincheisteanna a bhí a bheag nó a mhór cosúil leo siúd a atreoraíodh in 2021. Sna hatreoruithe a fuarthas in 2022 áiríodh na nithe seo:

- Saincheisteanna Pá (44%),
- Struchtúr Eagraíochtúil amhail sealobair, soláthar foirne, athstruchtúró, uainchláir, uaireanta oibre, athrú ar chleachtais oibre, ath-implonú, agus earcaíocht (28%),
- Saincheisteanna caidreamh tionsclaíoch amhail athruithe ar théarmaí agus ar choinníollacha fostaíochta, teicneolaíochtaí nua, comhaontuithe bainistíochta / ceardchumann, grádú, táirgiúlacht, foinsíú allamuigh srl (19%),
- Iomarcaíocht (2%),
- Bainteach le Pinsean (3%),
- Cineálacha Saoire (3%),
- Sochair amhail bónais, roinnt an bhrabúis, pá seirbhíse, pá breoiteachta, dreasachtaí foirne, costais srl. (1%).


## Earnálacha san Idir-Réiteach

Rinne an Coimisiún comhaontuithe a shocrú ar fud réimse earnálacha sa gheilleagar, a bhfuil go leor acu san fhearann poiblí cheana féin ar nós Aer Lingus, Ryanair, Bausch agus Lomb, agus Bus Eireann. Chuir an tSeirbhís go mór leis na hearnálacha poiblí agus cúram sláinte freisin lena n-áirítear rannpháirtíochtaí trínar cuireadh síneadh le comhaontú ‘Tógála Móimintim’ na seirbhíse poiblí agus trínar réitíodh aighneas seanbhunaithe a bhain le heolaithe saotharlainne míochaine.

## Atreoruithe chuig an gCúirt Oibreachais

Cuireadh 61 cás ar fad faoi bhráid na Cúirte Oibreachais le haghaidh molta faoi Alt 26(1) den Acht um Chaidreamh Tionscail 1990 nuair nach raibh réiteach inbhainte amach ag idir-réiteach. I bhformhór na gcásanna, is suntasach an ról a bhí ag próiseas idir-réitigh an WRC chun na difríochtaí idir na páirtithe a laghdú agus bheachtaigh sé an tsaincheist ag éileamh moladh cinntitheach ón gCúirt Saothair chun an t-aighneas a réiteach.

Fíor 12: Cineálacha Díospóidí a Idir-réitíodh in 2022



## Comhairle

### Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Má dhéanann an WRC athbhreithniú ar chaidreamh tionsclaíoch laistigh d'eagraíocht bíonn measúnú domhain ar an ionad oibre i gceist chun caidreamh tionsclaíoch nó saincheisteanna san áit oibre a aithint. D'fhéadfadh an eagraíocht iomlán a bheith i gceist san athbhreithniú nó gné scoite den eagraíocht nuair nach dtagann na deacrachtaí atá le brath chun cinn ach amháin maidir le grúpa áirithe. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, b'fhéidir go gcuimseodh toradh an athbhreithnithe moltaí saincheaptha ar an gcaoi a bhféadfaí cleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú chun cur le réiteach na ceiste agus is minic a leanfaidh an WRC ag obair leis an eagraíocht lena mbaineann chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

D'fhéadfadh cleachtaí bailithe faisnéise amhail agallaimh aonair, ceistneoirí nó grúpaí fócais a bheith san áireamh in athbhreithniú tipiciúil chun cabhrú le haon fhadhbanna a aithint go cruinn agus oibriú leis na páirtithe chun teacht ar réitigh éifeachtacha.

Filleadh i mbliana ar níos mó rannpháirtíochta duine le duine sa tSeirbhís Chomhairleach de réir mar a mhaolaigh srianta a bhain le Covid. Fuair an WRC sé iarratas nua ar chúnamh ón tSeirbhís Chomhairleach in 2022 agus is iad sin – mar aon leis na hocht gcinn atá ar siúl cheana féin – formhór na hoibre Comhairlí i rith na bliana. Ar an iomlán, faoi dheireadh na bliana, bhí 9 léirmheas curtha i gcrích agus an chuid eile réitithe nó fós ar siúl.

Tá an tSeirbhís Chomhairleach fós ag plé le cúnamh níos fadtéarmaí sna heagraíochtaí sin a bhí ina n-ábhar athbhreithnithe cheana féin roimh 2022.

## Eadráin

Soláthraíonn an WRC dhá chineál eadrána ar leith; eadráin réamhbhreithnithe (duine le duine agus ar an teileafón) chun cabhrú le réiteach gearáin shonracha a atreoraítear chuig an WRC, agus eadráin san áit oibre chun saincheisteanna leanúnacha idirphearsanta idir daoine nó grúpaí daoine a réiteach.

### Eadráin Réamh-Bhreithnithe

Foráiltear i leith Eadráin Réamh-Bhreithnithe faoi Alt 39 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 agus tá sé ar fáil le haghaidh beagnach gach gearáin bunaithe ar chearta a atreoraítear chuig an tSeirbhís Breithniúcháin ina n-aontaíonn an dá pháirtí páirt a ghlacadh agus i gcás ina mbíonn an tArd-Stiúrthóir den tuairim gur féidir an t-ábhar a réiteach trí eadráin.

Is é an buntáiste a bhaineann le headráin a thairiscint roimh dhul ar aghaidh chuig breithniú go n-íoslaghdaíonn sé an t-am agus an costas do na páirtithe agus dá n-ionadaithe agus iad ag ullmhú agus ag dul ar aghaidh chuig éisteacht iomlán bhreithnithe, chomh maith le tionchar dearfach a bheith aige ar acmhainní WRC agus ar úsáid éifeachtach maoinithe íocóirí cánach. Tugann sé deis freisin do na páirtithe aontú le chéile ar réiteach a oireann dá riachtanais ar bhealach rúnda agus atá ceangailteach ó thaobh an dlí de.

Go luath in 2022, rinne an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar an tseirbhís eadrána réamhbhreithnithe d'fhonn deiseanna a aithint chun an tseirbhís a fhorbairt agus na cuspóirí seo a leanas a chomhlíonadh:

- Rannpháirtíocht san eadráin a mhéadú
- Cuidiú le líon na ngearán a théann ar aghaidh chuig breithniú iomlán a laghdú
- Cuidiú le líon na n-éisteachtaí breithnithe a chuirtear siar a laghdú

Tar éis na hanailíse sin, thug Seirbhísí Eadrána dhá athrú shuntasacha isteach ar an gcaoi a seachadann an WRC seirbhísí eadrána:


- (1) athrú ar sheachadadh eadrána le haghaidh gearáin difhostú éagórach, agus
- (2) tionscadal píolótach sé mhí larratas Déanach ar Sheirbhís Eadrána a thabhairt isteach

## Eadránacha Dífhostú Éagórach

Ó bunaíodh an WRC i mí Dheireadh Fómhair 2015, is ar bhonn duine le duine a rinneadh gach cás eadrána um chearta comhionannais ach ba é an cleachtas gach eadráin ar chearta fostaíochta a dhéanamh trí chomhfhreagras nó ar an teileafón.

D'aithin athbhreithniú na Seirbhíse Eadrána poitéinseal chun méadú ar rátaí rannpháirtíochta agus rátaí réitigh araon i gcásanna a bhaineann le gearáin dífhostú éagórach i gcúinsí ina bhféadfaí eadráin a sheachadadh duine le duine.

Fíor 13: Eadránacha Teileafóin agus Aghaidh ar Aghaidh



Ó Mheitheamh 2022, déantar gach eadráin ina mbíonn gearán sonrach dífhostú éagórach a sheachadadh go pearsanta de réir réamhshocraithe agus anois nuair a thugtar cuireadh do pháirtithe páirt a ghlacadh, cuirtear in iúl dóibh gur ar bhonn pearsanta a tharlóidh an eadráin.

## Iarratas Déanach ar Eadráin


I Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún tús le tionscadal píolótach 6 mhí chun seirbhís eadrána “iarratas déanach” a sholáthar. Tar éis dáta éisteacht bhreithnithe a fháil, má dhéanann ceachtar páirtí teagmháil leis an WRC agus iad ag iarraidh páirt a ghlacadh in eadráin, déanfaidh an Coimisiún iarracht eadráin a éascú roimh an dáta éisteachta sceidealta má tá an dá pháirtí aontaithe ach cloí leis an dáta a sannadh don éisteacht bhreithnithe.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin sá chás nach n-éireodh leis an eadráin, go rachadh an éisteacht bhreithnithe ar aghaidh mar a sceidealadh. Íoslaghdaíonn sé sin an tionchar ar am agus ar acmhainní an Choimisiúin maidir le dáta éisteachta nua a chur siar agus a athsceidealú, chomh maith le seirbhís thráthúil a chur ar fáil don dá pháirtí seachas moill bhreise a chur ar an bpróiseas.

I measc na srianta ar an tseirbhís tá cóngaracht an iarratais ar eadráin don dáta éisteachta, na páirtithe a bheith ar fáil agus eadránaí a bheith ar fáil i gcúinsí ina mbíonn éileamh suntasach ar eadráin i gcásanna eile.

Déanfar athbhreithniú ar oibriú agus ar thorthaí na scéime píolótaí nua Iarratas Déanach ar Eadráin go luath in 2023. Thabharfadh sonraí tosaigh le fios gur réitíodh 25% de na cásanna inar ndearnadh IDE roimh an éisteacht bhreithnithe.

Fíor 14: Méadú 31% ar Eadránacha in 2022






Soláthraíonn an WRC dhá chineál eadrána ar leith; eadráin réamhbhreithnithe (duine le duine agus ar an teileafón) chun cabhrú le réiteach gearáin shonracha a atreoraítear chuig an WRC, agus eadráin san áit oibre chun saincheistanna leanúnacha idirphearsanta idir daoine nó grúpaí daoine a réiteach.

San iomlán, roghnaíodh thart ar 1,546 cás le haghaidh eadrána in 2022. Astu sin, tharla 658 eadráin san iomlán inar aontaigh an dá pháirtí páirt a ghlacadh. Is ionann sin agus méadú 31% ar rannpháirtíocht in eadráin i gcomparáid le 2021 agus tháinig méadú 30% ar líon na gcásanna a réitíodh trí eadráin in 2022 freisin.


Cé gur tháinig laghdú ar eadránacha teileafóin ó 350 in 2021 go 261 in 2022 (laghdú 25%), tháinig méadú 263% ar eadránacha aghaidh ar aghaidh ó 151 go 397. Tháinig méadú 276% freisin ar líon na n-eadránacha a réitíodh in eadráin aghaidh ar aghaidh.

Fíor 15: Eadránacha Aghaidh ar Aghaidh 2022




Is í an bhliain atá faoi athbhreithniú an chéad bhliain a bhfuil sonraí ag an gCoimisiún maidir leis an miondealú idir torthaí na headrána teileafóin, pearsanta agus fíorúla. Tharla 261 eadráin teileafóin i rith na bliana le ráta ratha 53%, tharla 185 eadráin phearsanta in 2022 le ráta ratha 49%, agus tharla 212 eadráin fhíorúil in 2022 le ráta ratha 40%.

Fíor 16: Socruithe nach raibh Airgead i gCeist Lontu



In 2022, ní raibh socraíocht airgeadais de chineál ar bith i gceist le 7% de chomhaontuithe, méadú 2.5% ón mbliain seo caite. Astu sin, áfach, ba chomhaontuithe cearta comhionannais iad 83% i gcomparáid le 50% anuraidh. Ní raibh ann ach 14% de na réitigh ina raibh gné neamhairgeadaíochta mar chuid den chomhaontú i gcomparáid le 28% anuraidh. Is dócha gur tharla na hathruithe sin mar gheall ar an méadú suntasach ar réiteach gearáin difhostú éagórach ag eadráin nuair is é socraíocht airgeadais an toradh is dóichí.

Fíor 17: Socruithe a raibh Airgead i gCeist Lontu



## Eadráin san Áit Oibre

Soláthraíonn eadráin san áit oibre réiteach pras, rúnda agus éifeachtach ar choimhlintí, díospóidí agus easaontais san áit oibre. Cuirtear an tseirbhís Eadrána seo ar fáil ar bhonn ad hoc agus is í is fearr a oireann d’aighneas a bhaineann le daoine aonair nó le grúpaí beaga oibríthe. D’fhéadfadh difríochtaí idirphearsanta a bheith i gceist leo sin; coimhlintí agus deacrachtaí idir comhghleacaithe a bhíonn ag obair le chéile; cliseadh i gcaidreamh oibre; agus saincheistanna a eascraíonn as nós imeachta casaoide agus araíonachta, go háirithe sula mbíonn ábhar áirithe ina shaincheist araíonachta.

Fuarthas 89 iarratas ar eadráin san áit oibre i rith 2022. Tar éis measúnaithe agus rannpháirtíochta leis na daoine a bhí ag iarraidh na headrána, measadh go raibh roinnt cásanna mí-oiriúnach d’eadráin san áit oibre agus in go leor cásanna atreoraíodh na hiarratais chuig seirbhísí eile níos oiriúnaí sa WRC. Ina ainneoin sin, chuaigh thart ar 40 iarratas ar aghaidh chuig eadráin san áit oibre agus tar éis rannpháirtíocht leis na páirtithe tá 30 dúnta anois agus tá an chuid eile fós ar siúl.



## Éascú

Bhí ról gníomhach ag an Rannán lasmuigh dá cuid oibre traidisiúnta idir-réitigh, comhairlí agus eadrána agus i rith 2022, d'éascaigh sí plé in 219 socrú dá leithéid.

Maidir leis sin

- Lean an Coimisiún de bheith ina chathaoirleach ar réimse fóraim idirbheartaíochta eile amhail Comhchomhairle Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, an Fóram Náisiúnta Idirbheartaíochta d'Ollscoileanna Teicneolaíochta, CCNT an Tionscail Fhoirgníochta, Comhairle Idir-Réitigh na Múinteoirí, CCN Tionscail an Stáit, CCN an Údaráis Áitiúil, Comhairle Idir-Réitigh an Gharda Síochána, grúpa Monatóireachta agus Athbhreithnithe Náisiúnta Sheirbhíse Phríosúin na hÉireann agus Comhchoistí Saothair (CCSanna) – CCS na Luathbhlianta.
- Bhí ról ag oifigigh an Choimisiúin freisin laistigh de struchtúr an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ina ról mar Oifigigh Achomhairc le Nósanna Imeachta Achomhairc BOO inar tionscnaíodh a nósanna imeachta casaoide, araíonachta nó bulaíochta agus ciaptha agus, sna Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha, le struchtúr casaoide agus nósanna imeachta chomh maith. Ina theannta sin, bhí an tSeirbhís ina cathaoirleach ar Chomhchomhairle Tionscail Bhord na Móna, Comhchomhairle Caidreamh Tionsclaíoch Iarnród na hÉireann agus comhlachtaí maoirseachta a bunaíodh faoi chomhaontú Tógála Móimintim na seirbhíse poiblí.

## Forbairt Faisnéise agus For-rochtain

Tá seachadadh ceardlanna feasachta oideachais fós lárnach i seirbhísí for-rochtana an Rannáin. Is é an príomhfhócas an dea-chleachtas sa chaidreamh tionsclaíoch a chothabháil agus a fheabhsú agus caidreamh dearfach oibre a spreagadh laistigh den áit oibre.

Chonacthas méadú suntasach i mbliana ar iarratais ar Cheardlanna For-rochtana ag méadú ó 11 in 2021 go 44 in 2022 agus thug an tSeirbhís 20 Ceardlann, 17 go pearsanta agus 3 go cianda. I measc na n-ábhar bhí Dínit san Áit Oibre, Idir-Réiteach, Breithniú, agus Seirbhísí an WRC.

In 2023, leanfaidh an tSeirbhís uirthi ag tairiscint ceardlanna ginearálta agus saincheaptha i ngach réimse den chaidreamh oibre. Ina theannta sin, trína feidhm a fheabhsú agus a leathnú, beidh an tSeirbhís ag táirgeadh sraith ghearrfhíseáin faisnéise ar sheirbhísí an WRC mar aon le hábhair éagsúla a bhaineann leis an áit oibre agus leis an gcaidreamh oibre.



## 4.4 | An Rannán Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Digiteacha

### Rialachas

Ní mór don WRC a chinntiú go gcuirtear a ghníomhaíochtaí agus a acmhainní i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí, i gcomhréir le riachtanais rialachais. Áirítear leis sin monatóireacht leanúnach rialta ar dhul chun cinn le hais pleananna gnó, athbhreithniú rialta ar an timpeallacht riosca agus, nuair is gá, gníomh chun rioscaí féideartha a mhaolú.

Cuireann an Rannán príomhthacaíocht acmhainní agus áiseanna ar fáil don WRC chun a chroíchuspóirí a sheachadadh. Tá an Rannán freagrach as rialachas corparáideach, buiséid, pleanáil gnó, bainistíocht riosca agus faisnéise, TFC, soláthar foirne, cumarsáid, tacú le hobair na Rannán, tacaíocht rúnaíochta a chur ar fáil don Bhord, don Ard-Stiúrthóir agus as bainistíocht airgeadais agus bainistíocht áiseanna a sholáthar i gach suíomh de chuid WRC.

### Acmhainní Daonna

Cabhraíonn an Rannán Corparáideach leis an bhfoireann croíchuspóirí an WRC a sheachadadh.

I gcaitheamh na bliana, chuir an WRC ochtar ball foirne breise lena fhoireann foriomlán agus chonaic sé ráta suntasach athraithe foirne ó thaobh scoir, aistrithe agus arduithe céime de; ar an iomlán earcaíodh 8 mball foirne breise agus, ar an iomlán, chuaigh 38 ball foirne nua isteach sa WRC i rith na bliana - ráta athraithe foirne de bheagnach 20%.

Chomh maith le scileanna foirne a uasghrádú chun an timpeallacht dlíthiúil agus oibriúcháin atá ag athrú a léiriú, tharla earcaíocht chigirí agus oiliúint ghaolmhar i dtéarmaí na seirbhísí breithniúcháin agus cigireachta in 2022.

Le linn 2022, cuireadh i bhfeidhm socrú nua oibre cumaisc foirmiúil ar fud an WRC i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ailíníodh na patrúin oibre cumaisc ar leith a ghlac an WRC leis an gceanglas go dtacófaí go hiomlán le riachtanais straitéiseacha agus oibriúcháin an Choimisiúin.

Cuireadh cumas foirne, pleanáil comharbais, agus rannpháirtíocht foirne chun cinn in 2022 freisin. I mí an Mhárta 2022, reáchtáil an WRC Comhdháil Foirne a thug baill foirne le chéile ó gach oifig WRC den chéad uair ó Covid-19 in 2020. Chabhraigh foilsíú na hirise foirne intí, cruinnithe rialta agus laethanta ancaire agus tabhairt isteach an pholasaí oibre cumaisc go léir le braistint phobail a chaomhnú ar fud an WRC.

## Cumarsáid agus Teicneolaíocht Faisnéise

Le linn 2022, lean an WRC air ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh roimhe seo maidir le réitigh TFC atá bunaithe ar an ngréasán a fhorbairt agus a úsáid.

Dearadh agus rolladh amach córas nua bainistíochta cásanna do sheirbhís Idir-Réitigh an WRC in 2022. Lasmuigh de sin, chuir an WRC tús le hobair scóipe timpeall ar a thionscadal r-Fhoirm Ghearáin agus a Tairseach Féinseirbhíse, a mbeidh an chéad chéim díobh beo in 2023. Cruthóidh sé sin eispéireas úsáideora feabhsaithe chun iarratais ghearáin a chur isteach agus beidh tairseach chustaiméirí ann ina dhiaidh sin chun iarratais a rianú.

Go déanach in 2022, d'fhorbair an WRC Straitéis TFC nua 2022-2024 don WRC a leagann na bunchlocha le haghaidh dul chun cinn digiteach meántéarmach laistigh den WRC agus a dhíreoidh ar réitigh "Digiteach ar dTús" a sheachadadh de réir Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí. Is iad uathoibriú agus éifeachtúlachtaí na príomhthiománaithe atá taobh thiar den Straitéis mar aon le réitigh agus ardáin nuálacha agus éasca le húsáid a sholáthar do dhaoine atá ag idirghníomhú leis an WRC ag gach leibhéal.

## Uathoibriú Róbatach Próiseas

I gcomhréir leis an gcolún "Digiteach ar dTús" de Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí, ba é an WRC an chéad eagraíocht sa Roinn chun ardán URP a chur i bhfeidhm a phróiseálfaidh go huathoibriúch an chéad chéim riaracháin maidir le hiarratais ar ghearáin a láimhseáil. Nuair a bheidh sé leabaithe go hiomlán, cláróidh agus próiseálfaidh an URP beagnach gach iarratas a fhaightear go tapa agus go héifeachtach agus aithneoidh sé aon saincheisteanna le hiarratais a dteastaíonn soiléiríú uathu nó tuilleadh rannpháirtíochta le páirtí nó le páirtithe.

Déanfar athbhreithniú ar an teicneolaíocht seo le linn 2023 maidir lena feidhmchlár féideartha níos leithne ar fud an WRC.

## Cumarsáid agus For-rochtain

### Suíomh Gréasáin

Is foinse rithábhachtach faisnéise agus comhéadan leis an WRC d'úsáideoirí seirbhíse é suíomh gréasáin WRC, go háirithe maidir le nuashonruithe ar mhúnlaí seachadta seirbhíse agus cearta fostaíochta, go ginearálta, agus ailínithe le hathruithe reachtacha ar aon.

In 2022, láimhseáil Suíomh Gréasáin WRC os cionn ceithre mhilliún amas leathanaigh, méadú 23% ar an mbliain roimhe sin, go príomha trí spéis a gineadh ag feachtais spriocdhírthe do reachtaíocht nua amhail an tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí) 2022 agus feachtas dírithe ar shaoire phoiblí nua a thabhairt isteach a tugadh isteach in 2022. (Maidir leis sin, ba é an leathanach gréasáin Saoire Phoiblí an leathanach gréasáin aonair ba mhó ar amharcadh air ar shuíomh gréasáin WRC in 2022).

Ó seoladh an láithreán gréasáin athbhreithnithe i mí na Bealtaine 2019, rinneadh athbhreithniú rialta ar an suíomh chun a chinntiú go gcomhlíonann sé go hiomlán gach caighdeán gréasáin i dtéarmaí an struchtúir, an leagain amach agus an ábhair agus go leanann sé caighdeán ghréasáin atá leagtha amach ag Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C) agus ag Údarás Náisiúnta Míchumais na hÉireann. Ina theannta sin, in 2022 rinne Údarás Náisiúnta Míchumais na hÉireann iniúchadh rialta ar shuíomh gréasáin WRC agus d'oibrigh Máistir Gréasáin WRC i bpáirt le torthaí iniúchta Údarás Náisiúnta Míchumais na hÉireann chun aon mholtaí inrochtaineachta breise a aithníodh ón iniúchadh a chur i bhfeidhm.

## Na Meáin Shóisialta

I rith 2022, chomhroinn cainéil mheáin shóisialta WRC faisnéis a bhaineann le fostaíocht agus le comhionannas agus nuashonruithe reachtacha leis an bpobal. Tháinig méadú ar shroicheadh na n-ardán seo i rith 2022 agus faoi láthair tá níos mó ná 2,700 leantóir ag an gcuntas Twitter WRC\_IE agus ag cuntas WRC LinkedIn tá níos mó ná 9,200: méadú thar an mbliain de 29% agus 51% faoi seach.

Le linn 2022, reáchtáil an WRC roinnt feachtais mheáin shóisialta a spreag thart ar 5,544 atreorú chuig an suíomh Gréasáin ó Twitter - méadú 93% ó 2021 (2,875 atreorú) agus 3,474 atreorú chuig suíomh Gréasáin WRC ó LinkedIn - méadú 78% ó 2021 (1,947 atreorú).

## Físeáin Faisnéise

Le linn 2022, rinneadh scríptiú agus forbairt ar shraith ghearrfíseáin faisnéise bheoite chun cabhrú le húsáideoirí seirbhísí WRC. Beidh na físeáin sin ar fáil i roinnt teangacha agus cuirfear i bhfeidhm iad go luath in 2023. I measc na n-ábhar a chlúdaítear sna beochana tá

- Dínit san Áit Oibre,
- Conas Gearán a Dhéanamh leis an WRC agus
- Cad é a tharlaíonn ag Éisteacht Bhreithnithe, agus ag
- Eadráin Réamh-Bhreithnithe



(C-D) An tUasal Liam Kelly, Ard-Stiúrthóir, WRC, Aire Gnó, Fostaíochta agus Miondiola, Damien English TD ag oscailt oifigiúil Oifig Réigiún an Deiscirt WRC agus an Dr David Begg, Cathaoirleach Bhord WRC.

## Áitreabh Oifige WRC

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'oscail an tAire Gnó, Fostaíochta agus Miondíola ag an am, Damien English TD, oifig nua Réigiún an Deiscirt WRC, atá lonnaithe go lárnach i gcathair Chorcaí. Ba é sin an toradh ar uailmhian WRC a bheith in ann a sraith iomlán seirbhísí a sheachadadh go réigiúnach.

## Comhionannas na hEarnála Poiblí agus Dualgas um Chearta an Duine

Tríd an Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 tugadh isteach dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird chuí a thabhairt ar shaincheisteanna chearta an duine agus comhionannais i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus leantar cur chuige réamhghníomhach chun an dualgas sin a chur i bhfeidhm i ngach gné d'obair an WRC. Is príomhthosaíocht é spás inrochtana agus cuimsitheach a chruthú do gach duine a úsáideann nó a oibríonn inár n-oifigí.

I gcomhréir le prionsabail bhunaithe agus le hAlt 42 den Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, cuireann an WRC béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta cothroma, an ceart chun príobháideachais, rochtain chomhionann agus cóir chomhionann i ngach gné de na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Leanann an WRC ag obair chun a chinntiú go gcosnaítear dínit agus leas na foirne go léir agus spreagtar cultúr rannpháirtíochta agus measa. I measc na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas a théann i bhfeidhm ar an bhfoireann tá an ceart chun nósanna imeachta cothroma, an ceart chun príobháideachais, rochtain chomhionann, cóir chomhionann agus dínit san áit oibre.

Coinnítear gach beartas inmheánach faoi athbhreithniú chun comhlíonadh an deachleachtais sna réimsí sin a chinntiú.

Tar éis cruinniú idir fochoiste comhionannais agus cearta daonna an WRC le foireann Dualgais na hEarnála Poiblí (IHREC) de chuid an Choimisiúin um Chearta an Duine agus Comhionannas chun príomhréimsí a phlé a ndíreofaí ar a bhforbairt sa bhliain, thug IHREC cur i láthair don fhoireann ag Comhdháil Foirne WRC i mí na Bealtaine chun feasacht a ardú ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhionannais.

Lasmuigh de sin, eagraíodh oiliúint d'fhoireann WRC ina raibh ardú feasachta maidir le huathachas, aosú, cearta tras, Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnamh Airde, LADT+, agus cuireadh fiseán ionductaithe ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar fáil do gach ball foirne nua.

Tá ról lárnach ag an Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí freisin i gClár For-rochtana foriomlán an WRC. I rith na bliana, chuaigh an tAonad i dteagmháil le Comhairle um Chearta Imirceacha na hÉireann, Comhphobal na Rómáine, agus Grúpa Taistealaithe réigiúnach chun eolas a sholáthar faoi sheirbhísí éagsúla an WRC.

D'oibrigh an WRC leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun a chinntiú go bhfuil suíomh gréasáin WRC ag cloí go hiomlán le ceanglais inrochtaineachta. Cuirtear eolas ar an suíomh gréasáin ar fáil i roinnt teangacha agus tá seirbhísí ateangaireachta ar fáil do chliant WRC le haghaidh éisteachtaí cáis agus rannpháirtíocht le cigirí WRC.

## An tAcht um Nochtadh Faoi Chosaint 2014

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an WRC faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Faoi Chosaint 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh chuige sa bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtadh cosanta den sórt sin.

De bhreis ar an gceanglas sin, deimhníonn an WRC go bhfuarthas tuairisc sheachtrach amháin de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh faoi Chosaint, 2014 le linn 2022. Measadh nach nochtadh cosanta a bhí sa tuairisc tar éis imscrúdú a dhéanamh. Cuireadh an toradh in iúl don duine aonair. Ní bhfuair an WRC aon tuairiscí inmheánacha.

Faoi SI 367/2020 2014 d'Ordú um Nochtadh Faoi Chosaint (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe) 2020 ainmnítear an tArd-Stiúrthóir mar 'dhuine forordaithe' de bhun alt 7 den Acht.

## 4.5 | An Rannán Dlí

### An Rannán Dlí

#### Feidhmeanna

Is í príomhfeidhm an Rannáin Dlí tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil ionas go mbeidh córais atá láidir ó thaobh an dlí de i bhfeidhm ar fud gach gníomhaíochta den WRC.

Maidir leis sin, tugann an Rannán comhairle don WRC maidir lena réimse leathan feidhmeanna ó bhreithniú go cigireachtaí, idir-réitigh, eadráin agus soláthar faisnéise. Ina theannta sin, soláthraíonn sé nuashonruithe ábhartha dlí AE, riaracháin, fostaíochta agus comhionannais agus tacaíocht d'Oifigigh Bhreithnithe agus do bhaill foirne.

#### Reachtaíocht Nua

Bhí baint ag an Rannán le tacú leis an WRC ullmhú do raon cearta dlíthiúla nua a tháinig i bhfeidhm lena n-áirítear iad siúd faoin Acht um Íoc Pá (Séisíní agus Aiscí) 2022, na Rialacháin um Fhaisnéis maidir le Bearna Phá idir na hInscní 2022, an tAcht um Shaoire Bhreioiteachta 2022, agus an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha) 2022, 2022, An tAcht um Pleanáil i Limistéir Mhuirí 2021 agus Orduithe nua Rialacháin Fostaíochta i ndáil le hearnálacha cúram leanaí agus luathbhlianta.

Thug an Rannán comhairle freisin maidir leis an reachtaíocht a thrasuíonn Treoir um Choithromaíocht Oibre-Saoil an AE 2019/1158, an ceart cianobair a iarraidh, reachtaíocht maidir le ceadanna fostaíochta nua, agus an Bille um Chúirteanna agus Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2022 a chuireann cosc ar thaifeadadh éisteachtaí cianda. Tugadh oiliúint agus treoir maidir leis an dlí nua d'Oifigigh Bhreithnithe agus don fhoireann. Thacaigh an Rannán freisin le comhghleacaithe le réimse leasuithe ar an bhfoirm ghearáin, beartas agus próisis ghaolmhara chun ullmhacht don reachtaíocht nua a chinntiú

#### Na hAchtanna um Nochtadh faoi Chosaint 2014-2022

Maidir leis na hAchtanna um Nochtadh faoi Chosaint 2014-2022 threoraigh an Rannán grúpa oibre trasfhoireann chun beartais agus nósanna imeachta nua a cheapadh chun ullmhacht don Acht leasaithe a chinntiú, agus na hoibleagáidí méadaithe ar chomhlachtaí poiblí a chomhlíonadh ón 1 Eanáir 2023. Bunaíodh cainéal seachtarach nua chun rochtain éifeachtach a chinntiú chun daoine a thuairisciú don Ard-Stiúrthóir mar 'Dhuine Forordaithe' faoi na hAchtanna. Ceapadh Duine Ainmnithe, agus cuireadh oiliúint ar fáil ar fud na heagraíochta. Chuaigh an WRC i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus rinne sé idirchaidreamh le ranna ábhartha agus leis an gCoimisiún um Nochtadh faoi Chosaint nuabhunaithe chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú.

## Riarachán an Cheartais

Leanann an Rannán ag tacú leis an Rannán Breithniúcháin agus é ag iarraidh a chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta cothroma i bhfeidhm sna breis agus 4,000 éisteacht gach bliain iar-Zalewski<sup>3</sup> agus cothromú á dhéanamh aige ar an ngá atá leis an WRC leanúint de bheith ina fhóram inrochtana do mhórchuid na ndlíthithe gan ionadaíocht a lorgaíonn réiteach éifeachtach ina ndíospóidí fostaíochta nó comhionannais.

I mí Feabhra 2022, thug Simons J breithiúnas ar chostais maidir le Ammi Burke v. Oifigeach Breithnithe, An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Ors. [2022] IEHC 45 tar éis dhíbhe an athbhreithnithe bhreithiúnaigh bhunúsaigh JR/561/2021 i mí na Samhna 2021, inar seasadh le beartas WRC iar-Zalewski agus le cinneadh an OB a measadh a bheith dleathach.

Chuir an Rannán leis an oiliúint chreidiúnaithe sa Teastas Breithnithe agus le hionduchtú na nOifigeach Breithnithe nua a barántaíodh in 2022.

## Dlíthíocht

Bliain ghnóthach eile a bhí in 2022 don Rannán Dlí ó thaobh dlíthíochta de. Rinne an Rannán ionadaíocht ar an WRC in 14 cheist Ard-Chúirte, trí agóid i gcoinne na Cúirte Cuarda agus nithe eile i rith na bliana. D'éirigh leis an WRC i bhformhór na n-athbhreithnithe breithiúnacha.

## Inrochtaineacht a Fheabhsú

Ag baint úsáid as Intleacht Shaorga (AI) rinne an Rannán anailís ar 1,800 cás tar éis tús a chur leis an reachtaíocht feabhsúcháin iar-Zalewski, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021, d'fhonn cúinsí inar éisteacht cásanna i gcinntí príobháideacha nó cinntí anaithnidithe a aithint. Léirigh an léargas má bhain duine díospóidí caidreamh tionsclaíoch (nach mór a chloisteáil go príobháideach), nach raibh ach 13% de na cásanna i gceist le cúinsí speisialta sa chaoi gur anaithnidithe a bhí ainmneacha na bpáirtithe sa chinneadh foilsithe; dúshlán dlí comhionannais ab ea formhór mór na gcásanna sin<sup>4</sup>.

I mí Dheireadh Fómhair 2022 d'fhoilsigh an Rannán "Achoimre ar Phríomhbhreithiúnais Chúirteanna na hÉireann agus Chúirt Bhreithiúnais Aontas na hEorpa a bhaineann le Cinntí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre" ag déanamh anailís ar threochtaí sa dlíthíocht a raibh baint ag an WRC léi óna bhunú in 2015 go 2022. Tá súil ag an WRC go mbeidh an foilseachán seo agus na treochtaí a mhapálann sé úsáideach do chleachtóirí dlí agus dóibh siúd ar spéis leo obair an WRC<sup>5</sup>.

Lasmuigh de sin, cuirtear achoimrí ar dhlí-eolaíocht ábhartha ar fáil d'Oifigh Breithnithe WRC ar bhonn rialta chun cáilíocht chinnteoireacht an WRC a fheabhsú

Chomh maith leis sin, ag baint úsáid as IS, le linn 2022, rinne an Rannán athbhreithniú ar 10,000 de na fasaigh is coitianta a luaitear roimh an WRC agus tar éis dul i gcomhairle go himheánach agus leis an gCumann Dlí, foilseoidh an WRC liosta údaráis inrochtana go luath in 2023 atá deartha chun páirtithe a shábháil ó iliomad cóipeanna d'údaráis aitheanta a chomhdú – cé go bhfuil siad ina n-aighneachtaí, beidh ar pháirtithe fós an ghné ábhartha d'údarás a lua.

Leanann Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Sonraí an Rannáin air ag tacú leis an WRC maidir le dlí faisnéise agus cuireann sé oiliúint agus tacaíocht ar fáil do bhaill foirne ar fud na Rannán. Coinníonn sí beartais WRC faoi athbhreithniú freisin i bhfianaise dlí-eolaíocht nua agus déanann sí idirchaidreamh le hOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) na Roinne chun comhlíonadh a chinntiú.

## Rannpháirtíocht Sheachtrach

Go seachtrach, labhair an Cláráitheoir le Cumann Dlíodóirí Fostaíochta na hÉireann ('ELAI'), Abhcóidí SIPTU, agus ar Dhioplóma Scileanna Breithiúnacha an Dlí-Chumainn, agus chuaigh sé i dteagmháil le comhghleacaithe an AE chomh maith le roinnt páirtithe leasmhara baile i réimse chearta an duine, an chomhionannais agus an dlí fostaíochta.

3 Zalewski v An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Oifigeach Breithnithe, Éire agus an tArd-Aighne (2021)

4 Beartas WRC ar 'chúinsí speisialta' agus ceartas oscailte de réir an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021'

5 WRC-litigation-report-2015-2022.pdf (workplacelrelations.ie):

# Aguisíní





# Aguisín

# 1

## Clár Oibre 2022: Torthaí

### Seirbhísí Idir-réitigh, Comhairleacha agus Eadrána

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Seirbhís idir-réitigh thráthúil, éifeachtach agus éifeachtach a sholáthar agus a chinntiú go gcomhlíontar an t-éileamh agus seachadadh na seirbhísí go léir á gcothabháil	Idir-réiteach pearsanta agus fíorúil a sholáthar i dtréimhse ama chúil chun réiteach díospóidí caidrimh thionsclaíocha a éascú. Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le húsáideoirí seirbhíse chun tacú le caidreamh dearfach tionsclaíoch agus cúnamh a thabhairt dóibh i gcothabháil an chaidrimh thionsclaíoch dhearfach	Nuair is gá do chliant i rith 2022	Ráta ard rathúlachta a chothabháil i réiteach díospóidí caidrimh thionsclaíocha	88% de na díospóidí dá dtagraítear réitithe
Obair chun úsáid cliant seirbhísí idirghabhála ábhartha WRC a leathnú	Cothabháil agus méadú – nuair is féidir – idirghabháil réamhbhreithnithe i bpearsa agus fíorúil réamh-bhreithnithe agus go réigiúnach nuair is gá	I rith 2022	Méadú ar chásanna a ndearnadh idirghabháil orthu chun laghdú ar líon na ndaoine a chur chun cinn go dtí próiseas breithnithe in éilimh bunaithe ar chearta	Múnla nua idirghabhála: méadú 30% ar an dá pháirtí ag aontú le hidirghabháil agus méadú 30% ar lonnaíochtaí ar thángthas orthu

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Cathaoirleacht agus éascú a dhéanamh ar chaidreamh tionsclaíoch éagsúil agus reachtúil do dhuine san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon	Plé a éascú go tráthúil. Cabhraíonn páirtithe déileáil le gach saincheist de réir nósanna imeachta agus oibríochtaí mar atá leagtha síos i dtéarmaí tagartha comhaontaithe	I rith 2022	Seachadadh, oibriú agus conclúid éifeachtach na saincheisteanna go léir a ardaíodh de réir prótacail agus nósanna imeachta le comhaontú na bpáirtithe go léir	Seachadadh gach iarratas ar chúnamh go hiomlán
Cumarsáid éifeachtach dhá bhealach a chinntiú le cliaint phríomhúla	Idirphlé éifeachtach a choinneáil le príomhchliant i ngach réigiún agus go náisiúnta	I gcónaí le linn 2022	Oibriú éifeachtach na gcainéal cumarsáide a choinnítear	Agallamh á chothabháil i rith 2022
Feabhas a chur ar chaidreamh san ionad oibre a bhaineann go sonrach leis an láithreán	Athbhreithnithe a dhéanamh ar chaidreamh tionsclaíoch, comhpháirtithe oibre cathaoirleach, réiteach díospóidí aonair a éascú lena n-áirítear atreoruithe faoin Acht IR 2015	I rith 2022	Clár éifeachtach saincheaptha a sheachadadh, sástacht úsáideora ardseirbhíse, caidreamh san ionad oibre a fheabhsú	Soláthraíodh cúnamh a de réir mar ba ghá: 9 idirghabháil curtha i gcrích agus 6 cinn eile iarrtha
Comhroinnt eolais san ionad oibre a sholáthar	Faisnéis a fhorbairt agus a sheachadadh ar phrionsabail dhearfacha chaidrimh thionsclaíocha agus ar chaidrimh oibre trí cheardlanna éascaithe	I rith 2022	Tuiscint níos leithne agus níos fearr ar shaincheisteanna agus ar chaidreamh feabhsaithe san ionad oibre	Méadú suntasach ar cheardlanna a curtha ar fáil agus dea-chleachtas agus fiseáin faisnéise forbartha
Córas bainistíochta cásanna idirghabhála a chur i bhfeidhm	Oibriú le pearsanra ábhartha chun aistriú réidh a thabhairt chuig próiseas nua	C1-22	Córas lánoibríochtúil	Curtha i bhfeidhm agus lánoibríochtúil

## Seirbhís Bhreithniúcháin

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Leanúint ar aghaidh ag próiseáil gearán chomh tapa agus is féidir	Tacaíocht agus maoirseacht riaracháin iomlán a chur ar fáil d'Oifigigh Bhreithnithe chun an sprioc a bhaint amach	I rith 2022	Gearáin a phróiseáil gan mhoill - aireach ar thionchar Covid	Breithniú: éisteachtaí +28% cinntí eisithe +27%
Déileáil le carnadh cásanna a bhaineann le Covid ar bhealach trédhearcach agus cothrom	Cumas cuí athfhoinsithe riaracháin agus moltóireachta a choinneáil  Oibriú le páirtithe leasmhara chun cásanna a dhiúscairt go tapa  Monatóireacht a dhéanamh ar thionchar Covid ar phlean sceidealaithe agus athbhreithnithe éisteachta más gá	I rith 2022	Gach cás roimh 2020 a dhiúscairt (nuair nach gcuirtear moill ar fhachtóirí seachtracha), 2021 cás a éisteadh/ sceidealta, 2022 cás á sceidealú le moill íosta <sup>6</sup>	Tairiscíodh éisteacht do gach gearán a fuarthas roimh 2022 (nuair nár chuir tosca seachtracha moill orthu) in 2022. Dúnadh 20% de na cásanna a fuarthas in 2022
Atreoruithe "iolracha" a dhiúscairt	Oibriú le páirtithe chun a aithint conas is fearr déileáil le hatreoruithe "iolracha" ar bhealach éifeachtach	I rith 2022	An "ilíomad" cásanna a dhiúscairt	An ilíomad dúnta agus dul chun cinn suntasach déanta le cúnamh ó pháirtithe
Monatóireacht a dhéanamh ar an moltóireacht de "sheachadtaí measctha"	Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an modh is éifeachtúla agus is éifeachtúlachtaí ó thaobh costais de chun cásanna a dhiúscairt	C3-22	Meascán de chásanna costéifeachtúla agus éifeachtúlachta i bhfeidhm	Meascán Éisteachta: 70% go pearsanta 30% go fíorúil
Aighneachtaí gonta a fháil go tráthúil	Oibriú le páirtithe leasmhara chun comhoibriú a fháil le Treoirínite nua neamhrechtúla WRC	I rith 2022	Aighneachtaí a fháil de réir Treoirínite	Ní bhfuarthas gach aighneacht chomh tráthúil sin mar a bhí leagtha amach i dtreoracha - ábhar faoi athbhreithniú

6 D'fhéadfadh sé nach rachfar aghaidh le roinnt cásanna "idir lámha" roimh 2020 mar gheall ar neamh-infhaighteacht fhadtéarmach na bpáirtithe, táthar ag fanacht le dlí-eolaíocht ó chúirteanna uachtaracha srl.

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Cinntí d'ardchaighdeán a tháirgeadh	Déanfaidh an Grúpa Athbheithnithe um Rialú Cáilíochta Inmheánaigh athbheithniú ar chinntí chun pointí foghlama a aithint, chun comhsheasmhacht cinntí i gcomhréimsí a chinntiú, chun an tseirbhís a chuirtear ar fáil do chustaiméirí na Seirbhíse Breithnithe a fheabhsú	I rith 2022	Cinntí d'ardchaighdeán a eisiúint go tráthúil, faoi réir acmhainní atá ar fáil  Go himheánach agus go seachtrach aitheanta agus seachadta caighdeán breithnithe WRC	Glacadh le cinntí a eisiódh i 84% de na cásanna a ndearnadh achomharc orthu chuig an gCúirt Oibreachais.  Sheas 53% agus níos lú ná 25% curtha ar ceal  Aiseolas dearfach páirtithe leasmhara maidir le próiseas agus aschur
Oifigigh Breithnithe nua "ar bord"	Oifigigh Nua Breithnithe deimhnithe, oilte agus feidhmiúil	Q3-22 ar aghaidh	Oifigigh Breithnithe Nua ag éisteacht le gearáin agus ag eisiúint cinntí d'ardchaighdeán	OBanna nua ar bord agus lánfheidhmiúil

## Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Comhlíonadh an dlí fostaíochta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú	Cigireachtaí riosca-bhunaithe, cigireachtaí bunaithe ar ghearán, le forais Stáit eile nuair is cuí	I rith 2022	4500 imscrúdú san ionad oibre a chur i gcrích	5,800 cuairt chigireachta agus méadú 45% ar phá neamhíochta a gnóthaíodh
	Ionchúiseamh a dhéanamh, de réir mar is cuí, cionta faoi reachtaíocht fostaíochta	I rith 2022	Ráta ionchúisimh rathúil 90%	D'éirigh le 70% de na hionchúisimh a rinneadh ar fhostóirí
	Comhlíonadh (de réir mar is infheidhme) <sup>7</sup> agus fógraí íocaíochta Seasta a eisiúint agus a phróiseáil agus achomhairc ar Fhógraí Comhlíonta a chosaint	I rith 2022	Fógraí a eisiúint go cuí agus a bhfuil éifeacht acu. Cosaint ar achomhairc	6 íocaíocht Sheasta agus 15 Fógra Comhlíonta eisithe
Spríodhíriú ar fhostóirí, earnálacha, réigiúin neamhchomhlíontacha	Socrúithe roghnúcháin riosca chun iniúchadh a úsáid le haghaidh roghnú cásanna	I rith 2022	Beidh 50% de chigireachtaí dírithe ar fhostóirí agus earnálacha ardriosca spéise	67% de chigireachtaí déanta bunaithe ar mheasúnú riosca
Bronntaí forfheidhmithe a eascraíonn as cinntí imeachtaí breithnithe agus Cúirte Oibreachais	Dul sa tóir ar fhorfheidhmiú sibhialta cinntí agus bronntaí a eascraíonn as cinntí Oifigeach Breithnithe agus Cúirt Oibreachais maidir le breithniú agus gníomhaíocht chigireachta agus géarú ar ionchúiseamh nuair is cuí	I rith 2022	Cinntí agus bronntaí a shaothraítear a lorg ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht	74 cás dúnta
Ceadúnais a eisiúint agus reachtaíocht a fhorfheidhmiú maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus fostú Daoine Óga	Ceadúnais a phróiseáil agus a eisiúint ar bhealach éifeachtach dleathach	I rith 2022	Iarratais a phróiseáil laistigh de 21 lá tar éis iad a fháil	936 Ceadúnas na Gníomhaireachta Fostaíochta agus 722 Ceadúnas Leanaí próiseáilte go gasta

7 Féach cinneadh na Cúirte Oibreachais (CNN194), Boots Retail (Ireland) Ltd.

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Comhoibriú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile	Oiliúint, malartuithe foirne, comhchigireachtaí agus comhroinnt sonraí cuí a éascú, athbhreithniú a dhéanamh ar MoUs chun a chinntiú go bhfuil siad reatha, bailí agus i gcomhréir le riachtanais RGCS	I rith 2022	Gníomhaíochtaí rathúla a bhfuil reachtaíocht agus MoUs cuí mar bhonn agus mar thaca leo. Athbhreithniú agus athnuachan, más cuí, a dhéanamh ar gach MoUs atá ann cheana	Rinneadh 273 comhchigireacht le gníomhaireachtaí Stáit eile
Feachtais spriocdhírthe a dhéanamh sna hearnálacha aitheanta	Feachtais a bhaineann le cigireacht agus faisnéis aron a dhéantar go héifeachtach agus go héifeachtach	I rith 2022	Tionchar dearfach a imirt ar chomhlíonadh agus feasacht ar chearta agus ar dhualgais ábhartha a chruthú/a fheabhsú	Feachtais spriocdhírthe sna hearnálacha fáilteachais, iascaireachta, iompair bóithre, seirbhísí tís
Tacú le gníomhaíochtaí faisnéise agus oideachais chun comhlíonadh i gcoitinne a fheabhsú	Oibriú le Seirbhísí Faisnéise agus Seirbhísí do Chustaiméirí agus le Rannóga WRC eile	I rith 2022	Ábhar foirne, faisnéise agus treorach a sholáthar, agus saineolas ábhartha	Treoir chuí agus tacair scileanna curtha ar fáil
Comhoibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta maidir le réimsí comhspéise	Oibriú le gníomhaireachtaí, ardáin agus údaráis a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Oibreachais, an tÚdarás Eorpach Saothair, an tArdán Eorpach um obair neamhtheachtaithe, EUROPOL	I rith 2022	Freastal ar gach seisiún iomlánach ina n-ainmnítear é mar chomhalta Éireannach/ toscaire/saineolaí agus cúnamh cuí a thabhairt do chláir	Rinneadh freastal ar cheardlanna dea-chleachtais thar lear orthu, agus gníomhaíochtaí oibríochtúla ar tugadh fúthu

## Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméara

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/ Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Faisnéis neamhthreorach a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí WRC go ginearálta, reachtaíocht fostaíochta agus meicníochtaí sásaimh trí fhormáidí éagsúla seachadta	Freagairt inrochtana, dírithe ar chustaiméirí agus atá éasca le húsáid a sholáthar maidir leis an teileafón, ríomhphost curtha chomh maith le fiosruithe eile i dtaca le cearta fostaíochta de	I rith 2022	90% de na ceisteanna a pléite ó thús	Pléadh le 60,000 glao go pras agus go héifeachtach
	Comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht spriodhírthe an WRC ag seimineáir dlí fostaíochta, cuir i láthair, taispeántais, seónna bóthair, seimineáir gréasáin, srl	I rith 2022	Príomhimeachtaí a aithint, teachtaireachtaí spriodhírthe a sheachadta go héifeachtach agus go héifeachtúil	Tacaíodh le “Road to Fair Transport”, Seisíní agus Síntí Láimhe, agus feachtais teifeach na hÚcráine i measc rudaí eile
	Úsáid a bhaint as ardáin meán sóisialta WRC chun feasacht a ardú maidir le reachtaíocht fostaíochta, cinntí ábhartha, gníomhaíochtaí/ sainchúram WRC agus meicníochtaí sásaimh WRC a chur chun cinn don phobal	I rith 2022	Feasacht a mhéadú ar an WRC agus a shainchúram/ seirbhísí ag baint úsáid as cuntais meán sóisialta  Príomhimeachtaí, laethanta, feachtais. taighde agus sonraí aitheanta agus poiblíochta go héifeachtach ar na meáin shóisialta  Méadú 10% bliain ar bhliain ar na hardáin meán sóisialta WRC  Naisc dhíshealbhaite idir poist agus atreoruithe/ teagmhálacha	Tháinig méadú suntasach ar chuariteanna gréasáin (+20%), tháinig méadú 30% agus 50% ar lucht leanúna Twitter agus LinkedIn faoi seach  Foilsíodh gach feachtas trí ardáin, m.sh., athruithe reachtacha, laethanta saoire poiblí, srl.,  Tháinig méadú 80% ar atreoruithe chuig an láithreán gréasáin ó ardáin meán sóisialta WRC

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/ Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Próiseáil éifeachtach gearán agus iarratas chuig an WRC	Gach gearán a phróiseáil ar bhealach tráthúil agus éifeachtach agus iad atreoraithe chuig an bhfóram sásaimh cuí	I rith 2022	Gach gearán reatha a phróiseáil go héifeachtach le 90% de na comhaid a a chruthú laistigh de 10 lá oibre agus an freagróir curtha ar fhógra	Próiseáladh 12,800 (+7%) gearáin shonracha agus RPA a tugadh isteach chun amanna próiseála a ghiorrú
Straitéis For-rochtana agus Cumarsáide a sheachadadh	Gníomhaíochtaí WRC a aithint (lena n-áirítear for-rochtain bunaithe ar an ngréasán agus cian-rochtain) ar féidir iad a úsáid chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht WRC a fheabhsú go ginearálta	I rith 2022	Feasacht agus tuiscint a mhéadú ar an WRC, a shainiúlacht, a ról agus a fheidhmeanna, ar fud an chaidrimh thionsclaíoch, cearta fostaíochta, comhionannais agus cúrsaí comhionannais	Seachadadh cúig chlár for-rochtana
	Feachtais a thionscnamh agus a sheachadadh dírithe ar ghrúpaí agus ar shaincheisteanna aitheanta (m.sh., stádas comhionann agus réimsí ábhartha eile)	Deireadh-2022	Feasacht a mhéadu ar ról WRC sa réimse seo agus ardú ar atreoruithe ábhartha chuig WRC	Chuaigh WRC i dteagmháil le IHREC, MRCI, An Lucht Siúil agus grúpaí Romacha i measc daoine eile
	Treoracha agus teimpléid chlóite spriocdhírthe a ullmhú d'fhostaithe agus d'fhostóirí	I rith 2022	Treoracha agus teimpléid seolta agus á n-úsáid agus á rochtain	Leabhráin eolais foilsithe agus físeáin eolais curtha le chéile



## Gnóthaí Dlí

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Comhairle dlí thráthúil, éifeachtach agus láidir a chur ar fáil maidir le gach gné de chúrsaí dlí faoi bhráid an WRC, agus a bhaineann leis an WRC	Comhairle a chur ar fáil do DG agus do gach Rannóg den WRC ionas go dtacaítear leo	I rith 2022	Seirbhísí láidre dlí a chur ar fáil do WRC	Cuireadh comhairle ar fáil
Seirbhís dlí WRC ag oibriú costais go héifeachtach agus go héifeachtach	Seirbhís dlí le soláthar do gach struchtúr, nós imeachta, agus próiseas gnó inmheánach a oibríonn go héifeachtach  Sreabhann faisnéis chuig an Rannóg Dlí agus uaidh	I rith 2022	Seirbhís dlí a bheith lánfheidhmiúil	Seachadadh seirbhísí dlí go héifeachtach agus go héifeachtúil
Oiliúint dhlíthiúil chúil a chur ar fáil d'oifigigh foirne breithnithe	Riachtanais oiliúna a aithint agus a sheachadadh do OBanna agus baill foirne  Coinníodh foireann na Rannóige Dlí eolas ar gach forbairt dlí nua agus comhlíonadh siad oibleagáidí gairmiúla FGL	I rith 2022	Oiliúint a chur ar fáil agus tuiscint láidir a bheith ag OBanna nuashonraithe ar chreat dlí agus dlí-eolaíocht atá mar bhonn agus mar thaca ag an bhfoireann tacaíochta ar bhonn dlí ar a bhfuil seirbhísí le seachadadh	Seachadadh oiliúint i rith 2022 agus coinníodh OBanna agus baill foirne ar an eolas faoi fhorbairtí dlíthiúla agus dlí-eolaíochta le linn 2022
A chinntiú go dtacaítear go cuí le hOBanna agus le baill foirne nua sa Rannóg Breithnithe	Cuidiú le hOBanna agus baill foirne nua a thabhairt ar bord in 2022	I rith 2022	OBanna nua a ionducht agus tuiscint shoiléir ar ról agus acmhainní a bheith ar fáil dóibh	OBanna nua agus baill foirne ar bord
Dioplóma Breithnithe WRC 2022	Cabhrú le hábhar agus dearadh na hoiliúna	C122	Ritheann dioplóma go rathúil chuig H222	Críochnaíodh an Cúrsa Dioplóma go rathúil
Cuidiú leis an Rannóg Breithnithe cáilíocht agus comhsheasmhacht aschuir a chinntiú	Dearbhú cáilíochta rialta a éascú ag athbheithniú saincheistanna a thagann chun tosaigh, moltaí a dhéanamh agus treoir a sholáthar	I rith 2022	Cáilíocht a fheabhsú i gcomhréir leis an Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021 agus Zalewski	Cuireadh faisnéis agus treoir ar fáil i rith 2022

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Cuidiú leis an Rannóg Breithnithe a chuireann riaradh na gcaighdeán ceartais i bhfeidhm	A chinntiú go léiríonn beartais agus cleachtas caighdeán nua 'riaradh an cheartais' de chuid Zalewski	I rith 2022	Riaradh na gcaighdeán Dlí agus Cirt a leabú i mbreithnithe WRC	Tacaíodh le Caighdeán agus fuarthas aiseolas dearfach ó pháirtithe leasmhara
Oibriú le RFTF chun saincheistanna dlí a shainaithint a mbíonn tionchar acu ar shainchúram reachtúil WRC a sheachadadh	Príomhthosaíochtaí reachtacha a aithint agus cabhrú le dul chun cinn nuair is féidir agus idirchaidreamh a dhéanamh le RFTF i gcomhthéacs iarmhairtí dhúshlán bunreachtúil na Cúirte Uachtaraí agus leasuithe reachtacha eile a bhfuiltear ag súil leo in 2022 m.sh. maidir le hathchóiriú nós imeachta, an ceart cianobair a iarraidh, saoire bhreiteachta íoctha, seisíní, sceithireacht, creat tuairiscithe ar bhearna pá inscne agus coinníollacha oibre trédhearcacha i measc nithe eile	I rith 2022	Saincheistanna a shainaithint don Roinn agus a chur chun cinn de réir mar is cuí	Sainaithníodh agus pléadh príomhcheistanna maidir le réimse ábhartha de chlár reachtach an Rialtais
Cuidiú le hathchóirithe ar an láithreán gréasáin agus ar an bhfoirm ghearáin	Cur le feabhas a dhéanamh ar chóras foirme gearáin WRC agus struchtúr an láithreáin ghréasáin I rith 2022	I rith 2022	Foirm ghearáin WRC a athbhreithniú agus a réasúnú agus ábhar láithreán gréasáin a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm	Cuireadh cúnaimh ar fáil maidir leis an athbhreithniú ar an láithreán gréasáin agus nuashonraíodh é
Sainláithreán sonraí agus saoráid leabharlainne a choinneáil d'Oifigigh Mholtóireachta agus d'fhoireann WRC i gcoitinne	Roctain chuí ar bhunachair sonraí seachtracha ábhartha agus leabharlann fhíorúil agus fhisiciúil a choinnítear cothrom le dáta a chinntiú	I rith 2022	Bunachair sonraí agus leabharlann a chur i bhfeidhm agus úsáid iomlán agus lámhleabhar OB a nuashonru de réir reachtaíochta agus nósanna imeachta nua	Bainte amach

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Cur le páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoi threochtaí i ngearáin agus i gcinntí	Anailísí ar chinntí WRC a fhoilsiú go háirithe maidir le cásanna comhionannais agus comhstádais agus treochtaí atá ag teacht chun cinn	I rith 2022	Tráchtairéachtaí foilsithe agus oiliúint na Rannóige Dlí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha	Foilsíodh achoimre ar phríomhbhreithiúnais na gCúirteanna a bhaineann le WRC
Líonraí páirtithe leasmhara a mhéadú go baileach, ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta chun dea-chleachtas a roinnt	Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara	I rith 2022	Líonraí láidre intíre agus idirnáisiúnta a bhunú chun dea-chleachtas a roinnt agus fanacht ar an eolas faoi threochtaí dlí atá ag teacht chun cinn sa dlí fostaíochta agus comhionannais, agus nós imeachta cóir do chinnteoirí garbhreithiúnacha a riarann ceartas de réir rialú Zalewski	Neartaíodh agus bainistíodh seo go cuí
An Rannóg Breithnithe a dtacaítear leo maidir le héisteachtaí iargúlta, éisteachtaí hibrideacha, agus coigeartuithe a bhaineann le Covid ar sheirbhísí WRC	Comhairle a thabhairt do WRC maidir le nósanna imeachta agus beartais nua maidir le Covid-19, éisteachtaí iargúlta agus hibrideacha agus coigeartuithe eile a theastaíonn chun leanúnachas seirbhíse, leigheasanna éifeachtacha, nósanna imeachta cóir agus oibleagáidí dlí comhionannais a chinntiú a chloítear leo	I rith 2022	Córais láidre, éifeachtacha atá i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le WRC casadh chun déileáil le dianghlasáil agus aon mhodhúlachtaí nua a theastaíonn i bhfianaise treoirlínte sláinte poiblí atá ag athrú, timpeallacht shábháilte a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse agus do bhaill foirne agus leanúnachas seirbhíse a chinntiú ag an am céanna  Aird chuí a thabhairt ar dhualgas na hearnála poiblí in aghaidh an s.42 Acht IHREC 2014	Cuireadh comhairle d'ardchaighdeán ar fáil agus seachadadh múnlaí nua de seirbhíse atá ag obair go maith

## Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Seirbhísí Digiteacha

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Creat láidir rialachais chorparáidigh a choinneáil i WRC	Maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán/beartais/nósanna imeachta inmheánacha	I rith 2022	Rialachas corparáideach i WRC a bheith de réir an deachleachtais	Cuireadh rialachas corparáideach láidir i bhfeidhm i rith 2022
A chinntiú go ndéanann WRC feidhmeanna reachtúla laistigh den bhuiséad	Maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas éifeachtach agus éifeachtúil, monatóireacht a dhéanamh ar éileamh seirbhíse agus leibhéal gníomhaíochta agus idirchaidreamh a dhéanamh go rialta le RFTF maidir leis seo	I rith 2022	Clár oibre a bhaint amach i gcomhréir le húsáid cheart leithdháileadh buiséid	Baineadh amach Clár Oibre laistigh de leithdháileadh foriomlán buiséid
Tá solúbthacht fheidhmiúil ag WRC	A chinntiú gur féidir le WRC freagairt go tapa ar éileamh agus patrúin acmhainní a aistriú thar raon iomlán a ghníomhaíochtaí	I rith 2022	WRC in ann freagairt go tapa do spící éilimh rannóg agus patrúin acmhainní a aistriú	D'fhreagair WRC go lúfar d'éilimh luaineachta i rith 2022
Cultúr feidhmíochta straitéiseach a bhainistiú bunaithe ar riosca WRC, cultúr feidhmíochta pleanála gnó ag gach leibhéal den eagraíocht	Cuidiú le straitéis agus Clár Oibre an Bhoird a chur i bhfeidhm agus a rolladh amach trí phleananna corparáideacha, Rannóga, Aonaid agus gnó pearsanta, gníomh feabhais a thomhas agus a dhéanamh i gcoinne rioscaí agus tuairisciú ar dhul chun cinn chuig MC agus an Bord ar bhonn rialta	I rith 2022	WRC a bheith ag feidhmiú laistigh de chreat plean straitéiseach agus gnó comhleanúnach	Creataí Próisis Riosca agus Gnó ag feidhmiú go hiomlán
An díospóireacht ar pholasaí maidir le forbairtí caidrimh san ionad oibre a fheabhsú agus a eolasú	I gcomhairle le Rannóga eile, réimsí imní ar pholasaí agus ionchuir maidir le foirmlíú polasaí a shainaithint	I rith 2022	Ionchur a chur ar fáil agus tuigte	Cuireadh ionchur ar fáil de réir mar ba ghá

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Na hoifigí WRC a chothabháil agus a fheabhsú	Oibriú le OOP chun a chinntiú gur féidir le gach réigiún oifigí WRC agus gach seirbhís WRC a éascú agus a sheachadadh ag Q2	I rith 2022	Oifigí a bheith ag feidhmiú go hiomlán	Gach oifig ag feidhmiú go hiomlán
Foinsíú Acmhainní Daonna (AD)	Oibriú le rannóg AD RFTF ar chumas foirne, pleanáil comharbais, oiliúint foirne, solúbthacht foirne agus tionchar na cianoibre chun leibhéal foirne cuí WRC a chinntiú leis an tacar scileanna ábhartha	I rith 2022	Foireann WRC acmhainní a bheith i gceart. Tacú le riachtanais ghnó agus riachtanais forbartha gairme	D'oibrigh WRC le RFTF chun riachtanais foirne a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu
Forbairt Fostaithe	Oibriú le rannóg AD RFTF agus forais eile chun oiliúint shaincheaptha a fhorbairt d'fhoireann WRC	Ar lean	Riachtanais nua oiliúna a shainaithint agus tús a chur le próiseas tairisceana do sholáthraí	Críochnaithe go rathúil
Teastas a Sheachadadh in Oiliúint Breithnithe san Ionad Oibre	Clár Oiliúna Breithnithe san Ionad Oibre le cur i bhfeidhm	C1/Q2-22	Clár a chur ar fáil	Seachadta
TFC Úsáid TFC a uasmhéadú	Straitéis TFC WRC a fhorbairt 2022-2024	C3 2022	Straitéis a fhorbairt do 2022-2024	Straitéis forbartha
Monatóireacht a dhéanamh ar chórais TFC chun a chinntiú go n-éascaíonn siad seachadadh seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtíúla WRC	Athbhreithniú ráithiúil a dhéanamh agus a nuashonrú nuair is gá (laistigh de shrianta buiséadacha)	I rith 2022	Córais TFC atá furasta a úsáid a bheith ag obair go héifeachtach agus go héifeachtúil	Rinneadh agus feabhsaíodh monatóireacht de réir mar ba ghá
Tógáil/tástáil an Chórais Faisnéise um Chaidreamh Tionsclaíoch (IRIS) a chur i gcrích	Leanúint ag obair le RFTF, Codec agus comhpháirtithe inmheánacha chun córas bainistíú cásanna atá éasca le húsáid a chur i gcrích le haghaidh Idir-réittigh	C2 2022	Coráis a bheith ag feidhmiú	Coráis a bheith ag feidhmiú

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
foirm r-Ghearáin	Foirm ríomhghearáin a fhorbairt	C2 2022	Foirm r-Ghearáin a chur i bhfeidhm	Riachtanais slándála a raibh tionchar acu ar dháta seachadta feabhsaithe: Q223
Tairseach a thógáil	Tairseach a thógáil agus a dhearadh	C3 2023	Tairseach lánfheidhmiúil a bheith ag feidhmiú le saoráid chun stádas cáis a sheiceáil	Riachtanais slándála a bhfuil tionchar acu: dáta seachadta faoi athbhreithniú
Teicneolaíocht a uasmhéadú chun éifeachtúlachtaí agus úsáid acmhainní a fheabhsú	Leanfaidh WRC leis an obair le DEFE agus Comhairleoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar na húsáidí féideartha a bhaineann le huathoibriú próisis i bpróiseáil admhála gearáin luathchéime	Le linn 2022	Úsáidí féideartha a aithint agus cás gnó VFM a mheasúnú, d'fhonn straitéis mheántéarmach agus píolótach luath a fhorbairt in 2023	Tugadh RPA tosaigh isteach go rathúil Q422 agus tuilleadh scóipe leanúnaí
Anailísíocht Sonraí: Úsáid réiteach anailísíochta sonraí chun bonn eolais níos fearr a chur faoi chinnteoireacht bhainistíochta	Tuilleadh painéal a fhorbairt don tSeirbhís Breithnithe	Le linn 2022	Anailísíocht a úsáid go hiomlán i gcinnteoireacht	Anailísíocht sonraí feabhsaithe curtha ar fáil
	Oibriú le Tionscadal Samhaltaithe Riosca Cigireachta chun cabhrú le córas meastóireachta TFC riosca a thógáil de réir mar is gá	Le linn 2022	Straitéis forbartha agus ceadaithe	In úsáid
Cumarsáid	Straitéis Chumarsáide a fhorbairt chun tacú le cuspóirí gnó an WRC	C1 2022	Tacaíonn straitéis le cuspóirí gnó na Rannóg  Tacaíonn an straitéis le cuspóirí gnó na Rannán	Forbartha agus tugtha isteach
	I gcomhairle leis na Rannóga ábhartha ábhar agus feachtais Cumarsáide WRC a phleanáil go réamhghníomhach, a sheachadadh agus a thomhas  Déanfaimid roinnt feachtais tosaíochta a aithint agus a sheachadadh	I rith 2022	Tá ábhar WRC réamhphleanáilte, foilsithe agus tomhaiste	Ar lean: Rinneadh príomhfheachtais in 2022 a shioncronú dá réir
	Comhoibriú le RFTF agus le hAonaid Comms Rialtais eile	I rith 2022	Páirt a ghlacadh i Líonra Cumarsáide GIS	Ar lean

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Na Meáin Dhigiteacha	<p>Úsáid Meán Sóisialta</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Twitter</li> <li>• LinkedIn</li> <li>• WRC.ie</li> </ul>	I rith 2022	Twitter, LinkedIn agus WRC suíomh Gréasáin go rialta agus a úsáidtear chun tacú le pleananna gnó	<p>Leantóirí / Cuirteanna:</p> <p>Twitter +30%</p> <p>LinkedIn +50%</p> <p>Suíomh Gréasáin +20%</p>
	Oibriú le páirtithe leasmhara chun éifeachtacht an láithreáin ghréasáin a mheasúnú agus a leasú de réir mar is gá	I rith 2022	Suíomh gréasáin ábhartha na linne agus in úsáid	Chuathas i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus rinneadh uasghrádú ar an láithreán gréasáin mar a chomhairlíodh
Seirbhís do Chustaiméirí	Suirbhé ar Sheirbhís do Chustaiméirí a thionscnamh i Ráithe 4 go luath i 2023	C4 2022	Suirbhé ar Sheirbhís do Chustaiméirí a dhéanamh go luath in 2023	Tionscadal curtha siar go R123

## Aguisín

## 2

## Ciontuithe 2022

Fostóir	Ag Trádáil Mar	An Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht a mbaineann ciontú léi
Injamamul Haque	Ali Baba Turkish Kebab House	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	23/23a Sráid Washington, Corcaigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
XYZ Retail Ltd	Spar	Trádáil Mórdhíola & Miondíola	Terryland, Gaillimh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Palace Ventures Limited	Chef Kebab	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Punt St, Meathas Troim, Co Longfoirt	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
				An tAcht um Dhaoine Óga a Chosaint 1996
				An tAcht um Dhaoine Óga a Chosaint 1996
Linkat Limited	Peking Apache	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomh-Shráid, Achadh an Lúir, Co an Chabháin	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Jiya Enterprise Limited	Apache Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid Íochtarach, Manorhamilton, Co Liatroma	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006



Fostóir	Ag Trádáil Mar	An Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht a mbaineann ciontú léi
Pin Fang Ou	H Phone	Trádáil Mórdhíola & Miondíola	9a Sráid an Diúic, Baile Átha Í, Co Chill Dara	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Xuemei Lin	Royal Inn Chinese Takeaway	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 1 Ionad Siopadóireachta Chill Ligland, Cill Dhéagláin, Co na Mí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Pawan & Manish Ventures Limited	Apache Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	74 Sráid an Mhargaidh, Muinchille, Co an Chabháin	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
				An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (arna leasú)
Galley Marine Enterprises Limited		lascaireacht	Cnoc an Úlloird, Sandycove, Cionn tSáile, Co Chorcaí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Majid Hussain, Dzsenerifer Csik	Sam's Local Shop	Trádáil Mórdhíola & Miondíola	An Fiántas, Cluain Meala, Co Thiobraid Árann	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Lan Decran Limited	Macau Sporting Club	Ealaíona, Siamsaíocht & Áineas	16 Cé Naomh Pádraig, Corcaigh T23 ER5F	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Ealga C Fishing Limited		lascaireacht	Heilbhic, An Rinne, Co Phort Láirge	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Donatello's Venture Holdings Limited	Donatello's Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 11-13 Páirc Ghnó Exchange, Corcaigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Nightlife Exclusive Ltd	After Dark	Trádáil Mórdhíola & Miondíola	Cearnóg an Mhargaidh, Cúil an tSúdaire, Co Laoise	An tAcht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015
Bilal Fazal	Tasty Bites	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Príomh-Shráid, Buiríos Mór Osraí, Co Laoise	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

Fostóir	Ag Trádáil Mar	An Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht a mbaineann ciontú léi
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Milos Muntean	Car Wash	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Bóthar Dhún na nGall, Bealach Féich, Co Dhún na nGall	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (arna leasú)
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
FQM Alway Limited	Gala Supermarket Shanagolden	Trádáil Mórdhíola & Miondíola	Shanagolden, Co Luimnigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Lemon Hand & Foot Spa Ltd	Lemon Hand & Foot Spa	Gruaig & Áilleacht	4 Ionad Gnó Egan, Bóthar Dargle Uachtarach, Bré, Co Chill Mhantáin	An tAcht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015
Golen Food Ltd	Apache Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Túr, Machaire Clochaire, An Bun Beag, Co Dhún na nGall	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Jia Yin Chen	Jade Palace	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	2 Sráid Dhúghlais, Corcaigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Baili Catering Limited	Apache Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid, Coill an Chollaigh, Co an Chabháin	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Tony Mullins Racing	Watee Stud	Gníomhaíochtaí eachaí	11/13 Sráid na Beairice, Goresbridge, Co Chill Chainnigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Fedly Takeaway Limited	Regen Chinese	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Regen, Bóthar Chill Chainnigh, Gabhrán, Co Chill Chainnigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Charles Robinson	Eclipze Hair Design	Gruaig & Áilleacht	Eclipse, Aldercourt, Ferns, Co Loch Garman	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

# Aguisín

# 3

## Cinntí Breithnithe suntasacha WRC 2022 Achoimrí Cáis Thuarascáil Bhliantúil

Forléargas	67
Stádas Fostaíochta - Obair Pháirtaimseartha	67
Marie Wilgaard Kelly v. Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta Éireann, ADJ-00033791	67
Dírathú Conartha	69
Muiris Flynn v. Iarnrod Eireann, ADJ-00030195	69
Dífhostú/ConradhTearma Seasta	70
Kathryn O'Boyle v. Cógaisíocht Teocht Rialaithe Teoranta, ADJ-00032667	70
Dífhostú éagórach	72
Allessandra Quinn v. Ambasáid na Brasaíle, ADJ-00035802	72
James Spencer v. Lipéid Cháilíochta-Teicneolaíocht Heavey, ADJ-00031133	72
Ray Walsh v. Airgeadas Digiteach Econocom Teo, ADJ-00029093	73
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022	75
Sarah Sheehan v. An Rannán um Iomarcaíocht agus Íocaíochtaí Dócmhainneachta, ADJ- 00031194	75
Fionnuala O'Donnell v. Bridie Flannery agus Maura McSharry ag trádáil mar Simones Shligigh, ADJ-00034930	76
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 - Idirdhealú	77

David McDonagh v. Seirbhísí Lónadóireachta Harmony Teoranta, ADJ-00028368	77
Ieva Bukauskaite v. Cúntóir Teach Altranais Laurel Lodge, ADJ-00036423	78
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 - Ciapadh/ciapadh gnéasach	78
Riarthóir v. Club Gailf, ADJ-00028647	78
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 - Míchumais agus cóiríocht réasúnta	80
Caroline O'Connor v. Seirbhís Phríosúin na hÉireann, ADJ-00037941	80
Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 - Ballraíocht sa Lucht Siúil	81
Bridget O'Reilly v. Atlantic Troy Limited t/a Óstán Pháirc Charleville, ADJ-00020724	81
Megan McDonnell v. Stóráis Iceland Éire Teoranta, ADJ-00032641	83
Oskar Hangurbadzo v. Ladbroke (Éire) Teoranta, ADJ-00030248	84
Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 - Míchumais agus cóiríocht réasúnta	85
Sofiya Kalinova v. Permanent TSB Plc, ADJ-00026607	85
Othar Seachtrach v. Clinic, ADJ-00032480	86
Bernard Gilroy v. Deacatlan Spóirt Éire Limited, ADJ-00035357	87
Dalta (mionaoiseach) v. Bunscoil, ADJ-00021398	88
Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 - Cúnamh tithíochta	89
Tionónta le Stádas Dídeanaithe v. Tiarna Talún Beag, ADJ-00028448	89

## Forléargas

San aguisín achoimre cháis seo a leanas tugtar forléargas ar roinnt de na príomhcheisteanna dlí a thagann chun cinn sna cinntí a d'eisigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ("WRC") le linn 2022. Foilsítear é mar chuid de bheartas foriomlán trédhearcachta agus inrochtaineachta an WRC. Féachann sé le forléargas áisiúil agus faisnéiseach a thabhairt ar an réimse leathan saincheisteanna dlí a measadh in 2022. D'fhéadfadh cinntí dá dtagraítear anseo a bheith curtha ar ceal ina dhiaidh sin ar achomharc. Ní thugtar aon bharántas, tiomantas ná ráthaíocht maidir lena stádas dlíthiúil.

Maidir le cinntí WRC 2022, is é an critéar atá le cur san áireamh cé acu a bheidh an cheist ábhartha agus ina díol spéise do pháirtithe a bhfuil baint acu le cásanna os comhair an WRC. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil iontu ach léiriú ar na cinntí a foilsíodh in 2022.

Foilsítear an t-aguisín seo chun críocha faisnéise ginearálta agus inrochtaineachta amháin. Ní ráiteas ar an dlí é ag an WRC nó thar a cheann: déantar gach léitheoir a atreorú chuig téacsanna na gcinntí bunaidh, ina bhfuil na haon ráitis faoin dlí a rinne an WRC nó a fhoireann. Ní comhairle dlí na hachóimrí cáis, agus níor cheart caitheamh leo mar sin. De réir a oibleagáide reachtúil a chinntí a fhoilsiú, chuir an WRC téacsanna iomlána a chinntí agus a mholtaí ar fáil ar a shuíomh gréasáin ag [www.workplacelrelations.ie](http://www.workplacelrelations.ie) freisin. Déantar an láithreán gréasáin a nuashonrú go rialta agus áirítear leis ard-scagairí cuardaigh. Táthar ag súil gur acmhainn úsáideach phraiticiúil é do gach úsáideoir.

## Stádas Fostaíochta - Obair Pháirtaimseartha

Marie Wilgaard Kelly v. Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta Éireann, ADJ-00033791

### Eochairfhocail

Conraitheoir neamhspleách, conradh fad éiginnte, frithphárteachas oibleagáide, Karshan (Midlands) Ltd. t/a Domino's Pizza v. Na Coimisinéirí Ioncaim [2022] IECA 124, ionadaíocht, comhtháthú, conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile, Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015, An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001.

### Cúlra

Tar éis próiseas tairisceana a chomhlánú agus comhaontú conraitheora neamhspleách a shíniú, thosaigh an Gearánaí ag obair don Fhreagróir in 2015 mar theicneoir seodra agus ceirmeach. Rinneadh athnuachan ar an gconradh in 2016 agus d'éirigh léi ina tairiscint arís don phost in 2018 ar feadh dhá bhliain eile. An 12 Bealtaine 2021, chuir an Freagróir in iúl don Ghearánaí nach mbeadh an clár ar siúl tar éis dheireadh an chonartha ach go bhféadfadh an próiseas tairisceana oscailt arís in 2022.

Rinne sí aighneacht gur fostaí a bhí inti i ndáiríre agus rinne sí gearán gur briseadh as a post go héagórach í, contrártha leis na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015 ("UDA"). D'éiligh an conradh uirthi ról oiliúna/léiritheora a dhéanamh agus bhí dualgas ar an bhFreagróir obair a chur ar fáil di le linn théarmaí an choláiste. Thuairiscigh sí do bhainisteoir agus d'oibrigh sí uaireanta seasta, ag fáil íocaíocht shocraithe cosúil le tuarastal. Cé go bhféadfadh sí glacadh le hobair eile bhí teorainn leis sin.

Mhaígh an Freagróir nach raibh aon fhrithphárteachas oibleagáide ann. Sula ndeachaigh sí isteach sa chonradh gnó chun seirbhísí a sholáthar, lorg sí comhairle dlí neamhspleách. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sí ionadaíocht a dhéanamh agus teicneoir eile a chur sa ról agus d'fhéadfadh sí oibriú do pháirtithe eile.

## Fionnachtana

Bhreithnigh an OB ar dtús cé acu ar chonraitheoir neamhspleách nó ar fhostaí stádas ceart an Gearánaí. Bhí an OB ag brath ar chinneadh na Cúirte Achomhairc i Karshan Midlands Ltd t/a Domino's Pizza v. Na Coimisinéirí loncaim [2022 ] IECA 124 (gan tuairisc, an Chúirt Achomhairc, an 31 Bealtaine 2022) a chinn go gcaithfidh frithpháirteachas oibleagáide a bheith ina chuid de chonradh seirbhíse i gcónaí. Éilíonn sé sin "tíomantas cómhálartach leanúnach chun obair a sholáthar agus a dhéanamh ar thaobh an fhostóra agus an fhostaí faoi seach."

Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar chonradh 2015, chinn an OB i ndail le seasamh an Fhreagróra nach raibh aon fhrithpháirteachas oibleagáide ann "nach raibh sé inchreidte bunaithe ar chineál an chonartha idir na páirtithe ... agus réaltacht aon tríú páirtí ag breathnú ar an gcaidreamh seo." Bhí uaireanta leanúnacha ag an nGearánaí: 17 n-uair sa tseachtain ar feadh 46 seachtaine den bhliain. B'éigean di tuairisc a thabhairt do bhainisteoir agus bhí sí freagrach as a cuid mac léinn, d'ullmhaigh sí ábhair theagaisc agus measúnuithe, bhainistigh sí seomra ranga agus bhí freagrachtaí sláinte agus sábháilteachta uirthi.

Thug an OB clásail faoi deara sa chonradh ina ndeirtear nach bhféadfadh an Gearánaí obair a shannadh ná a chur ar fochonradh gan comhaontú roimh ré ón bPríomhfheidhmeannach agus nach bhféadfadh aon obair bhreise bac a chur ar a cuid oibre leis an bhFreagróir. Mheas an OB go raibh na clásail seo an-sriantach agus gur thug siad leibhéal ard smachta don Fhreagróir.

Mar fhocal scoir, leag an Freagróir béim ar thábhacht intinní na bpáirtithe agus toisc go raibh buntáiste na comhairle dlí neamhspleách ag an nGearánaí. Dúirt an OB arís gurbh í an mhaitrís fhíorasach sa chás seo maitrís chonradh seirbhíse agus go gcaithfear an chothromaíocht chumhachta in aon chaidreamh a mheas. I ndáiríre, ní raibh an dara rogha ag an nGearánaí ach glacadh leis na téarmaí mar a bhí leagtha amach sa chonradh.

Tar éis dóibh a chinneadh gur fostaí í an Gearánaí, bhreithnigh an OB ina dhiaidh sin cé acu a rinne an UDA iarratas ós rud é go gcaithfidh íosmhéid seirbhíse leanúnach bliana a bheith ag fostaí sula ndífhostófar iad sula mbeidh siad i dteideal brath ar a fhorálacha. Luaigh an OB go raibh an Gearánaí fostaíthe ag an bhFreagróir ar roinnt conarthaí ó 2015 le sosanna i seirbhís i rith thréimhsí an tsamhraidh. Foráiltear le s.2(2A), áfach, i gcás ina rachaidh conradh ar théarma seasta in éag agus go n-athfhostaítear an fostaí laistigh de thrí mhí, agus go bhfuil an OB den tuairim go raibh iontráil an fhostóra sa chonradh ina dhiaidh sin go hiomlán nó go páirteach chun dliteanas faoin UDA a sheachaint, go dtagann dífhostú an fhostaí faoi raon feidhme an UDA, fiú dá mbeadh níos lú ná seirbhís leanúnach bliana ag an bhfostaí faoin gconradh ina dhiaidh sin. Chinn an OB gur cuireadh na conarthaí i ndiaidh a chéile seo ar fáil chun dliteanas a sheachaint. Dá bhrí sin, tháinig dífhostú an Ghearánaí faoi réim an Achta.

Luaigh an OB go bhforáiltear le s.6(1) go bhfuil dífhostú éagórach mura bhfuil forais shubstaintiúla ann chun údar a thabhairt leis. Ceadáíonn Alt 6(7) do OB aird a thabhairt ar réasúntacht an fhostóra i ndáil leis an dífhostú.

Tar éis a fháil amach go raibh conarthaí i ndiaidh a chéile á n-úsáid ag an bhFreagróir chun a bhfreagrachtaí faoin UDA a sheachaint, chinn an OB go raibh iompar an Fhreagróra "idir mhírreasúnta agus ina shárú bunúsach ar chearta conartha." Níor thug an Freagróir aon fhianaise maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar roghanna malartacha ná dul i mbun comhairliúcháin de chineál ar bith leis an nGearánaí sular cinneadh í a dhíbheadh agus dá réir sin, briseadh an Gearánaí as a post go héagórach.

Maidir le fíricí an cháis, agus toisc gur shamhlaigh an Freagróir athshealbhú féideartha oiliúna i Meán Fómhair 2022, chinn an OB nach mbeadh cúiteamh oiriúnach agus d'ordaigh sé go n-athfhostófaí an Gearánaí ag an bhFreagróir ar théarmaí a shonraítear sa chinneadh.

## Dírathú Conartha

Muiris Flynn v. Iarnrod Eireann,  
ADJ-00030195

### Eochairfhocail

Dírathú, comhairliúchán, príosúnacht.

### Cúlra

Bhí an Gearánaí fostaithe mar leictreoir lánaimseartha, buan leis an bhFreagróir. I mí Mheán Fómhair 2017, bhí baint aige le timpiste thromchúiseach tráchta ar bhóithre ina raibh sé thar an teorainn dhleathach alcóil. Choinnigh sé a mhaoirseoir ar an eolas maidir le forbairtí, lena n-áirítear an dóchúlacht go gcuirfí pianbhreith choimeádta i bhfeidhm. Phléadáil sé ciontach as tiomáint chontúirteach a rinne dochar agus, i mí Dheireadh Fómhair 2019, gearradh téarma príosúnachta ceithre bliana air, agus cuireadh an tríocha mí dheiridh ar fionraí. Níor chuir an Freagróir tús le himscrúdú araíonachta ag tráth ar bith. Ar an 8 Márta 2020, áfach, fuair an Gearánaí litir dífhostaithe ón bhFreagróir ag dearbhú go raibh dírathú ar an gconradh fostaíochta mar thoradh ar a phríosúnacht agus go dtiocfadh an dífhostú i bhfeidhm ar an 25 Márta 2020.

D’áitigh an Gearánaí nár léirigh an Freagróir go raibh dírathú ar an gconradh. Ós rud é gur lean an Freagróir ag caitheamh leis an gconradh amhail is gurbh ann dó i gcónaí tar éis an teagmhais dírathaithe líomhnaithe bhain sé an bonn bunúsach dá sheasamh. Bhí an Freagróir in ann leanúint lena chuid oibríochtaí agus, ina theannta sin, ní dhearna sé aon iarracht dul i gcomhairle leis an nGearánaí maidir leis an dírathú líomhnaithe.

D’áitigh an Freagróir, tar éis tréimhse fhada bhreithnithe ag an mbainistíocht, gur chinn sé go raibh an conradh dírathaithe de dheasca na pianbhreithe coimeádta. Ní féidir le fostaí a fhreastalaíonn ar phianbhreith choimeádta aon obair a dhéanamh agus, dá bhrí sin, tá deireadh le frithpháirteachas na hoibleagáide idir na páirtithe. Is mar gheall ar nádúr na fostaíochta a bhí ag an ngearánaí, mar aon le fad na pianbhreithe, gur díratháíodh an conradh. Ceanglaíodh ar an bhFreagróir leictreoir breise a fhostú mar thoradh ar an neamhláithreacht leanúnach. Ó bhí díratháíodh an conradh, ní raibh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015 (“UDA”).

### Torthaí

Thagair an OB don chur síos ar ‘dírathú’ in Cox, Corbett & Ryan, *Employment Law in Ireland* (Clarus Press: 2009): “A contract of employment will be terminated by frustration where performance of the contract becomes impossible to perform due to an unforeseen event outside the control of either party.” Caithfidh an teagmhas nach raibh súil leis a bheith go hiomlán gan choinne agus ní leor cruatan ná míchaoithiúlacht.

Rinne an OB breithniú freisin ar chinntí Chúirt Achomhairc Shasana agus na Breataine Bige i *Hare v. Murphy Bros* [1974] 3 All ER 940 agus an Binse Achomhairc Fostaíochta i gComhairle Contae Dhún na nGall v. *Langan* UD 143/89 ina leagtar amach fachtóirí nach mór a mheas agus cinneadh á dhéanamh cé acu a bhíonn chonradh fostaíochta dírathaithe. Ina measc sin tá “the length of time the employee had been employed, the position which he held, the length of time which is likely to be away from his work and unable to perform it and the importance of getting somebody else to do his job in the meantime.” Leag an Binse Achomhairc Fostaíochta béim freisin ar an easpa comhairliúcháin leis an bhfostaí mar fhachtóir ábhartha agus cinneadh á dhéanamh cé acu a bhí an dífhostú éagórach.

Luaigh an OB gurb é dáta an dírathtaithe líomhnaithe an dáta ar cuireadh an Gearánaí i bpríosún agus mheas sé go raibh seasamh an Fhreagróra contrártha. Choinnigh sé fostaíocht an Ghearánaí ar feadh ceithre mhí tar éis príosúnachta agus cheadaigh sé tréimhse foirceanta freisin. Dá gcuirfí deireadh leis an gconradh nuair a tharla an phríosúnacht, áfach, ní bheadh aon cheanglas ann fógra a thabhairt. Ba léiriú é fógra a sholáthar gur mhair an caidreamh conarthach slán tar éis an teagmhais. Ina theannta sin, le linn na tréimhse seo lean gníomhaíochtaí an Fhreagróra ar aghaidh gan cur isteach suntasach. Cé gur cruatan agus míchaoithiúlacht a bhí in éagmais an Ghearánaí gan dabht, níor chiallaigh sé go gcaithfí deireadh a chur leis an bhfostaíocht.

Maidir leis na tosca nach mór d'fhostóir a bhreithniú, luaigh an OB gur tugadh foláireamh don Fhreagróir faoin dóchúlacht go bhforchuirfí pianbhreith choimeáda roimh an gcéanna ach nach ndearna sé aon iarracht dul i gcomhairle leis an nGearánaí. Níor chuir an Freagróir aon fhianaise ar fáil faoi scrúdú ar na critéir a leagadh amach in Hare.

I gcúinsí den sórt sin, chinn an OB nach raibh an conradh fostaíochta dírathtaithe agus, dá réir sin, gur briseadh an Gearánaí as a phost go héagórach. Maidir le cúiteamh, mheas an OB iarrachtaí an Ghearánaí a chaillteanas a mhaolú. Fuair an Gearánaí fostaíocht mhalartach ach ní raibh sé buan agus bhí sé ag ráta pá níos ísle. Mar sin féin, ba dheacrachtaí maidir le hiompar is mó ba chúis lena dheacrachtaí maidir le fostaíocht a choinneáil agus ní fhéadfaí iad a chur i leith an dífhostaithe. Ar deireadh, mheas an OB s.7(2)(f) UDA a éilíonn air, agus cúiteamh á chinneadh, breithniú a dhéanamh ar a mhéid a chuir iompar an fhostaí leis an dífhostú. Chinn an OB go raibh iompar an Ghearánaí ina fhachtóir suntasach ag cur leis an dífhostú agus, i Leictreoir v. Soláthraí Iompair, ADJ-0007578, a raibh fíricí comhchosúla i gceist leis, fuarthas rannchuidiú 85% le dífhostú. Sna cúinsí sin, bhronn an OB €4,000 mar chúiteamh.

## Conradh Dífhostaithe/ Téarma Seasta

Kathryn O'Boyle v. Temperature Controlled Pharmaceuticals Limited, ADJ-00032667

### Eochairfhocail

Dífhostú, iomarcaíocht, conradh ar théarma seasta, nósanna imeachta cothroma, mainneachtain cailteanas a mhaolú, s.7(2) Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015.

### Cúlra

Mhaígh an Gearánaí gur briseadh as a post go héagórach í. Ní raibh aighneas ann faoi dhífhostú, ach mhaígh an Freagróir go raibh iomarcaíocht dhlísteanach ann agus d'ardaigh sé ceist freisin faoi iarrachtaí an Ghearánaí a cailteanas a mhaolú.

Thosaigh an Gearánaí a cuid fostaíochta leis an bhFreagróir in Aibreán 2019 mar Bhainisteoir Caidrimh Cliant. Fostaíodh í go páirtaimseartha agus ar chonarthaí téarma seasta scríofa ceann i ndiaidh a chéile. Bhain a conradh scríofa deiridh, ón 1 Meitheamh 2020 go dtí an 29 Lúnasa 2020, le post lánaimseartha. Ba é a bhí ann obair duine eile a chlúdach fad is a d'earcaigh an Freagróir athsholáthar. Tar éis don chonradh sin dul in éag, lean an Gearánaí uirthi ag obair agus, an 2 Deireadh Fómhair 2020, rinne an Freagróir teagmháil léi agus dúirt sí go bhfillfeadh sí ar obair pháirtaimseartha ón 2 Samhain, de réir na tuisceana eatarthu. Ar an 13 Deireadh Fómhair, áfach, cuireadh in iúl don Ghearánaí go gcuirfí deireadh lena fostaíocht ar an 30 Deireadh Fómhair. An lá dár gcionn, fuair sí ríomhphost ag deimhniú an chinnidh a rinneadh ar an mbonn go gcomhlíonfadh duine a raibh cáilíocht altranaís aige a ról feasta. Thagair an ríomhphost do stádas oibre ar théarma seasta an Ghearánaí rud a chiallaigh nach gcuirfí san áireamh í faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015 ("UDA"). Cuireadh in iúl don Ghearánaí nach raibh sí á cur ar iomarcaíocht.



D'admhaigh an Freagróir gurbh í an chúis a tugadh le dífhostú ag an am, i.e. ag brath ar an bhfíric go raibh an Gearánaí ar chonradh ar théarma seasta, mícheart. Mhaígh sé gur cás iomarcaíochta a bhí ann agus go raibh sé ag brath ar s.7(2)(e) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022 a dhéanann foráil d'iomarcaíocht dhlísteanach nuair a chinneann fostóir gur chóir don obair a bheith déanta feasta ag duine atá in ann obair eile a dhéanamh nach bhfuil an fostaí cáilithe go leor ina leith. Tháinig altra cáilithe in ionad an Ghearánaí.

Tháinig saincheist chun cinn freisin maidir le hiarrachtaí an Ghearánaí a cailleanais a mhaolú. Mhaígh an Freagróir nach raibh ach cineál amháin fostaíochta á cuardach ag an nGearánaí agus í ag lorg oibre. Fuair an Gearánaí fostaíocht lánaimseartha i mí na Nollag 2021. Roimhe sin chuaigh sí ar an dól mar iarrthóir poist agus rinne sí iarratas ar phoist a bhain lena réimse taithí agus oiliúna. Luaigh an Gearánaí go raibh dianghlasáil leibhéal-5 i bhfeidhm in Éirinn nuair a briseadh as a post í agus nach raibh mórán ról ann a bhaineann le bheith ag déileáil le custaiméirí. Chuir sí tús lena gnó féin freisin mar shnáthaidpholladóir i Meitheamh 2021 ach, de bharr Covid-19, bhí sí ag streachailt leis sin chomh maith.

## Torthaí

Chinn an OB gur ar an mbonn go raibh conradh téarma seasta an Ghearánaí le dul in éag an chúis leis an dífhostú a thug an Freagróir ag an am. Níor luadh an foras ar braitheadh air ag an éisteacht, an iomarcaíocht, níor luadh leis an nGearánaí riamh é, agus diúltaíodh go sonrach di é ag an am. Sna cúinsí sin, chinn an OB nár ghá di a chinneadh an fíor-iomarcaíocht a bhí ann nó nárbh ea. Ar fhoras an chonartha ar théarma seasta, chinn an OB go raibh conradh briathartha fostaíochta ag an nGearánaí tar éis don phost lánaimseartha a bheith líonta. Ní raibh aon dáta deiridh ag an gconradh, ní raibh aon chúis foirceanta ann agus níor cuireadh síos air mar chonradh ar théarma seasta. Dá bhrí sin, ní conradh téarma seasta a bhí ann agus níorbh ábhartha na tagairtí don reachtaíocht ná don chásdlí gaolmhar. Dá réir sin, rinne an Freagróir an Gearánaí a dhíbheadh go héagórach.

Maidir le maolú ar chailteanas, luaigh an OB, agus cúiteamh á chinneadh faoi S.7(2)(C) UDA, go raibh oibleagáid ar an bhfostaí a cailteanas a mhaolú ar cheann de shé thástáil sa roinn sin agus nach raibh sé níos príomha ná aon cheann eile. Ní raibh a mhéid a bhí an cailteanas airgeadais inchurtha i leith an fhostóra ná an fhostaí ná a mhéid a chuir iompar an fhostaí leis an dífhostú ábhartha sa chás seo. Ach theip ar an bhFreagróir níos imeachta a sholáthar don Ghearánaí maidir le dífhostú agus theip air níosanna imeachta cothroma a chomhlíonadh maidir leis an dífhostú. Sna cúinsí sin, chinn an OB go mbeadh sé “go hiomlán gan údar” pionós a ghearradh ar an nGearánaí amháin ar an mbonn nach ndearna sí dóthain iarrachta a cailleanais a mhaolú nuair is ar an bhFreagróir atá an locht faoi chothrom na héagothromaíochta agus mainneachtain s.7 a chomhlíonadh ina iomláine. Cé nach bhféadfaí an Freagróir a choinneáil freagrach go hiomlán as rogha an Ghearánaí í féin a theorannú dá réimsí saineolais, ba léir go raibh Covid ina fhachtóir agus í ag cuardach oibre.

Ag féachaint dó seo go léir, agus ós rud é go raibh an Gearánaí ar thuarastal €30,000 le sochar comhchineáil €8,000, bhronn an OB cúiteamh ar suim €15,000 ar an nGearánaí.

## Dífhostú éagórach

Allessandra Quinn v. Ambasáid na Brasaíle,  
ADJ-00035802

### Eochairfhocail

Dífhostú éagórach, forais le dífhostú, nósanna imeachta cothroma, Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015.

### Cúlra

Rinne an Gearánaí gearán gur briseadh as a post go héagórach í. Thosaigh sí a post mar bhean tí leis an bhFreagróir i mí na Samhna 2001. Bhog sí go hÉirinn mar bhall de theaghlach an ambasadora agus, mar sin, bhí clásal 'seomra agus bord' mar chuid dá conradh fostaíochta. I mí na Samhna 2020, cuireadh in iúl don Ghearánaí, mar gheall ar cheisteanna buiséid, gur chuir an Freagróir deireadh lena chomhaontú léasa don Ambasáid agus go mbeadh sé ag bogadh go dtí áitreabh níos lú. Dá réir sin, ní chuirfí seomra ar fáil don Ghearánaí a thuilleadh. Tharla sé sin i Márta 2021. Ós rud é nach raibh dóthain spáis ag an áit chónaithe nua d'fhostaithe tí, mhol an Freagróir conradh an Ghearánaí a nuashonrú agus clásal an tseomra bainte ach le méadú ar thuarastal, nó foirceannadh cairdiúil ar an gconradh. Níor ghlac an Gearánaí le tairiscintí an Fhreagróra agus dá réir sin cuireadh deireadh lena conradh an 27 Iúil 2021.

### Torthaí

Luaigh an OB gur "cás truamhéalach" a bhí ann mar gur léir gur fostaí a raibh ardmheas uirthi an Gearánaí agus nár theastaigh ón bhFreagróir go n-imeodh sí as a post. Chinn an OB freisin, tar éis an chinnidh bogadh, gur chuir an Freagróir moltaí dea-intinne chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí an Ghearánaí. Foráiltear leis na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015 ("UDA") áfach, go nglacfar leis go mbeidh gach dífhostú fostaí éagórach mura féidir leis an bhfostóir forais shubstaintiúla a thaispeáint a thugann údar leis an dífhostú. Chun údar a thabhairt le dífhostú, ní mór d'fhostóir a thaispeáint gur eascair sé as ceann de na cúiseanna seo a leanas, nó go raibh forais shubstaintiúla eile ann chun an dífhostú a dhéanamh:

- (a) Cumas, inniúlacht nó cáilíochtaí an fhostaí chun an obair a dhéanamh a bhí sé fostaithe lena déanamh;
- (b) Iompar an fhostaí;
- (c) Iomarcaíocht;
- (d) Ós rud é go sáródh leanúint den fhostaíocht ionstraim reachtúil.

Sa chás seo, chinn an OB nach raibh aon rud dár chuir an Freagróir chun tosaigh ina údar le dífhostú an Ghearánaí. Ina theannta sin, ní mór d'fhostóir a thaispeáint freisin gur lean siad nósanna imeachta cothroma agus cuí roimh dhuine a bhriseadh as a phost. Is beag nós imeachta a bhí sa chás seo. Mar sin, bhí an dífhostú éagórach ar dhá bhonn, cionn is nach raibh aon chúis leis an dífhostú agus de bhrí go raibh sé éagórach ó thaobh nós imeachta de.

Agus aird á cur san áireamh gur aimsigh an Gearánaí obair mhalartach seacht mí tar éis di a bheith briste as a post, bhronn an OB €21,793, arbh ionann é agus pá seacht mí.

James Spencer v. Heavey Technology –  
Quality Labels, ADJ-00031133

### Eochairfhocail

Dífhostú, aois, éileamh comhthreomhar, aois scoir éigeantach, cosaint fostaíthe leochaileacha, Covid-19, Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015.

### Cúlra

Mhaígh an Gearánaí gur briseadh as a phost go héagórach é ar fhoras aoise, faoi s.8 Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015 "UDA". Mhaígh sé freisin go ndearnadh leithcheal air ar fhoras aoise, faoi S.6 Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 "LEE".

Chuir an Gearánaí tús lena fhostaíocht leis an bhFreagróir i Márta 2010. Ar dháta an dífhostaithe, an 3 Iúil 2020, bhí an Gearánaí 68 bliain d'aois. D'éisigh an Freagróir conradh fostaíochta in 2015 inar leagadh amach aois scoir nasctha le hincháilitheacht do phinsean stáit; níor shínigh an Gearánaí an conradh riamh, áfach. Ina theannta sin, bhí cur chuige solúbtha ag an bhFreagróir i leith na haoise scoir; lig sé don Ghearánaí oibriú thar 66 bliain d'aois agus lig sé d'fhostaí eile oibriú ar aghaidh go dtí a 72ú bliain. D'athraigh an Freagróir an polasaí seo, áfach, le linn phaindéim Covid-19. Ar an 19 Meitheamh 2020, scríobh an Stiúrthóir Díolacháin chuig an nGearánaí ag rá go raibh siad anois ag iarraidh ar fhostaithe dul ar scor de réir aois an phinsin stáit agus gur polasaí oifigiúil cuideachta a bhí ann anois. Mhínigh an Stiúrthóir Díolacháin go raibh gá leis an athrú polasaí seo i bhfianaise na bhforbairtí náisiúnta agus na paindéime sláinte. Mhaígh an Freagróir gur agair sé an aois scoir a luadh sa chonradh fostaíochta mar gheall ar threoir sláinte phoiblí a thug le fios gurbh fhusa don víreas daoine aosta a ionsaí.

## Torthaí

Sa chás seo, chinn an OB nach raibh aon aois éigeantach scoir ann agus ba é cleachtas an Fhreagróra ligean d'fhostaithe leanúint ar aghaidh ag obair thar aois bharúlach le dul ar scor. Bhí athrú aontaobhach déanta ag an mbainisteoir agus gan an ceart aige é sin a dhéanamh agus ina theannta sin ní raibh an t-athrú réasúnta. Ní raibh aon treoir sláinte phoiblí ann a d'éiligh ar fhostóir fostaíthe a scor os cionn 66 bliain d'aois ar an mbonn go raibh siad níos leochailí ná fostaíthe níos óige. Ní raibh an bainisteoir a shocraigh an polasaí a athrú cáilithe ó thaobh na míochaine de. Dá mbeadh an cinneadh bunaithe ar chomhairle neamhspleách leighis b'fhéidir go mbeadh sé réasúnta; ní raibh, áfach. Ní raibh aon fhianaise sa chás seo go raibh an Gearánaí éagumasach chun oibre.

Chinn an OB gur briseadh an Gearánaí as a phost go héagórach bunaithe ar fhoras aoise agus bronnadh cúiteamh €31,558 air, arna ríomh ar an mbonn gur dócha go mbeadh 78 seachtain eile ag an nGearánaí. Luaigh an OB, mar gheall ar aois an Ghearánaí, gur beag seans go bhfaigheadh sé fostaíocht eile arís.

Measadh nach raibh bunús maith le héileamh an Ghearánaí faoin LEE ar an mbonn go raibh an t-éileamh mar an gcéanna leis an éileamh a cinneadh faoin UDA agus nach féidir le fostaí brath ar na fíricí céanna chun sásamh a fháil faoi níos mó ná ceann dliteanais amháin.

Ray Walsh v. Econocom Digital Finance Ltd.,  
ADJ-00029093

## Eochairfhocail

Dífhostú éagórach, iomarcaíocht, comhairliúchán, nósanna imeachta éagóracha, údarás chun dífhostú, Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015, Na hAchtanna um Iocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022.

## Cúlra

Cuireadh an Gearánaí ar iomarcaíocht an 31 Iúil 2020 ar an gcúis, dar leis an bhFreagróir, soláthraí idirnáisiúnta seirbhísí TF agus airgeadais, gur dúnadh a oibríocht díolacháin in oifig Bhaile Átha Cliath. Mhaígh an Gearánaí gur seafóid a bhí ina dhífhostú mar gheall ar iomarcaíocht.

Chuir an Gearánaí tús lena fhostaíocht leis an bhFreagróir i mí na Samhna 2004. Faoi Aibreán 2020, bhí sé ina bhainisteoir cuntais ar thuarastal bliantúil de bheagán os cionn €120,000. Ar an 27 Aibreán 2020, tugadh cuireadh dó chuig cruinniú Microsoft Teams leis an Stiúrthóir Bainistíochta agus leis an Stiúrthóir AD. Mhair an cruinniú timpeall deich nóiméad agus dúradh leis an nGearánaí go raibh a phost iomarcach.

Rinne an Gearánaí agóid i gcoinne bhunús na hiomarcaíochta agus mhaígh sé go raibh an nós imeachta éagórach: ní raibh aon chomhairliúchán fiúntach ann, gan aon bhreithniú ar an bhféidearthacht go mbeadh róil mhalartacha ann agus gan aon achomharc ar an gcinneadh.

D'áitigh an Freagróir gur dúnadh an oibríocht díolacháin in Éirinn mar gheall ar a chostais arda agus ar an laghdú ar bhrabús ó 2017 agus, dá bhrí sin, gur iomarcaíochtaí dáiríre iad foirceannadh phost an Ghearánaí, agus phost a bhainisteora. Cé gur ghlac sé leis gur teascadh an próiseas comhairliúcháin, ní raibh aon phoist mhalartacha oiriúnacha ar fáil mar nach raibh an Gearánaí cáilithe chun oibriú ar an bhfoireann riosca agus comhlíonta. Dá bhrí sin, bheadh plé maidir le roghanna mhalartacha gan mhaith.

Tar éis rannpháirtíocht theoranta maidir le téarmaí na hiomarcaíochta, chuaigh an Gearánaí ar saoire gharraíodóireachta agus cuireadh deireadh lena fhostaíocht ar an 31 Iúil 2020. Fuair sé iomarcaíocht reachtúil €19,152. Chuir an Gearánaí tús le ról nua i mí Lúnasa 2021 ag tuarastal €60,000.

## Torthaí

Luaigh an OB ar dtús go bhforáiltear le s.6(1) de na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015 (“UDA”) go bhfuil dífhostú éagórach mura gcruthaíonn an fostóir go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chosaint. Foráiltear le halt 6(4)(c) nach mbeidh dífhostú a eascraíonn “go hiomlán nó go príomha as iomarcaíocht an fhostaí” éagórach agus go bhfuil cúiseanna dlisteanacha le hiomarcaíocht, lena n-áirítear má tá an dífhostú inchurtha i leith na fírice go bhfuil an fostóir scortha den ghnó a chur i gcrích a raibh an fostaí fostaíthe ina leith, go bhfuil siad leagtha amach sna hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022 (“RPA”).

Foráiltear le halt 6(7) UDA freisin, agus cinneadh á dhéanamh cé acu atá dífhostú éagórach, go bhféadfaidh an OB réasúntacht iompar an fhostóra a bhreithniú. Luaigh an OB, in éagmais nós imeachta comhaontaithe, go gceanglaítear ar an bhFreagróir a chinntiú go dtugtar nósanna imeachta cothroma, lena n-áirítear: “an ceart chun fógra a fháil, an ceart chun ionadaíocht a bheith ar fáil ag cruinnithe, ceart an fhostaí freagra a thabhairt ar chinneadh an fhostóra a phost a dhéanamh iomarcach agus an ceart achomhairc.”

Mheas an OB ar dtús cé acu an iomarcaíocht dháiríre a bhí sa dífhostú. Thug sí faoi deara gur dhún an Freagróir síos an oibríocht díolacháin toisc gur chinn sé nach raibh dóthain brabúis á ghiniúint aici agus go raibh sé róchostasach le reachtáil. Níor cruthaíodh poist eile in áit phoist an Ghearánaí ná a bhainisteora. Cé gur cheistigh an Gearánaí an réasúnaíocht taobh thiar den chinneadh seo, chinn an OB go raibh “fostóir i dteideal gach cuid dá ghnó nó d’aon chuid dá ghnó a dhúnadh síos, agus tarlaíonn sé sin an t-am ar fad, uaireanta fiú i gcuideachtaí brabúsacha.” Bhain míniú an Fhreagróra go soiléir leis an sainmhíniú ar iomarcaíocht i s.7(2) RPA.

Ansin, mheas an OB cé acu a cuireadh nósanna imeachta cothroma i bhfeidhm. Luaigh an OB go gciallaíonn ‘réasúntacht’ i gcomhthéacs iomarcaíochta “caitheamh leis an bhfostaí le meas agus le cothroime sna cúinsí atá i réim.” Chinn an OB gur gníomh “dímheasúil” é cuireadh a thabhairt don Ghearánaí chuig cruinniú gan aon réamhfhógra faoi ábhar an chruinnithe. Maidir le ceist an chomhairliúcháin, chinn an OB nár tairgeadh aon mhíniú inchreidte ar an gcinneadh gan dul i gcomhairle leis an nGearánaí chun ról malartach oiriúnach a aithint nó síneadh a chur lena thréimhse fógra ionas go bhféadfadh sé post eile a fháil. Bhí an Freagróir ag brath ar chásanna Nigrell v. Sandra Graham UD 690/2013 agus Mugford v. Midland Bank Plc [1997] ICR 399, [1997] IRLR 208, chun comhairliúchán teasctha a chosaint. Rinne an OB idirdhealú idir na cásanna seo ar a gcuid fíricí: tá láithreach ag an bhFreagróir in go leor tíortha agus fostaíonn sé daoine a bhfuil éagsúlacht chasta scileanna agus saineolais acu. D’fhéadfaí an Gearánaí, le scileanna i ndíolacháin agus i dteangacha, agus taithí cúig bliana déag ag obair sa chomhlacht, a shannadh do phost eile.

Ina theannta sin, luaigh an OB, i gcás nach bhfuil aon fhéidearthacht ann go mbeadh post malartach ar fáil, go dtugtar sa phróiseas comhairliúcháin aghaidh ar na téarmaí atá á dtairiscint de ghnáth, agus gurb é an rannpháirtíocht sin leis an bhfostaí “bunchloch na córa réasúnta.” Sa chás seo, ba theoranta an rannpháirtíocht a bhí ann. Rinne an OB amach “gur imigh an Freagróir ó chaighdeán na réasúntachta a thaispeánfadh fostóir réasúnta agus é ag déileáil le fostaí i gcúinsí comhchosúla.”

Bhronn an OB €120,000 ar an nGearánaí mar chúiteamh, arb ionann é agus ollphá bliana.

## Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022

Sarah Sheehan v. Redundancy and  
Insolvency Payments Section, ADJ-00031194

### Eochairfhocail

Iomarcaíocht, íocaíocht iomarcaíochta reachtúil, fostaíocht leanúnach 104 seachtaine, leagan as foirne, seirbhís ináirithe, leanúnachas seirbhíse, Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022.

### Cúlra

Rinne an Gearánaí gearán nach bhfuair sí a hiomarcaíocht reachtúil ón bhFreagróir, rannán den Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuirtear iomarcaíocht reachtúil ar fáil nuair nach féidir iomarcaíocht a sholáthar ón iarfhostóir. Bhí an díospóid dírithe ar léirmhíniú na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022 (“RPA”) agus ar cheart tréimhsí leagan as foirne a chur san áireamh chun tréimhse na fostaíochta leanúnaí a ríomh.

Chuir an Gearánaí tús lena fostaíocht in Debenhams ar an 26 Aibreán 2018. Mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus an comhlacht dul faoi riarachán, cuireadh an Gearánaí ar leagan as ón 1 Aibreán 2020, agus lena linn sin bhí íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime á fáil aici. Tháinig deireadh lena fostaíocht ar an 20 Bealtaine 2020.

Shéan an Freagróir éileamh an Ghearánaí ar iomarcaíocht reachtúil ar an mbonn go raibh níos lú ná fostaíocht leanúnach 104 seachtaine ag an nGearánaí, mar a cheanglaítear le s.7 RPA, toisc nach bhféadfaí déileáil lena tréimhse leagan as mar sheirbhís ináirithe.

### Torthaí

Luaigh an OB go bhforáiltear le s.7 RPA go bhfuil fostaí a dhífhostaíonn a bhfostóir mar gheall ar iomarcaíocht i dteideal íocaíocht iomarcaíochta ar an gcoinníoll, i measc critéir eile, go bhfuil an fostaí fostaíthe go leanúnach ar feadh 104 seachtaine. Sainmhínítear ‘seirbhís leanúnach’ i Sceideal 3 chuig an RPA, lena bhforáiltear, i gcás ina mbeidh cur isteach ar thréimhse seirbhíse fostaí ag aon thréimhse leagan amach, nach mbrisfeadh leanúnachas fostaíochta leis an mbriseadh sin. Foráiltear le halt 11, i leith fostaíochta fostaí, i gcás go “stadann sí de bharr nach raibh a fhostóir in ann an obair a sholáthar a raibh an fostaí fostaíthe lena déanamh” agus nach bhfuiltear ag súil go mbeidh sé buan, go measfar gur leagan as é an scor. Dá bhrí sin, níor bhris leagan as an Ghearánaí a leanúnachas fostaíochta.

Cé nach mbriseann tréimhse leagan as tréimhse fostaíochta leanúnach, ba í an phríomhcheist sa chás seo an raibh an tréimhse leagan as le cur san áireamh agus an líon seachtainí ‘fostaíocht leanúnach’ a bhí ag an bhfostaí á ríomh. Ghlac an OB leis, nuair a ríomhtar méid na híocaíochta iomarcaíochta cnapshuime a bhfuil fostaí ina theideal, go gcaithfeadh ‘seirbhís ináirithe’ an fhostaí a chinneadh, de réir para.1 de Sceideal 3. De bhun para.8 de Sceideal 3, ghlac an OB leis nach féidir le neamhláithreacht mar gheall ar leagan as a bheith ina ‘seirbhís ináirithe’. Chinn an AO, áfach, go raibh an Freagróir ag coigistiú ‘seirbhís ináirithe’ agus ‘leanúnachas seirbhíse’. Níor cheart go mbeadh ‘seirbhís ináirithe’ ina fhachtóir ach chun méid aon dámhachtana a ríomh. Níl aon tagairt don ‘íocaíocht ináirithe’ in alt 7, ina leagtar amach an ceart chun íocaíocht iomarcaíochta; ní dhéantar tagairt ach do sheirbhís leanúnach agus ní bhriseann leagan as an leanúnachas sin.

Chinn an OB go raibh seirbhís leanúnach 104 seachtaine bainte amach ag an nGearánaí ach ba faoin bhFreagróir méid na híocaíochta iomarcaíochta a chinneadh agus seirbhís ináirithe an Ghearánaí á cur san áireamh.

Fionnuala O'Donnell v. Bridie Flannery agus Maura McSharry ag trádáil mar Simones of Sligo, ADJ-00034930

## Eochairfhocail

Iomarcaíocht, ríomh na híocaíochta iomarcaíochta, seachtain oibre laghdaithe, gnáthluach saothair seachtainiúil, Sceideal 3, para.13, para.20, Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022.

## Cúlra

Rinne an Gearánaí gearán faoi ríomh a híocaíochta iomarcaíochta. Bhain an cás le cé acu ar cheart laghdú uaireanta roimh iomarcaíocht a úsáid chun an íocaíocht a ríomh in imthosca inar chuir an fostaí i gcoinne an laghdaithe sin i gcónaí.

Thosaigh an Gearánaí ag obair i ról díolacháin agus riaracháin leis an bhFreagróir, gnó miondíola éadaí bainise, in 2008. Go dtí 2018, d'oibrigh an Gearánaí seachtain cúig lá. I mí Dheireadh Fómhair 2018, mar gheall ar ísliú céime i ngnó an Fhreagróra, laghdaigh an Freagróir uaireanta oibre a fhoirne agus thosaigh an Gearánaí ag obair seachtain trí lá. Chuir an Gearánaí in iúl don Fhreagróir gur ar bhonn sealadach a thoiligh sí glacadh leis an tseachtain laghdaithe seo agus gur mhian léi go gcuirfí ar ais í ar uaireanta iomlána chomh luath agus ab fhéidir. Ina dhiaidh sin, gach uair a cuireadh an Gearánaí ar sheachtain trí nó ceithre lá, chuir sí ina choinne. Le linn na paindéime, cuireadh an Gearánaí ar leagan as foirne sealadach. Nuair a athosclaíodh an siopa i mí na Bealtaine 2021, cuireadh an Gearánaí ar sheachtain ceithre lá. D'iarr sí go gcaithfí léi faoi mar a cuireadh ar iomarcaíocht í ar an mbonn nach raibh aon chomhartha ann go mbeadh an post choíche ina phost lánaimseartha arís. Cuireadh ar iomarcaíocht í ar an 7 Meán Fómhair 2021.

D'áitigh an Freagróir gur cuireadh in iúl dóibh gur cheart ríomh na híocaíochta iomarcaíochta a bhunú ar na meánuaireanta a d'oibrigh an Gearánaí le 52 seachtain roimhe sin. Ar an mbonn sin, ríomh an Freagróir a híocaíocht iomarcaíochta ar sheachtain ceithre lá.

Chreid an Gearánaí gur cheart go mbeadh a híocaíocht iomarcaíochta bunaithe ar sheachtain cúig lá mar gur chuir sí i gcónaí i gcoinne laghdú a cuid uaireanta.

## Torthaí

Agus breithniú á dhéanamh cé acu a bhí an ríomh a chuir an Freagróir i bhfeidhm ceart, luaigh an OB go bhfuil ríomh íocaíochta iomarcaíochta bunaithe ar dtús ar 'ghnáthluach saothair seachtainiúil' an fhostaí. Maidir le hoibríthe a mbíonn tuarastal nó uaireanta oibre seasta acu, foráiltear le para.13 de Sceideal 3 leis na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2022 ("RPA") go nglacfar le 'gnáthluach saothair seachtainiúil' mar thuilleamh i leith gnáthuaireanta oibre seachtainiúla "amhail ar an dáta ar dearbhaíodh go raibh sé iomarcach." I gcás fostaithe nach mbíonn gnáthuaireanta oibre acu, foráiltear le para.20 leis an Sceideal go nglacfar leis gurb é 'gnáthluach saothair seachtainiúil' an meánluach saothair seachtainiúil a fuair an fostaí thar thréimhse 52 seachtain, ina raibh an fostaí ag obair, díreach roimh dháta na hiomarcaíochta. Bhí an Freagróir tar éis a ríomh a oibriú amach de réir para.20.

Luaigh an OB nár aithin an Gearánaí an bunús reachtúil chun a dhearbhu go raibh sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta bunaithe ar sheachtain cúig lá toisc nár aontaigh sí leis an laghdú. Luaigh an OB go bhforáiltear le comhairle a foilsíodh ar láithreáin ghréasáin na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na Faisnéise do Shaoránaigh gur cheart, nuair a ríomhtar íocaíocht iomarcaíochta sa cás gur laghdaíodh uaireanta an chloig ach nár aontaigh an fostaí leis an laghdú sin, agus gur lean an laghdú sin ar aghaidh níos mó ná bliain, gur cheart ríomh na híocaíochta iomarcaíochta a bhunú ar an tuarastal réamhlaghdaithe ar conradh. Chinn an OB, áfach, nach raibh aon bhunús reachtúil leis an gcomhairle sin.

Agus an RPA á bhreithniú, chinn an OB gurbh í an cheist cé acu a bhí uaireanta an Ghearánaí socraithe nó athraitheach ar dháta na hiomarcaíochta agus ar cheart measúnú a dhéanamh ar an nGearánaí faoi phara.13 nó para.20 de Sceideal 3. Chinn an OB nach bhféadfaí ciall a bhaint as 'gnáthuaireanta oibre seachtainiúla' mar na huairéanta faoinar fostaíodh an Gearánaí ar dtús chun obair a dhéanamh mar go bhféadadh sé sin gurb iomarcach cuimsiú an fhrása "amhail ag an dáta ar fógraíodh go raibh sé iomarcach". Níor oibrigh an Gearánaí a cuid uaireanta conartha ar feadh trí bliana sular cuireadh ar iomarcaíocht í.

Sa chás seo, ba é para.20 an fhoráil cheart le cur i bhfeidhm ó bhí éagsúlacht ag baint le huairéanta an Ghearánaí. D'úsáid an Freagróir seachtain ceithre lá go dleathach chun an íocaíocht iomarcaíochta a ríomh a thug íocaíocht iomarcaíochta don Ghearánaí de bhreis ar a teidlíocht. In éagmais bonn reachtúil d'áiteamh an Ghearánaí nár cheart na huairéanta laghdaithe a mheas toisc gur chuir sí in aghaidh an laghdaithe, chinn an OB go raibh srian air gnáthbhrí an RPA a chur i bhfeidhm nach ndéanann aon fhoráil shonrach don chúinse sin. Ar na cúiseanna sin chinn an OB nach raibh bunús maith leis an ngearán.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 – Idirhealú

David McDonagh v. Harmony Catering Services Limited, ADJ-00028368

### Eochairfhocail

Dífhostú idirdhealaitheach, ballraíocht den Lucht Siúil, Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 – Idirhealú.

### Cúlra

Bhain an cás seo le gearán a rinne an Gearánach in aghaidh an Fhreagóra go raibh a dhífhostú idirdhealaitheach agus bunaithe ar an bhonn gur ball den Lucht Siúil é.

Thosaigh an Gearánach ar fhostaíocht leis an bhFreagróir mar chócaire commis ar 31 Eanáir 2020. Cuireadh deireadh lena fhostaíocht ar 10 Feabhra 2020, aon lá dhéag ina dhiaidh sin. Dúirt an Gearánach gur ‘lá trialach’ a bhí sa chéad lá chun a oiriúnacht don ról a mheas. Bhí an príomhchócaire sásta le feidhmíocht an Ghearánaigh agus bhí sé ar intinn aige labhairt leis an Stiúrthóir Bainistíochta chun fostaíocht an Ghearánaigh a dhearbhu. Ar 4 Feabhra 2020, bhuaile an Gearánach leis an Stiúrthóir Bainistíochta agus le linn an chomhrá a bhí acu tháinig an Stiúrthóir Bainistíochta ar an eolas go raibh an Gearánach ina bhall den Lucht Siúil. Ar 10 Feabhra, chuaigh an príomhchócaire i dteagmháil leis ag rá gur labhair sé leis an Stiúrthóir Bainistíochta agus gur chreid siad nach raibh sé oiriúnach don ról mar gheall ar easpa scileanna an Ghearánaigh. D’áitigh an Gearánach ag an éisteacht nár tógadh aon cheist lena fheidhmíocht agus nár dífhostaíodh é ach amháin tar éis don Stiúrthóir Bainistíochta é a aithint mar Thaistealaí.

Shéan an Freagróir go raibh an dífhostú idirdhealaitheach. Bhí fostaíocht an Ghearánaigh ag brath ar go n-éireadh leis go sásúil sa tréimhse thrialach. Cé gur éirigh go maith leis an nGearánach ar dtús ar an gcéad lá, an 4 Feabhra, a bhí ina lá níos gnóthaí, níor fheidhmigh an Gearánach go sásúil ina dhiaidh sin. Mar sin de, d’aontaigh an príomhchócaire agus an Stiúrthóir Bainistíochta araon nach raibh an Gearánach oiriúnach don ról agus nár éirigh leis sa tréimhse thrialach.

### Torthaí

Thug an OB faoi deara go sainmhíononn alt 6 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 (“EEA”) go dtarlaíonn idirdhealú nuair a chaitear le duine ar bhealach difriúil le duine eile ar fhoras idirdhealaitheach. Is foras idirdhealaitheach é ballraíocht an Lucht Siúil. Tá an tástáil i gcásanna idirdhealaithe, mar a fhoráiltear in a.85A (“EEA”) seanbhunaithe: ní mór don Ghearánach príomhfhiricí a chruthú ar dtús chun toimhde idirdhealaithe a ardú. Má tá tábhacht leordhóthanach sna firicí a chruthaítear chun toimhde den sórt sin a ardú, cuirtear an dualgas a bhaineann leis an gcruthúnas ar an bhFreagróir nach raibh an caitheamh leis an nGearánach idirdhealaitheach. Ó tharla nár ardaíodh aon saincheisteanna maidir le feidhmíocht an Ghearánaigh sular tháinig an Stiúrthóir Bainistíochta ar an eolas go raibh an Gearánach ina bhall den Lucht Siúil, bhreithnigh an OB gur chruthaigh an Gearánach príomhfhiricí a raibh tábhacht imleor leo lena chur in iúl go raibh toimhde idirdhealaithe ann.

Thug an OB tosaíocht d’fhianaise an Ghearánaigh gur lá amháin a bhí sa tréimhse thrialach agus gur éirigh leis í a chríochnú go sásúil. Thug sé faoi deara freisin nach raibh an fhianaise maidir leis an dífhostú soiléir agus nach bhfuair an Gearánach aon chomhfhreagras ag cur síos ar an réasúnaíocht bhí leis an dífhostú. Agus na fachtóirí seo á gcur san áireamh aige, chinn an OB nár chomhlíon an Freagróir an dualgas lena chruthú nach raibh an dífhostú idirdhealaitheach. Bronnadh €4,160 ar an nGearánach mar chúiteamh bunaithe ar thuarastal seachtainiúil dar luach €160.

Ieva Bukauskaite v. Laurel Lodge Nursing  
Home Housekeeping Assistant, ADJ-00036423

### Eochairfhocail

Idirdhealú, cóir idirdhealaitheach, forais reiligiúin nó creidimh, vacsaíniú Covid-19, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021.

### Cúlra

Chuir an Gearánach iarratas isteach ar phost mar choimeádaí tí leis an bhFreagróir, teach altranais, ach diúltaíodh agallamh di toisc nár vacsaíodh í in aghaidh Covid-19. D'áitigh an Gearánach go ndearnadh idirdhealú ina coinne mar gheall ar a creideamh.

Ar 9 Nollaig 2021, d'fhreastail an Gearánach ar agallamh ag áitreabh an Fhreagróra ach nocht sí nach raibh sí vacsaínithe. Chuir an Freagróir in iúl di go raibh gá le vacsaíniú, de réir na dtreoirínte sláinte poiblí, chun dul isteach i suíomh cúram sláinte agus go mbeidís sásta agallamh a shocrú nuair a d'athrófaí na treoirínte. Dúirt an Gearánach go raibh teastas bailí Covid ón AE aici a thaispeán gur tháinig sí slán ó Covid-19 ach níor glacadh leis seo. Ar a bharr sin, ní raibh sé éigeantach vacsaíniú a fháil. D'áitigh sí nach raibh a gearán ar fhoras reiligiúin ach ar a creideamh go raibh an stádas nó an luach céanna ag an teastas Covid agus a bhí ag vacsaíniú.

### Torthaí

Thug an OB faoi deara gurb é beartas an Fhreagróra, agus treoirínte sláinte poiblí á leanúint aige, vacsaíniú a éileamh ar fhostaithe, nó díolúine leighis ón vacsaíniú. Níor mheas an Freagróir go raibh an stádas céanna ag an teastas Covid. Mar sin féin, forálann a.6(2)(e) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 go mbunaítear idirdhealú ar fhoras creidimh nuair a chaitear le duine ar bhealach nach bhfuil fabhrach i gcomparáid le duine eile sa chás "go bhfuil creideamh reiligiúnach éagsúil ag duine acu leis an duine eile, nó go bhfuil creideamh reiligiúnach ag duine acu agus nach bhfuil creideamh reiligiúnach ag an duine eile". Tá "dlúthbhaint" idir na focail 'creideamh' agus 'creideamh reiligiúnach'. Ní mór go mbeadh baint dhíreach ag aon idirdhealú líomhnaithe le creideamh reiligiúnach. Ghlac an Gearánach leis nach raibh aon cheist reiligiúnach anseo, ach ceist chreidimh amháin. Chinn an OB nach raibh sé seo cáilithe lena bhreithniú mar ghníomh idirdhealaithe agus dá réir sin nach raibh bunús maith leis an ngearán.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 - Ciapadh/ciapadh gnéasach

Riarthóir v. A Golf Club, ADJ-00028647

### Eochairfhocail

Ciapadh, ciapadh gnéasach, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021.

### Cúlra

D'oibrigh an Gearánach mar riarthóir i gclub gailf ó Mheán Fómhair 2016. Mhaígh sí gur léirigh an Bainisteoir Ginearálta caint mhagúil mhí-oiriúnach agus scéalta grinn gan coinne chomh maith le gothaí agus teagmháil de chineál gnéasach agus príobháideach, rudaí arbh ábhar náire agus masla di iad. Rinne an Gearánach gearáin go ndearnadh ciapadh agus gnéaschiapadh uirthi ina hionad oibre. Thacaigh beirt chomhoibrithe lena fianaise.

Thug an Gearánach fianaise go ndearna sí gearán faoina iompraíocht don Bhainisteoir Ginearálta féin agus d'fhoireann eile. Rinne Beartas Bulaíochta agus Ciaptha an Fhreagróra tagairt do ghearán a dhéanamh leis an gCoiste Bainistíochta ach dúirt an Gearánach nár chuala sí iomrá faoin gcoiste.

I mí na Samhna 2019, tar éis litir gan ainm a fháil ag maíomh gnéaschiapadh san oifig agus tar éis don Ghearánach, in éineacht lena comhghleacaí, litreacha foirmiúla gearáin a chur isteach, d'fhostaigh an Freagróir gnólacht AD seachtrach chun fiosrúchán a dhéanamh. As 23 teagmhas a thuairiscigh an Gearánach, dearbhaíodh trí cinn acu ach cuireadh síos orthu seo mar iompraíocht mhíchuí agus ní gnéaschiapadh.

I mí an Mhárta 2020, rinne an Gearánach achomharc ar thorthaí na tuarascála ach díbheadh an t-achomharc i mí an Mheithimh 2020. Níor glacadh aon chéimeanna i gcoinne an Bhainisteora Ghinearálta agus d'íarr an Freagróir ar an nGearánach filleadh ar obair leis an mBainisteoir Ginearálta.



D'áitigh an Freagróir nár tháinig sé ar an eolas faoi na gearáin go dtí go bhfuarthas an litir gan ainm, i mí na Samhna 2019. Ag an bpointe seo, ghníomhaigh sé go tapa trí shaineolaí neamhspleách a cheapadh a rinne fiosriúchán cuimsitheach a chomhlíon go hiomlán nósanna imeachta córa. Chuir an fiosraitheoir tuarascáil chuimsitheach ar fáil inar thángthas ar thorthaí a sheas go hoibiachtúil agus de réir an dlí. Thug an Bainisteoir Ginearálta fianaise nár thug aon rud ina chuid idirghníomhaíochtaí leis an nGearánach a thabharfadh air a chreidiúint go raibh an caidreamh leis an nGearánach míchompordach. Thug an fiosraitheoir fianaise freisin gur chreid sí go raibh caighdeán an chruthúnais níos airde i gcásanna gnéaschiaptha.

## Torthaí

Bhreithnigh an AO a.14A na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 ("EEA") a shainmhíonann gnéaschiapadh mar iompraíocht bhriathartha, neamhbhriathartha nó fisiceach nach bhfuil ag teastáil agus ar den chineál gnéasach í. Thug sí faoi deara freisin go bhforálann alt 15 go bhfuil fostóir faoi dhliteanas ionadach as aon ghníomhartha de chiapadh nó de ghnéaschiapadh, cibé acu a bhí nó nach raibh a fhios ag an bhfostóir fúthu, ach amháin sa chás gur féidir leo a chruthú gur ghlac siad bearta a bhí réasúnta praiticiúil chun aon chiapadh a chosc. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais ar Ghnéaschiapadh agus ar Chiapadh san Ionad Oibre, ní bhaineann rún an ionsaitheora le hábhar. Ní mór don OB tionchar na hiompraíochta ar an bhfostaí a bhreithniú. Ar deireadh, de réir a.85A, ní mór don Ghearánach príomhfhiricí a chruthú ar dtús a ardaíonn toimhde idirdhealaithe. Má tá tábhacht leordhóthanach na firicí cruthaithe chun toimhde den sórt sin a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir a chruthú nach raibh an t-iompar idirdhealaitheach.

Chinn an OB, bunaithe ar an bhfianaise a tugadh, go raibh cuid de na teagmhais a thuiriscigh an Gearánach de chineál gnéasach agus go raibh siad laistigh den sainmhíniú ar ghnéaschiapadh. Ag cur san áireamh fhianaise chomhsheasmhach agus chomhthacaíoch na bhfinnéithe, chinn an OB go raibh cás an Ghearánaigh inchreidte gur labhair an Bainisteoir Ginearálta léi go maslach agus go mí-oiriúnach gan a iarraidh. Dá réir sin, bhí cás prima facie de ghnéaschiapadh bunaithe ag an nGearánach.

Agus é ag breithniú an raibh polasaí ag an bhFreagróir chun gnéaschiapadh a chosc san ionad oibre, thug an OB faoi deara go raibh sé soiléir nach raibh aon duine d'fhostaithe an Fhreagróra eolach ar an mbeartas bulaíochta agus ciaptha. Ina theannta sin, ní raibh aon duine ar chuir an Gearánach iompar an Bhainisteora Ghinearálta faoina mbráid oillte go leor chun an t-iompar a thagann faoin bpolasaí a aithint agus ní raibh siad eolach ar na céimeanna ba chóir a ghlacadh. Cé gur tugadh Lámhleabhar Foirne d'fhostaithe lena gconradh, níor thug an Freagróir aon mhíniú nó oiliúint ar na beartais éagsúla. Chinn an OB go raibh sé seo do-ghlactha agus bhreithnigh sé nach raibh cosaint 'réasúnta praiticiúil' bunaithe ag an bhFreagróir.

Ghlac an OB le cáinte ar an bhfiosriúchán freisin, ag cinneadh go raibh an fiosraitheoir ró-aireach agus ró-struchtúrtha ina modheolaíocht agus go ndearna sí a bheag de chuntas an Ghearánaigh. Ba é tuairim an OB nach raibh sé ceart gur chreid an fiosraitheoir gurb ionann an dualgas cruthúnais maidir le gearáin den chineál gnéasach agus cothromaíocht na bhféidearthachtaí ach go leibhéal níos airde dóchúlachta.

Bhronn an OB cúiteamh de €25,000, ag cur san áireamh go n-éilíonn EEA ar fhostóirí beartas cuimsitheach, éifeachtach agus inrochtana ar ghnéaschiapadh agus ar chiapadh a ghlacadh, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air, rud nár tharla anseo. Chuir sí san áireamh freisin go ndearna an Gearánach gearán laistigh de théarmaí bheartas an Fhreagróra ach nach raibh a fhios ag aon duine cad ba cheart a dhéanamh faoi. Chinn an OB go raibh na tuairimí agus an chaint arbh éigean don Ghearánach glacadh leo leath bealaigh ar an scála maidir lena leithéid d'iompar agus go hiomlán do-ghlactha san ionad oibre nua-aimseartha.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 - Míchumas agus comhréiteach réasúnta

Caroline O'Connor v. Irish Prison Service, ADJ-00037941

### Eochairfhocail

Idirdhealú, míchumas, comhréiteach réasúnta, oibleagáid chun gabháil, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021.

### Cúlra

D'oibrigh an Gearánach mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin leis an bhFreagróir i bPríosún Chorcaí ach bhí sí amuigh ar saoire bhreiteachta ó mhí Feabhra 2020. Rinne sí gearán go ndearna an Freagróir idirdhealú ina coinne trí theip ar chomhréiteach réasúnta a sholáthar trí chead a thabhairt di oibriú ón mbaile.

In 2019, fuair an Gearánach amach go raibh sí ag éileamh lena croí agus, i bhFeabhra 2020, tháinig taom croí uirthi agus í san ionad oibre. Ina dhiaidh sin thosaigh sí ar shaoire bhreiteachta ar phá bhreiteachta. Bhí obráid sceidealta di do Mhárta 2020 ach cuireadh sin ar athló mar gheall ar phaindéim Covid-19. Rinne an Gearánach roinnt iarratas ar bheith ag obair ón mbaile ach diúltaíodh dóibh seo ar an mbonn nach bhféadfadh baill foirne atá lonnaithe sa phríosún a bheith ag obair ón mbaile. Chuir an Gearánach liosta tascanna agus dualgas isteach chun tacú lena hiarratas ar obair ón mbaile ach mheas an Freagróir nach raibh siad seo inoibrithe. D'áitigh an Gearánaí go ndearnadh idirdhealú ina coinne toisc gur theip ar an bhFreagróir caidreamh cuí a dhéanamh léi nó a fhiosru mar is ceart cén comhréiteach réasúnach a d'fhéadfaí a chur ar fáil.

Ghlac an Freagróir leis go raibh míchumas ar an nGearánach ach mhaígh sé, mar gheall ar nádúr dhualgais an Ghearánaigh, lena n-áirítear próiseáil agus déileáil le comhaid fogaire a bhaineann le saincheistanna príosúnach, go raibh freastal ar an láthair i bPríosún Chorcaí éigeantach. Tháinig an tseirbhís náisiúnta príosúin le chéile i mí an Mhárta 2020 chun déileáil leis na dúshláin a chuir Covid-19 i láthair agus chinn siad go measfaí gach ball foirne ar an láthair mar oibrithe riachtanacha agus go mbeadh orthu freastal ar an láthair. Dheimhnigh an Freagróir nach raibh measúnú déanta aige ar ról an Ghearánaigh i dtéarmaí an bheartais maidir le comhréiteach réasúnach agus nár bhreithnigh sé na costais a bhainfeadh le ligean di a bheith ag obair ón mbaile.

### Torthaí

Thug an OB faoi deara gurbh ionann riocht an Ghearánaigh agus míchumas de réir bhrí a.2 Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 ("EEA"). Forálann ailt 6 agus 8 nach féidir déileáil le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach le duine eile ar fhorais míchumais i ndáil leis na coinníollacha fostaíochta. Maidir leis an éileamh idirdhealaithe is faoin nGearánach atá sé príomhfhiricí a chruthú chun toimhde idirdhealaithe a ardú. Má tá tábhacht leordhóthanach sna fíricí cruthaithe chun toimhde den sórt sin a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir lena chruthú nach raibh an caitheamh leatromach. Chinn an OB go ndearnadh diúltú d'iarratas an Ghearánaigh a bheith ag obair ón mbaile go hiomlán ar an eolas faoina míchumas. Ba leor é seo chun tátal idirdhealaithe a ardú.

Ba í an phríomhcheist sa chás seo ná ar chomhlíon an Freagróir a chuid oibleagáid chun comhréiteach réasúnta a sholáthar de bhun a.16 ACF. Ní chaithfidh fostóir fostaí a choinneáil nach bhfuil lán-ábaltas agus in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Mar sin féin, ceanglaíonn alt 16(3)(a) fostóir le comhréiteach réasúnta a chur ar fáil do dhuine faoi mhíchumas chomh fada agus nach gcuireann bearta ar bith ualach díreireach ar an bhfostóir. Thagair an OB do chás na Cúirte Uachtaraí de Scoil Nano Nagle v. Marie Daly [2019] IESC 63, [2019] 3 IR 369, a chinn gur bundualgas éigeantach é an ceanglas chun comhréiteach réasúnta a dhéanamh d'fhostaí faoi mhíchumas. Ba cheart d'fhostóir dul i dteagmháil leis an bhfostaí agus dul i gcomhairle leis maidir le comhréiteach réasúnta.

Thug an OB faoi deara gur tháinig an cás chun cinn nuair a thosaigh an phaindéim agus ghlac leis gur chuir sé seo an Freagróir ar fuireachas agus ar modh éigeandála ó Mhárta go 15 Meitheamh 2020, nuair a cuireadh na gearáin isteach. Thug sí faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh réiteach níos luaithe ar an éileamh ar chomhréiteach réasúnach dá gcuirfí trí ghnás casaoide an Fhreagróra é. Ina ainneoin sin, chinn an OB gur theip ar an bhFreagróir iarracht réasúnta a dhéanamh comhréiteach a aimsiú don Ghearánach trí 'chosc uileghabhálach' a chur ar a bheith ag obair ón mbaile. Ní dhearnadh aon mheasúnú riosca nó meastóireacht ar dhualgais/tascanna an Ghearánaigh. Ní dhearnadh athruithe molta ar ról an Ghearánaigh a thomhas go hoibiachtúil, a phlé agus ní dheachthas i gcomhairle léi ná ní dhearnadh measúnú ar na hathruithe molta trí thriail nó trí phíolóta. Níor bhain sé le hábhar cé acu a bheadh údar maith ag an bhFreagróir i ndeireadh na dála diúltú d'iarratas an Ghearánaigh a bheith ag obair ón mbaile; leagadh béim sa chásdlí go bhfuil dualgas ar fhostóir breithniú a dhéanamh ar an iarratas ar chomhréiteach réasúnta. Chinn an OB go raibh fíorbheagán eolais corparáidigh ag an bhFreagróir ar chomhréiteach réasúnta. Ina theannta sin, ní fhéadfadh an Freagróir a beith ag brath ar ualach díreireach a chosaint ós rud é nár chosain siad na hathruithe molta. Dá réir sin, rinneadh idirdhealú in aghaidh an Ghearánaigh mar gheall ar theip ar chomhréiteach réasúnta a mheas agus bhronn an OB €55,000 mar chúiteamh.

Chomh maith leis sin, d'éiligh an OB ar an bhFreagróir meitheal oibre straitéiseach a fhostú láithreach chun dul i mbun comhphlé sóisialta ar chomhréiteach réasúnta agus chun beartas oibriúcháin a fhorbairt. D'ordaigh an OB freisin go gcuirfí tuarascáil chuimsitheach faoi seo ar fáil do cheannasaí na Seirbhíse Príosúin tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2022.

## Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 - Ballraíocht den Lucht Siúil

Bridget O'Reilly v. Atlantic Troy Limited t/a Charleville Park Hotel, ADJ-00020724;

Philip O'Neill v. Atlantic Troy Limited t/a Charleville Park Hotel, ADJ-00020725; A Minor v. Atlantic Troy Limited t/a Charleville Park Hotel, ADJ-00020726; A Minor v. Atlantic Troy Limited t/a Charleville Park Hotel, ADJ-00020727

### Eochairfhocail

Idirdhealú, ballraíocht den Lucht Siúil, foras cúnaimh tithíochta, soláthar garachta, polasaí cártaí creidmheasa, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018.

### Cúlra

D'áitigh na Gearánaigh (máthair, athair agus beirt leanaí) go ndearna óstán an Fhreagróra leatrom ar fhorais bhallraíocht an Lucht Siúil agus cúnamh tithíochta a fháil nuair a d'iarr siad fanacht san óstán.

An 25 Meán Fómhair 2018, rinne Comhairle Contae Chorcaí measúnú ar na Gearánaigh mar dhaoine gan dídean agus treoraíodh iad chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le haghaidh focaíocht éigeandála chun teacht ar chóiríocht éigeandála. Ar 27 Meán Fómhair, chuaigh Oifigeach Leasa Pobail ("OLP"), i dteagmháil leis an bhFreagróir ach cuireadh in iúl dó nach raibh áit ar bith do na Gearánaigh. Rinne Bridget O'Reilly áirithint ar líne ansin, ag baint úsáid as cárta dochair le haghaidh seomra ar feadh trí oíche dá teaghlach. An lá dár gcionn, rinne sí féin agus an OLP iarracht seiceáil isteach agus íoc le seic. Chuir an fáilteoir in iúl dóibh go raibh gá le cárta creidmheasa in ainm an té a bhí ag fanacht san óstán.

Shéan an Freagróir idirdhealú agus mhaígh sé gur diúltaíodh do na Gearánaigh ar an mbonn nach raibh siad in ann cloí le polasaí an chárta creidmheasa. Thug an Bainisteoir Ginearálta fianaise gur thug cárta creidmheasa urrús airgeadais don óstán ach ghlac sé leis go raibh cásanna ann nuair nach raibh gá le cárta creidmheasa le haghaidh áirithinte .i. cliaint chorparáideacha nó gnáthchustaiméirí. Dúirt sé freisin go raibh baill den Lucht Siúil ina mbaill den Chlub Fóillíochta san óstán.

Thug an Freagróir fianaise freisin gur chuir sé cóiríocht ar fáil do dhaoine eile a bhí sa riocht céanna leis na Gearánaigh ach gur thubaisteach an t-eispéreas sin. Cuireadh cóiríocht ar fáil do dhá theaghlach ón Lucht Siúil ar feadh dhá mhí dhéag, cé gur cuireadh in iúl nach mbeadh ann ach seachtain, agus le linn na tréimhse sin rinneadh damáiste suntasach don óstán. D'áitigh an Freagróir gur chuir sé a pholasaí cártaí creidmheasa i bhfeidhm tar éis an imeachta seo.

D'áitigh na Gearánaigh gur polasaí lánroghnach a bhí i bpolasaí an chárta creidmheasa a d'fhéadfaí a chur i leataobh dá mbeadh an Freagróir sásta glacadh leis an aoi. Ó tharla gur bhraith an Freagróir ar an eispéaras diúltach a bhí aige roimhe seo léiríodh go ndearna féiniúlacht Lucht Siúil na nGearánach mar chuid lárnach sa gcinneadh a rinne an t-óstán agus go raibh sin mar bhunús ag an gcinneadh nach mbeadh cead ag na Gearánaigh fanacht.

## Torthaí

Thug an OB faoi deara go gcuireann a.6 de na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 ("ESA") cosc ar idirdhealú i soláthar aon seirbhísí a bhaineann le cóiríocht. Déantar leatrom ar dhuine nuair is lú a chaitear leo ar bhealach fabhrach ná le duine eile mar gheall ar a mballraíocht den Lucht Siúil nó ar an ábhar go bhfuil cúnamh tithíochta á fháil aige/aici (s.3). De réir a.38A, ní mór don Ghearánach príomhfhiricí a chruthú ar dtús chun toimhde idirdhealaithe a ardú. Má tá tábhacht shuntasach ag na firicí atá cruthaithe chun toimhde den sórt sin a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir lena chruthú nach raibh an caitheamh leatromach

Thug an OB faoi deara nach raibh aon aighneas ann go raibh na Gearánaigh ag fáil cúnamh tithíochta ná gur baill den Lucht Siúil iad, agus nach raibh sé ina dhíospóid gur diúltaíodh cóiríocht dóibh. Bhí na firicí seo suntasach go leor chun toimhde idirdhealaithe a ardú.

Maidir leis an gcúnamh tithíochta, thug an OB faoi deara go raibh sé soiléir go raibh "seasamh láidir réamhchinnte glactha ag an bhFreagróir cheana féin gan ligean dóibh siúd a bhí ar cúnamh tithíochta cóiríocht a fháil san óstán". Treisíodh leis seo ar an ábhar gur athraigh an Freagróir a pholasaí i dtaca le cártaí creidmheasa a éileamh go díreach mar thoradh ar an eispéaras a bhí aige roimhe seo. Thug an OB faoi deara, áfach, nach raibh aon fhianaise shoiléir ann go raibh polasaí docht 'cárta creidmheasa amháin' i bhfeidhm, de réir fhianaise an Bhainisteora Ginearálta go raibh de rogha aige an polasaí a chur i leataobh. Ba é an tátal a bhain an OB amach ná gur "cleas é a úsáideadh idirdhealú idir cárta creidmheasa agus cárta dochair a dhéanamh agus dhiúltaigh sin cearta an Ghearánaigh agus a teaghlach maidir le comhionannas cothrom i soláthar cóiríochta."

Maidir le ballraíocht an Lucht Siúil, dúirt an OB go bhfuil difríocht shuntasach idir soláthar áiseanna fóillíochta agus soláthar cóiríochta. Maidir leis an bhFreagróir a bheith ag brath ar an eispéreas diúltach a bhí aige roimhe seo, chinn an OB "go bhféachann an Freagróir le gach teaghlach den Lucht Siúil a léiriú ar an mbealach céanna agus ardaíonn sin toimhde thromchúiseach idirdhealaithe nach féidir leis cur ina choinne go sásúil".

Chinn an OB nár bhréagnaigh an Freagróir an toimhde idirdhealaithe ar cheachtar den dá fhoras agus thug sé faoi deara gurbh é toradh a bhí ar an iompar neamhcheadaithe ná cóiríocht éigeandála a dhiúltú do theaghlach a bhí gan dídean agus ina mbaill de mhionlach leochaileach ar imeall na sochaí. Dá bhrí sin, chinn an OB gur cheart an cúiteamh a bheith ar an taobh is airde den scála agus bhronn €8,000 an duine ar Bridget agus Philip O'Reilly agus €3,000 an duine ar a mbeirt leanaí. D'ordaigh an OB freisin don Fhreagróir a riachtanas maidir le háirithintí cárta creidmheasa a athbhreithniú ionas nach sáródh an polasaí a oibleagáidí faoi ESA.

Megan McDonnell v. Iceland Stores Ireland Limited, ADJ-00032641;

Laura McDonnell v. Iceland Stores Ireland Limited, ADJ-00032639; Minor v. Iceland Stores Ireland Limited, ADJ-000326421; Minor v. Iceland Stores Ireland Limited, ADJ-00032719

## Eochairfhocail

Irdhealú, ballraíocht den Lucht Siúil, dliteanas ionadach, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018.

## Cúlra

Rinne na Gearánaigh gearán go ndearna an Freagróir idirdhealú/leatrom ina gcoinne ar an bhforas gur baill den Lucht Siúil iad nuair a d'iarr an garda slándála agus an bainisteoir cúnta orthu an siopa a fhágáil. Chreid siad, de dheasca a mblas, mar a ghléas siad agus mar a chaith siad a gcuid gruaise, gurbh fhurasta iad a aithint mar bhaill de phobal an Lucht Siúil. Dúirt na Gearánaigh nár tugadh cúis dóibh gur iarradh orthu imeacht agus thaispeáin CCTV nár iarradh ar dhaoine óga eile a tháinig isteach sa siopa timpeall an ama chéanna imeacht.

Dúirt an Freagróir go mbíonn siad oscailte le haghaidh gnó do gach custaiméir agus nach ndéanann siad leatrom ar aon chúis. Cuirtear oiliúint ar bhainisteoirí agus ar bhaill foirne ar bheartas an Fhreagróra um Dhínt ag an Obair. Thug sé faoi deara gurbh é rud a rinne na Gearánaigh siopadóireacht sa siopa go minic roimhe seo. Ina theannta sin, luaigh sé nach Éireannaigh an garda slándála agus an bainisteoir cúnta agus dá bhrí sin nach mbeadh siad in ann na blasanna éagsúla a aithint. Ar deireadh, dúirt an Freagróir gur eascair na gearáin as na gníomhartha a rinne an t-oifigeach slándála a bhí fostaithe ag comhlacht slándála. Dá réir sin, ní fhéadfadh an Freagróir a bheith freagrach as gníomhartha an oifigigh slándála.

## Fionnachtana

The AO first noted that the burden of proof in claims taken under the Equal Status Acts 2000

Thug an OB faoi deara ar dtús gurbh é seo a leanas an dualgas cruthúnais in éilimh arna nglacadh faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 ("ASC"), mar atá leagtha amach in a.38A: ní mór don Ghearánach príomhfhíricí a chruthú ar dtús chun toimhde idirdhealaithe a ardú. Má tá tábhacht shuntasach ag na fíricí cruthaithe chun toimhde den sórt sin a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir lena chruthú nach raibh an caitheamh leatromach. Thug an OB faoi deara go raibh sé soiléir ón scannánaíocht ar CCTV gur tugadh na Gearánaigh amach as an áitreabh agus nár tugadh daoine óga eile amach. Bhí de chuma air seo gur caitheadh leo ar bhealach eile.

Ghlac an OB le fianaise na nGearánach freisin faoin gcaoi ar féidir ball den Lucht Siúil a aithint. Toisc nár iarr an Freagróir ar an mbainisteoir cúnta ná ar an ngarda slándála chun fianaise a thabhairt, is beag an tábhacht a d'fhéadfadh a bheith leis dearbhú nach dtiocfadh leo, mar neamhnáisiúnaigh, na Gearánaigh a aithint mar bhaill den Lucht Siúil. Dá bhrí sin, chinn an OB go raibh toimhde idirdhealaithe ardaithe ag na Gearánaigh.

Maidir le hargóint an Fhreagróra nach raibh sé faoi dliteanas i leith ghníomhartha an gharda slándála, bhreithnigh an OB a.42 CCE a dhéanann foráil do dliteanas ionadach: beidh comhlacht faoi dliteanas i leith gníomhartha gníomhaire agus é ag feidhmiú le húdaráis. Sa chás seo, bhí an garda slándála ina ghníomhaire don Fhreagróir.

Cé go bhfuil fostóir faoi dliteanas ionadach as a chuid fostaithe, is féidir leis leas a bhaint as an gcosaint, mar atá leagtha amach in a.42(3) ASC, gur ghlac sé céimeanna réasúnta praiticiúil chun cosc a chur ar fhostaí gníomhú go hidirdhealaitheach. Cé gur sholáthair an Freagróir a chuid polasaithe don OB a leag amach go gcuirfí oiliúint ar an bhfoireann maidir le conas déileáil le hidirdhealú, níor chuir sé aon fhianaise ar fáil gur tharla an oiliúint sin.

Dá réir sin, chinn an OB nár dhiúltaigh an Freagróir an toimhde idirdhealaithe. Ag cur san áireamh dó gur chuir an t-eispéireas as go mór dóibh agus gur náiríodh go poiblí na Gearánaigh, bhronn an OB €3,000 an duine orthu mar chúiteamh.

Oskar Hangurbadzo v. Ladbroke (Ireland) Limited, ADJ-00030248;

Zuzana Pompova v. Ladbroke (Ireland) Limited, ADJ-00031246

## Keywords

Idirdhealú, cine, ballraíocht den Lucht Siúil, dualgas cruthúnais, fíricí as a dtagann toimhde nó tátal idirdhealaithe, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018, an Treoir um Chomhionannas Ciníoch.

## Cúlra

Rinne na Gearánaigh gearán go ndearna an Freagróir leatrom/idirdhealú orthu toisc gur diúltaíodh seirbhís dóibh mar gheall ar a gcine agus a mballraíocht den phobal Romach. Dúirt an Freagróir nár cuireadh an tseirbhís ar fáil mar gheall ar iompar na nGearánach.

Dúirt an tUasal Hangurbadzo gur Romach as an tSlóvaic é. Dúirt Ms Pompova, a fiancée, go raibh sí ina ball den phobal Romach. Ar 13 Feabhra 2020, thart ar 9.00pm, chuaigh an tUasal Hangurbadzo isteach in áitreabh an Fhreagróra, siopa gealltóireachta, agus rinne sé a bhealach chun duillín gealltóireachta a ghlacadh. Dúirt ball foirne leis go raibh an áit dúnta. Nuair a d'fhreagair sé go raibh an siopa le dúnadh ar 9.30pm, chuala sé an duine taobh thiar den chuntar ag rá “youse guys are always making a mess at the corner.” Dúirt an tUasal Hangurbadzo gur léir gur tagairt í seo dó féin agus dá chairde Romacha. Idir an dá linn, tháinig beirt chustaiméirí eile isteach sa siopa agus rinneadh freastal orthu. Thug an tUasal Hangurbadzo fianaise gur mhothaigh sé gur náiríodh é. Dúirt Ms Pompova gur chuala sí na hidirghníomhaíochtaí idir a fiancé agus an fhoireann agus í ag druidim le doras an tsiopa. Bhí sí trína chéile agus d'fhág sí an t-áitreabh.

Thug bainisteoir siopa an Fhreagróra fianaise gur glanadh an limistéar rúiléide cheana féin agus gur iarradh ar an Uasal Hangurbadzo gan an limistéar a shalú mar go raibh siad le dúnadh go luath. Dúirt sí gur tháinig fearg air ansin agus thosaigh sé ag beartú a mhéire agus dúirt léi “you will do what I say and take my bet”. Dúirt sí gur dhiúltaigh sí an geall a ghlacadh tar éis dó labhairt léi mar sin. Dúirt sí freisin nach raibh a fhios aici cérbh as do na Gearánaigh cé go raibh a fhios aici nárbh Éireannaigh iad.

## Torthaí

Thug an OB faoi deara gurb iad na forais idirdhealaitheacha ábhartha sa chás seo, mar atá leagtha amach in alt 3 den ESA, ná cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Aistríonn an ESA an Treoir um Chomhionannas Ciníoch (Treoir 2000/43/CE) lena n-áirítear idirdhealú ar bhallaíocht den phobal Romach. Ní mór d'éilitheoir a chruthú ar dtús go dtagann siad faoi réim forais idirdhealaithe; ansin gur caitheadh leis ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach le duine eile; agus ar deireadh go raibh an caitheamh sin ar fhoras an idirdhealaithe. Éilíonn an dualgas cruthúnais, mar atá leagtha amach in a.38A, ar an nGearánach príomhfíricí a chruthú chun toimhde idirdhealaithe a ardú. Má tá tábhacht shuntasach sna fíricí cruthaithe chun toimhde den sórt sin a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir lena chruthú nach raibh an caitheamh leatromach. Thug an OB faoi deara, le linn dó cinneadh a dhéanamh an bhfuil ‘tábhacht shuntasach’ le fíric chun tátal idirdhealaithe a bhaint as, go gcaithfidh sé a bhreithniú ar dtús an bhfuil na fíricí ábhartha laistigh d’eolas eisiach nó beagnach eisiach an fhreagróra. Más mar sin atá, aistrítear an dualgas chuig an bhfreagróir mar go bhfuil an t-eolas aige chun an tátal idirdhealaithe a bhogadh.

Bhreathnaigh an OB ar an bhfianaise a thug na finnétithe agus ar pháisoí scannánaíochta CCTV den eachtra. Thug sé faoi deara nach raibh aon díospóid ann go raibh a fhios ag an bhFreagróir nárbh Éireannaigh na Gearánaigh agus chinn sé de réir na dóchúlachta go raibh a fhios aige gur de bhunadh Romaigh na Gearánaithe. Ar choinbhealach na fianaise a thug na finnétithe, chinn an AO go raibh fianaise na nGearánach ag teacht níos fearr leis an scannán CCTV. Thug sé faoi deara gur tháinig an tUasal Hangurbadzo isteach san áitreabh agus gur chuir sé fáilte roimh fhoireann an chuntair. Thóg sé duillín chun an cluiche a imirt agus níor éirigh sé corraithe go dtí gur léir nach raibh freastal á dhéanamh air arís agus arís eile fiú nuair a tháinig beirt chustaiméirí eile isteach san áitreabh agus go ndearnadh freastal orthu. Mar gheall ar an bhfreastal ar chustaiméirí eile bhíodhas in ann toimhde idirdhealaithe a tharraingt.

Chinn an OB nár bhréagnaigh an Freagróir toimhde an idirdhealaithe ina dhiaidh sin. Bhí fianaise na nGearánach comhsheasmhach agus níor ghlac an OB leis go raibh an tUasal Hangurbadzo ionsaitheach nó d'éiligh sé go ndéanfaí freastal air. Bhí a chorraíl intuigthe agus níor cheadaigh sé don Fhreagróir séanadh seirbhíse ná éileamh an idirdhealaithe a chosaint.

Maidir le Ms Pompova, chinn an OB go raibh sé ar intinn aici dul isteach san áitreabh agus le bheith in éineacht leis an Uasal Hangurbadzo ach nach ndearna sí amhlaidh tar éis di na himeachtaí a bhreathnú. Áirítear leis an sainmhíniú ar 'seirbhís' in a.2 ASC "rochtain ar áit ar bith agus áit ar bith a úsáid". Níor tháinig Ms Pompova isteach sa siopa mar gheall ar idirdhealú agus chinn an OB go raibh sé réasúnta go leor di smaoineamh gur bhain an diúltú arís agus arís eile le seirbhís a thabhairt don Uasal Hangurbadzo léi. Bhronn an OB €7,500 mar chúiteamh ar an Uasal Hangurbadzo agus €2,500 mar chúiteamh ar Ms Pompova.

## ENa hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 - Míchumas agus cóiríocht réasúnta

Sofiya Kalinova v. Permanent TSB Plc, ADJ-00026607

### Eochairfhocail

Idirdhealú, míchumas, freastal réasúnta, léirmhíniú Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018.

### Cúlra

I mí Eanáir 2020, chuir Gearánach bodhar isteach gearán idirdhealaithe ar fhorais míchumais agus d'iarr sásamh ón Bhanc an Freagróra faoi a.21 de na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018. Mhaígh sí gur theip ar an bhFreagróir cóiríocht réasúnta a sholáthar di nuair a rinne sí iarracht leas a bhaint as a chuid seirbhísí. Mar thoradh ar pholasaí uileghabhálach an Fhreagróra, caitheadh go héagsúil leis an nGearánach agus cuireadh i gcatagóir "leochaileach" í, rud a chuir isteach go mór ar a dínit dar léi.

Bhí cuntas bainc ag an nGearánach leis an bhFreagróir. Bhí deacrachtaí ag an nGearánach lena pasfhocal nuair a rinne sí iarracht rochtain a fháil ar a haip baincéireachta ar líne. Bhí uirthi dul i dteagmháil le Gníomhaire sa Bhanc chun an cheist a réiteach agus chuir sí coinne in áirithe le hAteangaire chun é seo a dhéanamh. Dhiúltaigh an Freagróir ansin labhairt leis an sealbhóir cuntais trí thríú páirtí, ag rangú an Ghearánaigh mar chustaiméir "leochaileach".

Scríobh an Gearánaí ríomhphost gearáin. Ar 21 Lúnasa 2019, d'fhreagair an Freagróir á rá nach ndéanann Gníomhairí Seirbhíse Baincéireachta Ar Líne cumarsáid trí thríú páirtithe maidir le cuntais chustaiméirí. Moladh don Ghearánach teacht isteach sa Bhrainte le Grianghraf I.D. Dúirt an Freagróir freisin gur cuireadh an scéal faoi bhráid na bainistíochta agus go ndéanfaí leasuithe ar na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm. I mí Dheireadh Fómhair 2019, rinne an Gearánach iarracht an próiseas teagmhála a dhéanamh arís le Gníomhaire i mBanc an Fhreagróra ach theip air sin arís. D'ardaigh an Gearánach an cheist ina dhiaidh sin trí Fhoirm fógra réamhdhlíthíochta ES1 agus ní raibh sí sásta leis an bhfreagra a fuair sí.

Tugadh fianaise freisin thar ceann Sheirbhísí Ateangaireachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus cuireadh síos ar chuid de na dúshláin a bhíonn ann do chustaiméirí bodhra teacht ar sheirbhísí. Thug siad fianaise ar an oiliúint fhairsting a dhéanann ateangairí TCÉ, agus mhínigh siad gurb é an ról atá acu ná an comhrá idir an duine bodhar agus an soláthraí seirbhíse a chur in iúl go cruinn.

Thug an Freagróir fianaise ag an éisteacht ar iarrachtaí calaoise roimhe seo, trína bhfuair tríú páirtithe rochtain ar shonraí pearsanta. Mar thoradh air sin, ba é polasaí an bhainc nach ndéanfadh sé cumarsáid le tríú páirtithe. Bhí iarrachtaí déanta ag an bhFreagróir dul i dteagmháil le Seirbhísí Ateangaireachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus le ranna éagsúla sa Bhanc ó Dheireadh Fómhair 2019. Thug an OB faoi deara go raibh an chuma ar an scéal gurbh é cosc na calaoise príomhábhar imní an Fhreagróra seachas cosaint sonraí. Agus é ag dul i ngleic leis na saincheisteanna a d'ardaigh an Gearánach, chinn an Freagróir go raibh gá le foirm thoilithe chuí a bhí an-chúramach ó thaobh slándála de a chruthú agus a shíniú. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara mar iarracht ar bhealaí a aimsiú chun socruithe réasúnta a dhéanamh agus riosca a mhaolú ag an am céanna.

Mhaígh an Gearánach gur theip ar Bhanc an Fhreagróra cóiríocht réasúnta a sholáthar di nuair a rinne sí iarracht leas a bhaint as a gcuid seirbhísí. D'áitigh an Freagróir gur tairgeadh cóiríocht réasúnta sa chás a tugadh cuireadh di teacht isteach chuig an mbrainse le I.D.

Dúirt an Gearánach freisin, dá mbeadh sí in ann an t-am féin a fháil ina dul chuig an mBrainse, go dtiocfadh ceist Ateangaire TCÉ aníos fós. Ba é an t-aon dóigh a bhféadfadh an Gearánach cumarsáid a dhéanamh ná trí Ateangaire. Chuir an Gearánach fianaise isteach gur chuir Banc eile cúpla ceist slándála ar dtús agus gur thug sé rochtain di go díreach mar a d'iarr sí. Sa chás seo faoi chaibidil, níor cuireadh aon cheisteanna slándála.

## Torthaí

Chinn an OB go raibh cás idirdhealaithe prima facie déanta ag an nGearánach. Thug an OB faoi deara cás John Maughan v. The Glimmer Man Ltd (S2001-020) nuair a d'úsáid duine lagamhairc madra treorach chun leas a bhaint as seirbhís. Mhínigh an Gearánach gur cúnaimh riachtanach é an tAteangaire TCÉ do dhuine bodhar a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí ar an mbealach céanna is a bhíonn madra treorach do dhuine dall. B'ionann teip an Fhreagróra é seo a chur san áireamh agus idirdhealú indíreach ar fhorais an mhíchumais.

Chinn an OB freisin go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar an mbanc mar sholáthraí seirbhíse cóiríocht réasúnta a sholáthar i gcásanna ar leith. Aithníonn na hAchtanna um Stádas Comhionann go háirithe go bhféadfadh "cóiríocht nó áiseanna speisialta" a bheith de dhíth ar dhuine faoi mhíchumas chun leas a bhaint as seirbhís. Thug an OB faoi deara, dá gceapfaí fostaí, ar a laghad ar bith, a raibh stádas idirchaidrimh aige agus a raibh cead ag an nGearánach cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis, go mbeadh ar chumas an Ghearánaigh teagmháil dhíreach a bheith aici trí ríomhphost chun a gnó a dhéanamh.

Chinn an OB gur cuireadh isteach go mór ar an nGearánach agus gur rangáodh í mar dhuine leochaileach. Theip ar an bhFreagróir ina oibleagáid freastal/comhréiteach? réasúnta a sholáthar. Mar thoradh air sin, rinneadh idirdhealú in aghaidh an Ghearánaigh ar fhorais an mhíchumais. Bronnadh cúiteamh de €8,500 ar an nGearánach.

Othar Seachtrach v. Clinic, ADJ-00032480

## Eochairfhocail

Míchumas, comhréiteach réasúnta, Covid-19, masc a chaitheamh, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018.

## Cúlra

Rinne an Gearánach, a bhfuil Uathachas air, gearán go raibh teip an Fhreagróra cóiríocht réasúnta a sholáthar dá mhíchumas idirdhealaitheach.

D'atreoraigh a dhochtúir teaghlaigh an Gearánach chuig clinic an Fhreagróra le scanadh a fháil. Le linn glao leis an gcoinne a dheimhniú, tuairim is dhá lá déag roimhe sin, chuir an Gearánach in iúl don Fhreagróir nach mbeadh sé in ann masc aghaidhe a chaitheamh mar gheall ar a mhíchumas a dhearbhaigh an Freagróir dó nach mbeadh aon cheisteanna ann. Nuair a tháinig an Gearánach chuig an gcoinne, áfach, cuireadh in iúl dó nach ndéanfaí an scanadh toisc nach raibh sé ag caitheamh masc aghaidhe. Tugadh litir dó, a shínigh bainisteoir sinsearach, á dhearbhu seo. Ina dhiaidh sin, rinneadh socrú don Ghearánach ag saoráid leighis eile áit a ndearnadh coinne ag am ciúin ar leith ionas go bhféadfaí aon bhaol d'othair agus baill foirne eile a bhainistiú.

Níor chuir an Freagróir i gcoinne na bhfíricí ach dúirt sé go raibh mí-chumarsáid idir an fhoireann maidir leis an bpolasaí ceart a bhí le cur i bhfeidhm.

## Torthaí

De réir a.38A na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 ("ESA"), ní mór don Ghearánach príomhfíricí a chruthú ar dtús ónar féidir toimhde idirdhealaithe a ardú. Má tá tábhacht shuntasach ag na fíricí cruthaithe chun toimhde den sórt sin a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir lena chruthú nach raibh an caitheamh/chóireáil idirdhealaitheach/leatromach. Maidir le héileamh idirdhealaithe ar fhorais an mhíchumais, ní mór don Ghearánach a chruthú ar dtús go bhfuil míchumas aige, mar a shainmhínítear in a.2 ASC, agus sa dara háit, gur caitheadh leis go leatromach/idirdhealaitheach.



Thug an OB faoi deara nár chuir an Freagróir in aghaidh go raibh an Gearánach faoi mhíchumas. Maidir leis an gcaitheamh idirdhealaitheach líomhnaithe, thug an OB faoi deara go bhforáiltear le halt 4(1) ASC “go bhfolaíonn idirdhealú diúltú nó teip ag soláthraí seirbhíse gach rud atá réasúnta a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine faoi mhíchumas trí fhreastal nó saoráidí speisialta a sholáthar, dá mba rud é go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair don duine leas a bhaint as an tseirbhís gan socruithe speisialta den sórt sin.” Ach bheadh sé réasúnta dá ndiúltódh soláthraí seirbhíse nó dá dteipfí air socruithe speisialta nó saoráidí a sholáthar dá mbeadh costas ann a bheadh níos airde ná an costas ainmniúil dá bharr sin.

Chinn an OB go raibh comhréiteach réasúnta á lorg ag an nGearánach agus bhí sé cinnte go gcuirfí sin ar fáil dó. Cé gur thairg an Freagróir leithscéal bailí maidir le míchumarsáid, ní dhearnadh aon iarracht éascaíocht a dhéanamh ar an nGearánach in ainneoin go raibh eolas iomlán ag an bhFreagróir ar mhíchumas an Ghearánaigh. Sna chás seo, chinn an OB go raibh iompar an Fhreagróra idirdhealaitheach/leatromach agus bhronn sé €3,000 mar chúiteamh. D’ordaigh an OB don Fhreagróir freisin a chinntiú go gcuirfí oideachas ar gach ball foirne maidir le hoibleagáidí an Fhreagróra faoin ASC, le béim ar leith ar an ngá atá le cóiríocht réasúnta a sholáthar do othair faoi mhíchumas.

[Bernard Gilroy v. Decathlon Sports Ireland Limited, ADJ-00035357](#)

## Eochairfhocail

Idirdhealú, míchumas, Covid-19, masc a chaitheamh, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018.

## Cúlra

Rinne an Gearánach gearán go ndearnadh idirdhealú ina aghaidh ar fhorais a mhíchumais nuair a d’iarr foireann shiopa an Fhreagróra air masc aghaidhe a chaitheamh.

Ar 19 Lúnasa 2020, thug an Gearánach agus a theaghlach cuairt ar shiopa an Fhreagróra. Ní raibh sé ag caitheamh masc aghaidhe. Chuaigh garda slándála chun cainte leis an nGearánach agus d’iarr air masc a chur air mar ba é sin an dlí ag an am. D’fhreagair an Gearánach go raibh sé díolmhaithe ó mhasc aghaidhe a chaitheamh mar gheall ar chúis sláinte ach dhiúltaigh sé aon sonraí a thabhairt faoin riocht sláinte. D’iarr bainisteoir arís ar an nGearánach masc aghaidhe a chaitheamh agus d’iarr sé teastas dochtúra a fheiceáil mar gurbh é polasaí an tsiopa é. Dhiúltaigh an Gearánach, á rá nach raibh aon ghá ceann a sholáthar. I ndeireadh na dála, chuir an bainisteoir in iúl don Ghearánach nár pholasaí an tsiopa é seo agus dúradh leis an nGearánach go raibh sé saor chun leanúint ar aghaidh.

D’áitigh an Freagróir nach raibh idirdhealú déanta in aghaidh an Ghearánaigh mar gur tugadh cead dó fanacht san áitreabh. Bhí iarratais agus fiosrúcháin na foirne maidir le bunús na díolúine dleathach i rith an ama.

## Torthaí

Bhí an OB sásta go raibh an Freagróir ag cur seirbhís ar fáil de réir bhrí na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 (“ESA”). Sainmhíneann Alt 3(1)(a) ESA caitheamh idirdhealaitheach/leatromach mar chaitheamh le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach le duine eile ar chúis idirdhealaitheach. Is cúis/foras idirdhealaitheach é míchumas, de réir a.3(2)(g) ASC. De bhun a.38A ASC, ní mór don Ghearánach príomhfhiricí a ardaíonn toimhde idirdhealaithe a chruthú. Má tá tábhacht shuntasach sna fíricí cruthaithe chun toimhde den sórt sin a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir lena chruthú nach raibh an caitheamh idirdhealaitheach.

Cé gur luaigh an Gearánach go raibh míchumas air, bhí an OB sásta, bunaithe ar an bhfianaise, nár cuireadh aon fhianaise sláinte ar fáil don Fhreagróir ag an am. Mar sin de, ní raibh an Freagróir ar an eolas faoi mhíchumas ar bith. Dhearbhaigh an Gearánach gan bhunús go raibh sé díolmhaithe ó mhasc a chaitheamh. Dá bharr sin, chinn an OB gur theip ar an nGearánach cás idirdhealaithe prima facie a bhunú. Ina theannta sin, thug an OB faoi deara go tugadh cead don Ghearánach dul isteach sa siopa agus fanacht san áitreabh agus, mar sin de, theip air fianaise a sholáthar a thaispeánfadh gur chaith an Freagróir leis ar bhealach nach raibh chomh fabhrach.

Dalta (mionaíseach) v. Bunscoil,  
ADJ-00021398

## Keywords

Idirdhealú, míchumas, Siondróm Down, oideachas, comhréiteach réasúnta, cuimsiú, Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018.

## Cúlra

Bhí an Gearánach, a bhfuil Siondróm Down uirthi, ina dalta i scoil an Fhreagróra ó Mheán Fómhair 2016 go dtí Aibreán 2019 nuair a bhain a tuismitheoirí amach as an scoil í. Agus í ag gníomhú thar ceann an Ghearánaigh, mhaígh máthair an Ghearánaigh go ndearnadh idirdhealú ina coinne nuair a shéan an Freagróir comhréiteach réasúnta dá míchumas agus gur diúltaíodh rochtain ar oideachas di.

Bhunaigh an scoil stáisiún oibre don Ghearánach i bhforhalla na scoile, lasmuigh den seomra ranga. Thug an Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) fianaise gur chaith an Gearánach cuid mhór ama á múineadh ag an CRS i spás an fhorhalla. Dúirt máthair an Ghearánaigh nár chuir an scoil í ar an eolas faoi spás an fhorhalla.

Thug múinteoir cuairte agus Oifigeach Oideachais ó Down Syndrome Ireland fianaise gur neamhghnách an rud é agus nach den ghnáthchleachtas é stáisiún oibre a bheith ann do leanbh lasmuigh den seomra ranga. Thug an tOifigeach Oideachais fianaise freisin gur dhiúltaigh an Príomhoide a cabhrú a thairiscint sa chás.

Mhaígh an Freagróir gur chuir an scoil an tseirbhís oideachais is fearr ar fáil don Ghearánach nuair a chuirtear san áireamh na hacmhainní a bhí ar fáil. Thug an Príomhoide fianaise nach raibh ach 1.83 post CRS ag an scoil do gach scoláire le riachtanais speisialta. Ba chú go gcuirfí an Gearánach sa “Spás Foghlama” mar go bhféadfadh sí a bheith glórach, lig sé di bogadh thart agus d’iompair an Gearánach í féin go míchuí agus go trodach. Uaireanta bhrúdh agus thabharfadh sí iarraidh ar dhaltáí eile a bhualadh. Dúirt múinteoir amháin go ndearna an Gearánach iarracht í a bhualadh. D’admhaigh an Príomhoide, áfach, nár thuairiscigh sé iompar dá leithéid dá tuismitheoirí. Thug an Múinteoir Oideachais Speisialta agus an Múinteoir Ranga fianaise freisin gur shocraigh siad gur cheart don Ghearánach níos mó ama a chaitheamh sa “Spás Foghlama” toisc nach raibh sosanna gluaiseachta sa seomra ranga ag oibriú amach agus bhí an Gearánach glórtha agus go raibh sé furasta a haird a bhaint de rud.

## Torthaí

Ba í an phríomhcheist sa chás seo ná an raibh bearta an Fhreagróra ina socrú réasúnta a d’fhreastal ar riachtanais an Ghearánaigh agus nár bhain sin den cheart s’aici oideachaia fháil.

Thug an OB faoi deara go bhfuil toimhde reachtúil ann go gcuirfí oideachas ar leanbh le riachtanais speisialta i suíomh príomhshrutha. Cuireann Alt 4 de na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 (“ASC”) mar oibleagáid ar sholáthraí seirbhíse, lena n-áirítear scoil, gach rud atá réasúnta a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine faoi mhíchumas trí shocru nó áiseanna speisialta a sholáthar. Mar sin féin, forálann alt 4(4) sa chás go bhféadfadh duine faoi mhíchumas dochar a dhéanamh dó/di féin nó do dhaoine eile, nach idirdhealú é caitheamh le duine ar bhealach difriúil a fhad is nach gcruthaíonn sin féin idirdhealú maidir leis an dochar a chosc.

Forálann Alt 7 go sonrach nach ndéanfaidh foras oideachais idirdhealú maidir le hoideachas a sholáthar. Mar sin féin, forálann alt 7(4)(b) eisceacht sa chás go mbeadh drochthionchar tromchúiseach ag an gcomhlíonadh maidir le dalta faoi mhíchumas ar sheirbhísí a sholáthar do dhaltáí eile.

Bhí an OB sásta go raibh cás prima facie bunaithe ag an nGearánach mar gur chaith an Gearánach an chuid is mó dá cuid ama sa “Spás Foghlama” lasmuigh den seomra ranga agus, mar sin de, fágadh amach ó idirghníomhartha sóisialta agus foghlaim lena comhdhaltaí í.

Bhreithnigh an OB an freastal difriúil a bheith inhcosanta ar an ábhar go bhféadfadh an Gearánach dochar a dhéanamh do dhaoine eile. Thug an OB faoi deara go raibh coimhlint shuntasach san fhianaise idir an CRS agus an Príomhoide ach b’fhearr leis fianaise an CRS maidir le hiompar laethúil an Ghearánaigh. Thug an OB faoi deara go raibh ról riaracháin ag an bPríomhoide seachas ról teagaisc agus gur thug sé tuairiscí doiléire athlámhe. Chinn an OB, cé go bhféadfaí iompar an Ghearánaigh a rangú mar dhúshlánach, nach raibh sé contúirteach ná dochrach.

Ghlac an OB leis go bhféadfadh go mbeadh níos mó acmhainní ag an scoil maidir le múinteoirí CRS. Mar sin féin, bhí oibleagáid ar an bhFreagróir cuimsitheacht a sholáthar san oideachas príomhshrutha agus, dá réir sin, ba cheart go mbeadh spás foghlama an Ghearánaigh lonnaithe sa seomra ranga. Ní raibh rochtain ag an nGearánach ar a múinteoir ná ar a piaraí. Bhí dearcadh cosantach ag an bhFreagróir maidir leis an diúltú glacadh le tairiscint réasúnta tacaíochta ó Down Syndrome Ireland.

Bhí an OB sásta go bhféadfadh stáisiún oibre sa seomra ranga freastal réasúnta a dhéanamh ar an nGearánach agus nár cheart é a tharraingt siar ach amháin nuair a bhí sí tuirseach nó trioblóideach go leor, de bheart a bheadh neodrach ó thaobh costais de. Dá réir sin, theip ar an bhFreagróir an toimhde idirdhealaithe a bhréagnú. Ina theannta sin, chinn an OB gur sháraigh an Freagróir a oibleagáidí i leith an Ghearánaigh trí chiorrú a dhéanamh ar an deis s'aici rochtain iomlán ar oideachas a fháil.

Nuair a bhíonn imthosca géaraitheacha sa chás, lena n-áirítear gur theip ar an scoil dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí chomh maith leis an gcomhairle a fuair an scoil faoi chontúirt an eisiaimh, bhronn an OB €12,000 mar chúiteamh.

## Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 - Cúnamh Tithíochta

Tionónta le Stádas Dídeanaí v. Tiarna Talún Beag, ADJ-00028448

### Eochairfhocail

Idirdhealú, foras cúnamh tithíochta, neamhchomhlíonadh reachta eile nach cosaint ar ghearán é, idirdhealú é diúltú do ghlacadh le haistriú idir cineálacha éagsúla íocaíochta cúnamh tithíochta sainithe, léirmhíniú reachtúil, reachtanna sóisialta feabhais, ss. 3 agus 6 Acht um Stádas Comhionann 2000 go 2018.

### Cúlra

Bhí an Gearánach ina tionónta ag an bhFreagróir ó 2014, agus rinne sí gearán go ndearna an Freagróir idirdhealú ina coinne faoin 'fhoras cúnamh tithíochta' trí dhiúltú an fhoirm a theastaíonn chun leas a bhaint as an Íocaíocht Cúnamh Tithíochta ("ÍCT") a chomhlánú/a shíniú.

Bhí an Gearánach ag fáil forlíonadh cíosa ach ó 2018 d'iarr sí ar a tiarna talún glacadh le ÍCT. Dhiúltaigh an Freagróir toisc go dtugann ar thiarna talún a dheimhniú go gcomhlíonann an chóiríocht caighdeáin reachtúla tithíochta agus go raibh taise san árasán.

Ó Mhárta 2020, tar éis measúnú acmhainne, laghdaíodh forlíonadh cíosa an Ghearánaigh. Ina dhiaidh sin, bhí sí ag íoc níos mó dá cíos ná mar a bheadh sí ag fáil faoi ÍCT. I bhFeabhra 2021, bronnadh Liúntas Cúramóra ar an nGearánach chun aire a thabhairt dá máthair thinn agus tháinig deireadh lena teidlíocht ar fhorlíonadh cíosa i Meitheamh 2021.

Mhaigh an Gearánach go ligfeadh solúbthacht ÍCT di aire a thabhairt dá máthair agus a cuid uaireanta oibre agus a hioncam a mhéadú agus gan a cóiríocht a chur i gcontúirt.

Chuir an Freagróir dhá fhoras cosanta chun tosaigh: 1) ní raibh sé in ann an fhoirm ÍCT a chomhlánú toisc nár chloigh an réadmhaoin le caighdeán reachtúla tithíochta; agus 2) bhí sé ag brath ar chinneadh Celine Murphy v. Michael O'Toole, ADJ-00027797 á mhaíomh, toisc go raibh an Gearánach ag fáil forlíonadh cíosa roimhe seo, rud ar ghlac sé leis, nach bhféadfadh le hidirdhealú teacht aníos.

## Torthaí

Bhreithnigh an OB na forálacha reachtacha ábhartha ar dtús. Forálann Alt 6(1) de ASC nach ndéanfaidh duine idirdhealú maidir le cóiríocht a sholáthar agus leagtar amach in alt 6(2) liosta cuimsitheach d'eisiaimh. Leagann Alt 3 amach na forais idirdhealaithe lena n-áirítear an 'foras cúnamh tithíochta'. I ngearán idirdhealaithe, de réir a.38A, ní mór don Ghearánach na príomhfhíricí a chruthaíonn toimhde idirdhealaithe a chruthú ar dtús. Má tá tábhacht shuntasach sna fíricí cruthaithe chun toimhde a ardú, aistrítear an dualgas chuig an bhFreagróir lena chruthú nach raibh an caitheamh/chóireáil idirdhealaitheach.

Chinn an OB go raibh toimhde idirdhealaithe bunaithe ag an nGearánach: b'ionann diúltú leanúnach an Fhreagróra an fhoirm ÍCT a chomhlánú/a shíniú agus cóiríocht nach raibh chomh fabhrach sin. Thug an OB aghaidh ansin ar an dá chosaint a chuir an Freagróir chun tosaigh.

Gan cloí le caighdeán reachtúla tithíochta

Thug an AO faoi deara nár luaigh an Freagróir aon bhonn reachtúil ná cásdlí a thacaigh lena áitiú go bhfeidhmíonn comhlíonadh na gcaighdeán tithíochta reachtúla mar chosaint. Níl an chosaint seo san áireamh sa liosta cuimsitheach cosaintí atá leagtha amach in ASC s.6 agus dá ligfí do thiarnaí talún sárú reachta eile a lua chun gearáin faoi idirdhealú a sheachaint, chloífeadh sé cuspóir na reachtaíochta.

Ghlac an tiarna talún cheana féin le forlíonadh cíosa

In Celine Murphy v. Michael O'Toole, chinn an OB go bhforáiltear le S. 3 ASC nach féidir idirdhealú a dhéanamh ar dhuine aonair má tá forlíonadh cíosa, cúnamh tithíochta nó aon íocaíocht á fháil acu faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh ach ní fholárann sé rogha sainráite 'agus/nó' idir na trí chineál íocaíochtaí seo. Mar sin de, a luaithe a ghlac tiarna talún le híocaíocht tithíochta de chineál amháin, tá comhlíonadh an ASC ann agus ní féidir le diúltú bogadh chuig íocaíocht shainithe dhifriúil a bheith idirdhealaitheach.

Sa chás seo, dhiúltaigh an OB an réasúnaíocht seo a leanúint. Thug an OB faoi deara go bhforáiltear le s.5 den Acht Léirmhínithe 2005, i gcás ina mbeadh léirmhíniú litriúil áiféiseach nó go dteipfeadh air rún simplí an Oireachtais a léiriú, forléireofar an fhoráil chun rún simplí an Oireachtais a léiriú. Thagair an OB freisin do chur chuige cuspóiriúil na nUaschúrteanna maidir le léirmhíniú a dhéanamh ar 'reachtanna sóisialta feabhais'.

Dá réir sin, chinn an OB go bhféadfadh léirmhíniú cúng litriúil ar ss.3 agus 6 ASC "neamhní do thionóntaí ... cé a chaithfidh bogadh ó chineál amháin íocaíochta cúnamh tithíochta go híocaíocht shainithe eile níos oiriúnaí dá riachtanais ar leith." Dá bhrí sin, ní mór s.3 ASC a léirmhíniú mar thionóntaí reatha a mheastar a bheith i dteideal ÍCT, is cuma an bhfuil aon íocaíocht á fáil acu faoi láthair nó an raibh aon íocaíocht faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh á fáil acu roimhe. Chun é a léirmhíniú ar shlí eile, chuirfeadh sé cosc ar thionóntaí atá ann cheana féin ar gá dóibh bogadh ó chineál amháin íocaíochta go cineál eile níos oiriúnaí dá riachtanais a gcearta a chur i bhfeidhm faoin ASC. Bheadh iarmhairtí díobhálacha neamhbheartaithe mar thoradh air sin. Chinn an OB nach gá aon rún idirdhealú a dhéanamh a bhunú: ní bhaineann sé le hábhar gur ghlac forlíonadh cíosa leis roimhe seo. Is é an gníomh diúltaithe agus na hiarmhairtí díobhálacha a thagann ón diúltú sin is cúis leis an idirdhealú.

Chinn an OB go ndearna an Freagróir leatrom/ idirdhealú ar an nGearánach nuair a dhiúltaigh an fhoirm ÍCT a chomhlánú/a shíniú. Agus é ag cur san áireamh go raibh an Gearánach an-leochaileach, chinn an OB go raibh an t-idirdhealú ag pointe níos tromchúisí ar an scála agus d'ordaigh sé don Fhreagróir €10,000 a íoc.

# Aguisín

# 4

## Dúshlán Dílthiúla don WRC in 2022

---

*Ammi Burke v Oifigeach Breithnithe agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Arthur Cox LLP (Fógra Pairtí) [2022] IEHCC45*

### Eochairfhocail

Athbhreithniú breithiúnach, costais, seoladh na dlíthíochta, deilbh, tábhacht phoiblí ghinearálta, *Zalewski v. An Adjudication Officer [2021] IESC 24; [2021] 32 E.L.R. 213.*

### Cúlra

Rinne an Gearánach aighneacht os comhair an WRC go ndearna Páirtí an Fhógra í a scor go héagothrom. Chuala an Chúirt Uachtarach a héileamh i bpáirt tráth a thug a cinneadh in *Zalewski v. An Adjudication Officer [2021] IESC 24; [2021] 32 E.L.R. 213* a dhaingnigh nár bhunreachtúil gan foráil bheith ann maidir le mionn a thógáil os comhair an WRC. I bhfianaise an chinnidh seo, agus tráth a mbeifear ag fanacht le reachtaíocht a leasaithe, chuir an OB a sannadh le haghaidh aighneacht an Ghearánaigh a éisteacht go mbeadh tús as an nua le cur leis an éisteacht os comhair oifigeach breithiúnach eile. Thionscain an Gearánach imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh mar dhúshlán don chinneadh seo agus ag iarraidh ordaithe a threoródh an OB dul i mbun an aighneacht a éisteacht arís. Rinne *Simons J* na himeachtaí a dhíbheadh ina n-iomláine ach iarraidh aighneachtaí faoi cheist na gcostas.

## Torthaí

Maidir le socrú a dhéanamh faoi chostas na n-imeachtaí, rinne Simons J breithniú faoi trí cinn d'fhachtóirí

- (i) seoladh na dlíthíochta;
- (ii) Deilbhe bheith luaite leis an iarrthóir; agus
- (iii) pointí a bhfuil tábhacht phoiblí ghinearálta bheith ardaithe ag an dlíthíocht.

Maidir le seoladh na dlíthíochta, thug Simons J don aire go bhfuil sin ar na fachtóirí atá le breithniú ag an gcúirt féin mar a fhoráilte in s.169 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlíthiúla 2015. Sa chás go bhfuil páirtí, lena iompar féin, bheith ina chúis leis an bpáirtí eile bheith thíos le costais bhreise neamhriachtanacha, is féidir go meafadh an chúirt gur den cheartas go n-iarrfaí aisíoc na gcostas sin. Chinn Simons J go ndearna an Gearánach roinnt líomhaintí tromchúiseacha in aghaidh an OB agus an WRC. Bhí na Freagróirí agus Páirtí an Fhógra i dteideal na líomhaintí sin a fhreagairt agus, dá réir sin, cuireadh fad leis an éisteacht agus bhí costais mhéadaithe i gceist.

Maidir leis an deilbhe a luadh leis an iarrthóir, luaigh Simons J arís nach cúis é easpa acmhainn airgeadais an iarrthóra nach gcuirfí i bhfeidhm na gnáthrialacha i dtaca le costais. Níl sé ar na critéir atá liostaithe in s.169. Thug sé don aire gur shuntasach an rud é seo i gcomhthéacs éilimh ar scor éagothrom sa chás gur bunaíodh sainchóras reachtúil chun dul i mbun éilimh dá leithéid gach baol ann go mbeadh ordú faoi chostais dul i d'aghaidh. Bhí an deis ag an iarrthóir dul i mbun a héilimh ar scor éagothrom i gcomhthéacs nach ngearrfaí costais ar bith ann.

Maidir leis an bpointe dheireanach, thug Simons J don aire go bhfuil sé dearbhaithe le gairid ag an gcúirt Achomhairc, in *Lee v. Revenue Commissioners* [2021] IECA 114 (gan tuairisc, 16 Aibreán 2021) go bhfuil dlínse eisceachtúil ar coinneáil ag na cúirteanna imeacht ón riail ghinearálta i dtaca le costais sa chás go bhfuil tábhacht ghinearálta phoiblí i gceist sna himeachtaí. Ar na fachtóirí is féidir a chur sa mheá, tá cé acu is dócha a bheidh tionchar ag saincheisteanna na dlíthíochta ar an saghas daoine a mbeidh baint ag na ceisteanna dlíthiúla leo oiread agus a chuirfeadh ó dhoras iad.

Seoladh na himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh seo i gcomhthéacs éileamh reachtúil ar scor éagothrom. I bhfianaise a theoranta atá an cúiteamh is féidir a athshlánú in éileamh scor éagothrom, shocraigh Simons J gur dócha, dá ndéanfaí an bunseasamh maidir le costais a chur i bhfeidhm go róghéar, go gcuirfí ana-chuid de lucht éilimh ó dhoras maidir le himeachtaí breithnithe breithiúnaigh a sheoladh, agus dá bhun sin, is féidir go mbeadh pointí tábhachtacha dlí gan fuascailt. Níor mhór seo a chur i gcothromaíocht le ceart na bpáirtithe eile gan dochar a bheith orthu ag dlíthíocht chostasach gan mhaith.

Sa chás áirithe seo, bhí Simons J sásta gur den tábhacht phoiblí ghinearálta na himeachtaí, i bpáirt, sa mhéid gur breithníodh leo na himpleachtaí praiticiúla le héilimh a chualathas i bpáirt sa WRC i gcinneadh Zaleski na Cúirte Uachtaraí, agus an reachtaíocht leasaithe ina dhiaidh sin. Thug an phríomhbhreith treoir a bhí ag baint le héilimh eile a chualathas i bpáirt, agus dhearbhaigh gur cheart an cur chuige a bhí ag an WRC i dtaca leis sin. Thug Simons J don aire, mar sin féin, sa chás nach mbeadh faoi chaibidil sna himeachtaí ach an cheist seo, ní bheadh sé tar éis ordú a dhéanamh i leith costas i bhfabhar an WRC. D'iarr an iarrthóir, áfach, ar bhealach míchóir, dúshlán a thabhairt do rialacháin próisis eatramhaigh an OB agus rinne líomhaintí tromchúiseacha faoin OB agus an WRC. Ní hionann imeachtaí ceist tábhachta poiblí ghinearálta a ardú agus cead dlíthíocht a sheoladh ar bhealach místuama.

I bhfianaise na ndálaí sin, thug Simons J treoir don iarrthóir trian de chostais thomhaiste an WRC a íoc, agus dhá thrian de chostais thomhaiste Pháirtí an Fhógra.

# Aguisín

# 5

## Reachtaíocht trínar féidir gearáin a chur faoi bhráid na Seirbhíse Breithnithiúcháin

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 Achtanna um Dhífhostú Éagórach

---

An tAcht um Chaidreamh Tionscail An tAcht um Íoc Pá, 1991

---

An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéise), 1994 Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta

---

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta

---

An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973

---

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú), 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003) (seachas Rialachán 4(4)(a))

---

Na hAchtanna um Stádas Comhionann

---

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Seasta), 2003

---

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000

---

Rialacháin 5, 8, 9, 10, 11 nó 12 de na Rialacháin um Chomhphobail Eorpacha (Iompar Bóthair) (Eagrú Am Oibre Daoine a dhéanann Gníomhaíochtaí Iompair Bóthair Soghluaiste), 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012)

---

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 An tAcht um Chosaint Máithreachais, 1994

---

An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998

---

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001

---

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Shealadach na Gníomhaireachta), 2012

---

Pobail Eorpacha (Eagrú Am Oibre) (Foireann Soghluaiste san Eitlíocht Shibhialta)

---

Rialacháin, 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)

---

Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaíocht a Chosaint), 2000 (I.R. Uimh. 488 de 2000)

---

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

---

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Am Oibre) (Gníomhaíochtaí Dochtúirí in Oilíúint), 2004 (I.R. Uimh. 494 de 2004)

---

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre na nOibríthe Soghluaiste atá ag gabháil do Sheirbhísí Trasteorann Idir-inoibrítheacha san Earnáil Iarnróid), 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2009)

---

An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006

---

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 Achtanna Pinsean

---

An tAcht Sláinte, 2004

---

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011 ag tabhairt faoi deara go bhfuil an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018 mar chuid de Sceideal 1 d'Acht 2011

---

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (tuairisciú, Anailís agus Leanúint Tarluithe san Eitlíocht Shibhialta) 2020 (I.R. 195/2020) i ndáil le gearán faoi shárú ar Airteagal 16(9) de rialacháin an AE 376/2014

---

An tAcht Iomaíochta, 2002 An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001

---

Cosaintí do Dhaoine a Thuairiscíonn an tAcht um Mhí-Úsáid Leanáí, 1998

---

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984

---

An tAcht um an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 An tAcht um Cheimiceáin, 2008

---

Rialachán 19 de na Rialacháin um Chomhphobail Eorpacha (Cuideachta Eorpach faoi dhliteanas Teoranta) (Rannpháirtíocht fostaithe), 2006 (I.R. Uimh. 623 de 2006)

---

Rialachán 20(1) de na Comhphobail Eorpacha (Cumann Comharchumann Eorpach)

---

(Rannpháirtíocht fostaithe) Rialacháin, 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)

---

An tAcht um Charthanais 2009

---

Rialachán 39(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Trasteorann), 2008

---

(I.R. Uimh. 157 de 2008)

---

An tAcht um Iascaigh Intíre 2010

---

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996

---

Ordú Rialacháin Fostaíochta faoi S.42C (arna chur isteach ag S.12 den Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2012) den Acht um Chaidreamh Tionscail, 1946

---

Ordú fostaíochta earnála de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 2 den Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2015

---

An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialachán), 2011

---

An tAcht um Íoc Pá (Leideanna agus Gratuities) 2022

---



Na Rialacháin um Fhaisnéis maidir le Bearna Pá Inscne 2022

An tAcht um Shaoire Bhreiteachta 2022

An tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Coinníollacha Oibre Trédhearcacha agus intuatha) 2022

An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021

Orduithe um Rialáil Fostaíochta 2022

An tAcht um Shaoire Uchtála, 1995

An tAcht um an mBanc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú), 2013

Comhaontú fostaíochta cláraithe de réir bhrí Chaibidil 2 de Chuid 2 den Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2015

An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhairliúchán a Sholáthar), 2006

An tAcht um Chosaint Fostaíochta, 1977

An tAcht um Fhaisnéis Trasnáisiúnta agus Comhairliúchán Fostaithe, 1996

An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013

## Alt I. Nóta Míniúcháin

Eascaíonn an bunús reachtach chun gearáin agus díospóidí a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC lena bhreithniú ó roinnt achtachán éagsúil lena n-áirítear an tAcht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015, an tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977, an Fhostaíocht An tAcht Comhionannais 1998, an tAcht um Stádas Comhionann 2000, an tAcht Pinsean 1990, an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984, an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 agus an tAcht um Chaidreamh Tionscail 1969.

Tá an bunús reachtach chun gearáin agus díospóidí a atreorú faoin gcuid is mó de na hachtacháin a bhfuil dlínse chéadchéime ag Ard-Stiúrthóir an WRC ina leith á rialú ag Ard-Stiúrthóir an WRC forálacha Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015 (Uimh. 16 de 2015).

Cruthaíonn Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015 nós imeachta coiteann chun gearáin a chur i láthair agus díospóidí faoi phíosáí éagsúla reachtaíochta fostaíochta a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC.

Tá na hachtacháin fostaíochta aonair faoinair féidir le duine gearán a thionscnamh nó díospóid a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an WRC de réir fhorálacha Alt 41 liostaithe i Sceideal 5 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre, 2015.

Leasaíodh forálacha Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015 le hAlt 24(b) den Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 329 de 2015) agus Alt 20(1)(g) den Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 411 de 2015)).

Eascaíonn an bunús reachtach chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 ó Alt 8 den Acht sin (tá forálacha iomchuí Alt 8 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 arna leasú le hAlt 80 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015 agus Ailt 14 agus 20(1)

(I) den Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 410 de 2015).

An bunús reachtach chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 eascaíonn sé as Alt 77 den Acht sin (leasaíodh forálacha iomchuí Alt 77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 le hAlt 83 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015).

Eascaíonn an bonn reachtach chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht um Stádas Comhionann 2000 ó Alt 21 den Acht sin (leasaíodh forálacha iomchuí Alt 21 den Acht um Stádas Comhionann 2000 le hAlt 84 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015).

Eascaíonn an bonn reachtach chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoi 44 an tAcht Pinsean 1990 ó Chuid VII den Acht sin (leasaíodh forálacha ábhartha Chuid VII den Acht Pinsean 1990 le hAlt 82 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015).

Eascaíonn an bonn reachtach chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 ó Alt 39 den Acht sin (leasaíodh forálacha iomchuí Alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 le hAlt 76 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015).

Eascaíonn an bonn reachtach chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht an Fhostóra) 1984 ó Alt 9 den Acht sin (leasaíodh na forálacha iomchuí d'Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht an Fhostóra) 1984 le hAlt 81 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015).

Eascaíonn an bunús reachtach chun díospóid trádála a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir an WRC faoin Acht um Chaidreamh Tionscail 1969 ó Alt 13 den Acht sin (leasaíodh forálacha iomchuí Alt 13 den Acht um Chaidreamh Tionscail 1969 le hAilt 8, 40(9) agus Sceideal 2 Cuid 1 Mír 2 den Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015).

# Aguisín

## 6

### Gearán a cuireadh faoi bhráid an WRC trí Reachtaíocht

Reachtaíocht a luaitear mar shásamh don Mholtóireacht	lomlán
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 6 den Acht um Íoc Pá, 1991	1833
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 27 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1592
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	1275
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 8 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1192
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 13 den Acht um Chaidreamh Tionscail, 1969	1177
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 7 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994	1054
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoin Acht um Stádas Comhionann Alt 21, 2000	506
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	484
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 12 den Acht um Fhógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta, 1973	466
Iarratas ar imscrúdú a rinne Cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre faoin Acht um Íoc Pá, 1991.	399
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi na hAchtanna um Chaidreamh Tionsclaíoch	309

Iarratas ar imscrúdú a rinne Cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	271
Imscrúdú ag Cigire faoin Acht um Íoc Pá, 1991	233
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Rialachán 10 de na Rialacháin um Chomhphobail Eorpacha (Fostaithe a Chosaint ar Aistriú Gnóthas) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)	204
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 9 den Acht um Chaidreamh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004	171
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 14 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Seasta), 2003	160
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 28 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair, 2005	152
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 45A den Acht um Chaidreamh Tionscail, 1946	115
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 2 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014	96
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 23 den Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2015	96
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Rialachán 18 de na Rialacháin um Chomhphobail Eorpacha (Iompar Bóthair)(Eagrú Am Oibre Daoine a dhéanann Gníomhaíochtaí Iompair Bóthair Soghluaiste) 2012 - I.R. Uimh.	80
Iarratas ar imscrúdú a rinne Cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.	72
Iarratas ar imscrúdú a rinne Coimisiún Caidrimh san Ionad Oibre faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéise), 1994	59
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 16 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	55
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 24 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	55
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 81E den Acht Pinsean, 1990 arna leasú leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004	43
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 25 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Shealadach na Gníomhaireachta), 2012	39
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi alt 86 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	36
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 18 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998	29
Iarratas ar imscrúdú a rinne Cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre.	26
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Rialachán 15 de na Rialacháin um Chomhphobail Eorpacha (Eagraíocht Ama Oibre) (Foireann Soghluaiste san Eitlíocht Shibhialta) 2006 - I.R. Uimh.	23
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 30 agus 31 den Acht um Chosaint Máithreachais 1994	23

Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 11A den Acht um Chosaint Fostaíochta 1977	22
Iarratas ar imscrúdú a rinne Cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre faoin Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	16
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 2 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011	14
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 18A den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	14
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 20(1) den Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú), 2015	13
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 62(2) den Acht Carthanais 2009	12
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Rialachán 8 de na Pobail Eorpacha (Coinníollacha Oibre na nOibrithe Soghluaiste a bhí ag gabháil do Sheirbhísí Trasteorann Idir-inoibritheach san Earnáil Iarnróid), 2009-SI Uimh.	11
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht na bhFostóirí), 1984.	11
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 6(1) den Acht um Éilliú (Leasú) a Chosc (Leasú), 2010	10
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 3 den Acht um Fhostaithe (Soláthar Faisnéise & Comhairliúcháin), 2006	9
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 24 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	9
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 2 den Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006	8
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Chuid 14 Alt 103(55M) den Acht Sláinte, 2007	7
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre SI Uimh.	6
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal III den Acht Iomaíochta, 2002-2010	6
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 67(5) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialachán), 2011	6
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 6 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	5
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 19 den Acht um Shaoire an Chúramóra 2001	5
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 27 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016	5
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 8(1) de na Rialacháin um Chomhphobail Eorpacha (Coinníollacha Oibre na nOibrithe Soghluaiste atá ag gabháil do Sheirbhísí Trasteorann Idir-inoibritheach san Earnáil Iarnróid) 2009 - I.R. Uimh.	5

Iarratas ar imscrúdú a rinne Cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaíocht a Chosaint) 2000	4
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 18 den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	3
Gearán ag lorg breithnithe ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Chuid 3 Alt 20 de na Rialacháin (Cumann Comhoibríthe Eorpacha)(Rannpháirtíocht Fostaithe) 2007	2
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 4(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuirisciú Tarlú san Eitlíocht Shibhialta) 2020	2
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 5 den Acht um an mBanc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú), 2013	2
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 32 den Acht um Shaoire Uchtála, 1995	2
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 35 den Acht Breisoideachais agus Oilúna 2013	2
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 4 den Acht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanai, 1998	2
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 2 de Na Rialacháin um Chomhphobail Eorpacha (Cuideachta Eorpach um Dhliteanas Teoranta) (Rannpháirtíocht Fostaithe) 2006	1
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 2 Alt 1 den Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta Sócmhainní, 2009	1
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Sceideal 4 Alt 1(2) den Acht lascaigh Intíre, 2010	1
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 23 den Acht um Shaoire agus Sochar do Thuismitheoirí 2019	1
Gearán ag lorg breithniú ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Alt 26 den Acht Ceimiceán, 2008	1
Eile/Gan a bheith sonraithe	247
<b>Móriomlán</b>	<b>12790</b>



The logo for the Workplace Relations Commission (WRC) features the letters 'WRC' in a bold, sans-serif font. The 'W' is dark blue, the 'R' is green, and the 'C' is dark blue.

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission